28	C2.I1: Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht	Cuspóir sonrach	Tionscadail a chuir FBManna nuálacha agus institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde i gcrích		Líon	0	15	R2	2026	Tionscadail atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na ceanglais faoi garsprioc 27. Áireofar orthu sin 12 thionscadal ó FBManna nuálacha agus 3 thionscadal Nasctha.
29	C2.I1: Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht	Cuspóir sonrach	Síniú conarthaí le hinstitiúidí ardoideachais taighde		Líon	0	9	R4	2022	<p>Síniú conarthaí le 9 n-institiúid ardoideachais taighde bunaithe ar chinneadh ó Chomhairle na nAíre.</p> <p>Is coiste meastóireachta a chuirfidh an nós imeachta maidir le roghnú na gclár nuálaíochta i gcrích, agus is coiste faireacháin a dhéanfaidh an faireachán a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na cláir nuálaíochta. Bunófar an dá choiste laistigh den Aireacht Oideachais agus Eolaíochta agus oibreoidh siad bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe piaraí.</p> <p>Leagfar síos i ngach conradh na coinniollacha maidir leis na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích leis na cistí, bunaithe ar na cláir nuálaíochta arna dtíolacadh ag na hinstitiúidí ardoideachais. Cinnfear leo sin plean nithiúil le haghaidh forbairt taighde agus aistriú teicneolaíochta agus sonrúf iontu rannpháirtíocht i líonra i measc na naoi n-institiúid ardoideachais taighde, agus comhionannas inscne agus tábhacht nuálaíochtaí glasa á gcur san áireamh.</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
29a	C2.11: Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht	Cuspóir sonrach	Síniú conarthaí le hinstiúid ardoideachais taighde		Líon	9	10	Q2	2025	<p>Síniú conarthaí le hollscoil bhreise amháin bunaithe ar chinneadh ó Chomhairle na nAirí, ag cur leis an liosta de 9 n-institiúid ardoideachais mar a áirítear faoi Spríoc 29.</p> <p>Is coiste meastóireachta a chuirfidh an nós imeachta maidir le roghnú an chláir nuálaíochta i gcrích, agus is coiste faireacháin a dhéanfaidh an faireachán ina dhiaidh sin ar an gclár nuálaíochta. Bunófar an dá choiste laistigh den Aireacht Oideachais agus Eolaíochta agus oibreoidh siad bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe piaraí.</p> <p>Leagfar síos sa chonradh na coinníollacha maidir leis na gníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích leis na cistí, bunaithe ar an gclár nuálaíochta arna thíolacadh ag an institiúid ardoideachais. Cinnfear leis sin plean nithiúil le haghaidh forbairt taighde agus aistriú teicneolaíochta agus sonrúfar ann rannpháirtíocht i líonra i measc na ndeich n-institiúid ardoideachais taighde a chumhdaítear faoi Spríoc 29 agus Spríoc 29a, agus comhionannas inscne agus tábhacht nuálaíochtaí glasa á gcur san áireamh.</p>
30	C2.11: Clár chun dlús a chur leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gclaochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht	Cuspóir sonrach	Tuarascálacha ar chur chun feidhme na gClár Nuálaíochta		Líon	0	10	R2	2025	<p>Cuirfear i láthair sna tuarascálacha na torthaí a bhain gach ceann de na hinstiúidí ardoideachais taighde amach. Áireofar sna tuarascálacha faisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme agus na táscairí a baineadh amach do gach fochlár a áirítear i gclár oibre nuálaíochta straitéiseacha gach institiúide ardoideachais. Déanfaidh Coiste Faireacháin agus Meastóireachta na tuarascálacha a fhorghnó. Ullmhóidh comhaltai an Choiste tuarascáil ar dhul chun cinn gach ceann de na hinstiúidí ardoideachais taighde maidir lena gcláir nuálaíochta a chur chun feidhme agus</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										cuirfidh siad moltaí ar fáil maidir lena bhforbairt amach anseo. Foilseofar na tuarascálacha.
31	C2.I2: Cumas nuálaíochta Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú	Garsprioc	An tIonad Comhpháirteach Nuálaíochta uasghrádaithe laistigh d'Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire	An tIonad Comhpháirteach Nuálaíochta uasghrádaithe agus an tairseach leictreonach oibríochtúil				R2	2025	<p>Beidh uasghrádú an Lárionaid bunaithe ar mholtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le Measúnú Straitéiseach ar Lárionaid Inniúlachta agus Ionaid Barr Feabhais na Bulgáire agus ar mholtaí chun iad a fhorbairt a thuilleadh, 2021. Feidhmeoidh an Lárionad mar phointe fócasach d'Institiúidí Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire chun idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe gnó.</p> <p>Áireofar an méid seo a leanas ar phríomheilimintí an uasghrádaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— líon agus cáilíocht na foirne a mhéadú: ceathrar gairmithe, duine amháin le haghaidh gach ceann de na réimsí saineolais seo a leanas: cearta maoiníntleachtúla, tráchtáil na nuálaíochta, ceann le haghaidh aistriú teicneolaíochta ina ndírítear ar theicneolaíochtaí glasa agus digiteacha, ceann amháin le haghaidh theicneolaíocht na faisnéise, caidreamh le gnólachtaí agus le comhpháirtithe eolaíochta agus le hIonaid Barr Feabhais agus Inniúlachta;</li> <li>— trí chomhairle Eolaíochta agus Nuálaíochta a bhunú, a bhfuil speisialtóireacht éagsúil ag gach ceann acu agus atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí, chun gníomhaíochtaí an Lárionaid a chomhordú. Beidh siad freagrach as roghnú na dtionscadal nuálaíochta agus déanfaidh siad maoirseacht ar a gcur chun feidhme;</li> <li>— tairseach leictreonach oibríochtúil a bhunú le haghaidh cumarsáid le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara.</li> </ul>
32	C2.I2: Cumas nuálaíochta Acadamh	Garsprioc	Dáileadh candamach eochracha a chur in úsáid	Bealach optúil curtha in úsáid				R2	2025	Imscaradh an bhealaigh optúil um dháileadh candamach eochracha idir Lft Lárionad Sonraí A1 agus IR-BAS. Beidh an bealach optúil um dháileadh candamach eochracha idir Lft Lárionad

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú		bealach optúil							Sonraí A1 agus IR-BAS bunaithe ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Bonneagar Cumarsáide Candamaí na hEorpa (QCI) agus ar an bPlean Náisiúnta QCI.
33	C2.I2: Cumas nuálaíochta Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú	Garspríoc	Bonneagar taighde Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a athchóiriú	Oibreacha athchóirithe críochnaithe agus an ceadúnas oibriúcháin agus coimisiúnaithe a eisíodh				R2	2026	Cumhdófar leis na hoibreacha athchóiriú foirgnimh taighde fheidhmigh (Bloc 12 i gcampas ag BAS 4-th km); athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh ionaid taispeántais (bloc 29a sa champas ag 4-th km) BAS; trealamh taighde a cheannach, thart ar 4000 m <sup>2</sup> de réimse taighde a athchóiriú lena gcumhdaítear 14 institiúid taighde; agus feabhas a chur ar na naisc idirlín (líonra snáithín ardluais) agus ardán slándála DDoS a shuiteáil chun aistriú tapa slán sonraí móra a áirithiú laistigh d'Institiúidí Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire agus eatarthu.
34	C2.I2: Cumas nuálaíochta Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú	Cuspóir sonrath	Tionscadail taighde atá curtha i gcrích i réimse an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh		Líon	0	38	R2	2026	Tionscadail taighde a cuireadh i gcrích i réimse an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitighar Leibhéal na hUllmhachta Teicneolaí idir 5 agus 7. Beidh roghnú na dtionscadal oscailte agus iomaíoch agus déanfaidhcoistí meastóireachta é le rannpháirtíocht chomhaltaí na gComhairlí Eolaíochta agus Nuálaíochta agus na n-athbhreithneoirí piaraí atá bunaithe.  Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe na Treoirlínte Teicniúla 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus an ceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.  9.14 milliún a bheidh i méid iomlán an chistithe, agus 80 % (EUR 7.31 milliún) le haghaidh tionscadail aistrithe ghlais agus 20 % (EUR 1.82

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										milliún) le haghaidh tionscadail claochlaithe dhigitigh.

## C. COMHPHÁIRT 3: TIONSCAL CLISTE

Is é is aidhm do chomhpháirt an Tionscail Chliste de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire dálaí fabhracha a chruthú agus dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh infheistíocht phríobháideach sa Bhulgáir. Go háirithe, is é is aidhm don chomhpháirt infheistíochtaí tionsclaíocha a mhealladh agus éiceachórais thionsclaíocha a fhorbairt agus tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus le cuideachtaí meánchaipitlithe chun a dteicneolaíocht a nuachóiriú agus chun aistriú chuig cleachtais ghnó atá glas, ciorclach agus digiteach.

Cuidíonn na bearta a áirítear sa chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 3 ó 2019 ('Beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar nuálaíocht, [...] agus feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó') agus ar mholadh tírshonrach 3 de 2020 ('Streamline and accelerate the procedures to provide effective support for small and medium-sized enterprises and self-employed, ensure the continue access to finance and flexible payment arrangements' [Beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar nuálaíocht, [...] Infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh agus acmhainní atá glan agus éifeachtúil]).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

- Athchóiriú 1 (C3.R1): Creat dlíthiúil chun infheistíocht thionsclaíoch a mhealladh agus éiceachórais thionsclaíocha a fhorbairt

Is é cuspóir an athchóirithe dálaí fabhracha a chruthú d'fhiontrairthe, d'infheisteoirí agus d'institiúidí taighde i bpáirceanna tionsclaíocha trí chreat a bhunú chun éiceachórais thionsclaíocha a fhorbairt.

Bainfear é sin amach trí theacht i bhfeidhm an Achta Páirceanna Tionsclaíocha, lena rialófar tacaíocht agus dreasachtaí stáit a d'fhéadfadh a bheith ann chun infheistíocht a mhealladh i bpáirceanna tionsclaíocha; foráil a dhéanamh maidir le laghdú ar na nósanna imeachta is gá le haghaidh infheistíocht thionsclaíoch; agus na híoschaighdeáin a leagan síos maidir le hinfeistíochtaí i bpáirceanna tionsclaíocha chun tairbhe a bhaint as tacaíocht stáit.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe sin chun críche faoin 31 Márta 2021.

- Infheistíocht 1 (C3.II): Clár tacaíochta poiblí chun ceantair thionsclaíocha, páirceanna agus críocha comhchosúla a fhorbairt agus infheistíochtaí a mhealladh ('AttractInvestBG')

Is é is cuspóir don infheistíocht sin borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, poist nua a chruthú agus acmhainneacht onnmhairiúcháin na tíre a mhéadú trí dhálaí fabhracha a chruthú do na hinfeisteoirí sna páirceanna tionsclaíocha. Tá an infheistíocht ag cur le hAthchóiriú 1.

Is éard a bheidh san infheistíocht scéim deontais chun an bonneagar fisiceach, taighde agus digiteach a sholáthar sna páirceanna tionsclaíocha.

Roghnóidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis deich bpáirc nó crios tionscail (nua, á dtógáil nó ann cheana) agus a n-oibreoirí le haghaidh tacaíochta trí dheontais. Déanfar an roghnú ar bhonn próiseas poiblí, oscailte agus iomaíoch, ar bhonn critéir shoiléire roghnúcháin arna mbunú roimh ré. Déanfar an tionchar eacnamaíoch agus fostaíochta a mheastar a bheidh ag gach páirc/crios (bunaithe ar anailís) a áireamh i measc na bpríomhchritéar don roghnú.

Oibreoirí ionchasacha a dhéanann iarratas ar na deontais, áireoidh siad ina n-iarratais straitéis forbartha agus plean gnó le haghaidh na páirce tionsclaíche/an limistéir thionsclaíoch, lena n-áirítear i measc na gcritéar roghnúcháin anailísí ar an méid seo a leanas:

- An tionchar eacnamaíoch agus fostaíochta a mheastar a bheidh ag gach páirc/crios, lena n-áirítear an tionchar díreach agus an tionchar ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta;
- na gnólachtaí atá bunaithe cheana féin nó a bhfuil coinne leis go mbunóidh siad iad féin sa pháirc/sa chrios, bunaithe ar anailís shoiléir;
- na hoibreacha bonneagair atá beartaithe do gach páirc/crios, inmheánach agus seachtrach araon, lena ngabhann buiséad sealadach.

Agus a n-iarratais á n-ullmhú acu, tá coinne leis go rachaidh na hoibreoirí ionchasacha i gcomhairle le húdaráis freagrach an limistéir ina bhfuil an pháirc thionsclaíoch/an limistéar suite (bardasacht, réigiún, eile).

Tacóidh an deontas le bonneagar a chuirfear ar fáil do thionóntaí uile na páirce/an limistéir agus cuimsítear ann bonneagar teicniúil (amhail bóithre, uisce agus séarachas), chomh maith le bonneagar inmheánach glas agus nuálach (amhail stáisiúin ghréine nó foirgnimh le haghaidh saotharlanna atá le hathchóiriú ag an bpáirc thionsclaíoch/tionóntaí creasa).

Ceanglófar leis na critéir incháilitheachta ar na hoibreoirí a dhéanann an tógáil a áirithiú go n-ullmhófar ar a laghad 70 % (de réir meáchain) den dramháil foirgníochta agus scartála neamhghuaiseach ón bhfoirgníocht (cé is moite d'ábhar a fhaightear go nádúrtha a shainmhíneítear i gcatagóir 17 05 04 sa Liosta Dramháíola Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún) a ghintear ar an láithreán foirgníochta lena hathúsáid, lena hathchúrsáil agus le haisghabháil ábhar eile, lena n-áirítear oibríochtaí aisiúnta ina n-úsáidtear dramháil in ionad ábhair eile, i gcomhréir le hord na réiteach dramháíola agus le Prótacal Bainistíochta Dramháíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh an t-oibreoir féideartha teorainn le giniúint dramháíola le linn na tógála, i gcomhréir le Prótacal Bainistíochta Dramháíola Foirgníochta agus Scartála an Aontais Eorpaigh agus na teicnící is fearr atá ar fáil á gcur san áireamh agus éascóidh sé athúsáid agus athchúrsáil ardcháilíochta trí ábhair a bhaint go roghnaíoch, agus úsáid á baint as na córais sórtála atá ar fáil le haghaidh dramháil foirgníochta.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>11</sup>; (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>12</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní

<sup>11</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>12</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon

a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola<sup>13</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>14</sup>.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 2 (C3.I2): An Clár um Chlaochlú Eacnamaíoch

Is é is cuspóir don Chlár um Chlaochlú Eacnamaíoch tacú le nuálaíocht agus fás ghnólachtaí na Bulgáire, go háirithe trína n-aistriú glas agus digiteach a chothú.

Tacóidh an clár le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí meánchaipitlithe Bulgáracha trí ionstraimí airgeadais agus deontais. Beidh trí chiste sa chlár:

Ciste 1 — Fás agus Nuálaíocht;

Ciste 2 — an tAistriú Glas agus an Geilleagar Ciorclach;

Ciste 3 — Aeráidneodracht agus Claochlú Digiteach.

Beidh Ciste 1 comhdhéanta de na hionstraimí seo a leanas:

○ Infheistíocht 2.1.a — Ionstraim ráthaíochta le haghaidh fáis

Cuirfear an ionstraim ráthaíochta chun feidhme mar ranníocaíocht le InvestEU leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Trí ráthaíocht punainne a sholáthar, is é is aidhm don ionstraim maolú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí maidir le maoiniú creidmheasa a fháil chun téarnamh go tapa ó ghéarchéim COVID-19 agus deiseanna a chruthú chun gnólachtaí a leathnú chun fás agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Díreofar an ionstraim ráthaíochta ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus cumhdófar léi táirgí airgeadais éagsúla, lena n-áirítear cistí caipitil oibre, línte creidmheasa imrothlacha, iasachtaí infheistíochta, agus léasú.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an infheistíocht an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Bulgáire:

- cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus
- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiáimh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid

---

feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>13</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>14</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

iartheachtach<sup>15</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>16</sup>.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026 nuair a fhorghnófar Coiste Infheistíochta InvestEU oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán an mhaoinithe nó na hinfheistíochta a bhfuiltear ag díriú orthu.

○ Infheistíocht 2.1.b — Ionstraimí cothromais le haghaidh fáis

Is é is cuspóir don bheart seo tionchar diúltach eacnamaíoch fadtéarmach ghéarchéim COVID-19 ar ghnóthais na Bulgáire a mhaolú. Cuirfear ionstraimí fáis cothromais, lena n-áirítear cistí caipitil fiontair, cistí fáis, cistí mezzanine, cistí fuascailte agus cistí fiachais phríobháidigh, ar fáil do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe.

Cuirfidh CEI na hionstraimí cothromais chun feidhme mar chomhpháirtí airgeadais (comhpháirtí cur chun feidhme) trí dhámhachtain dhíreach do CEI trí chomhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF a bheidh le síniú idir Poblacht na Bulgáire agus CEI chun oibríochtaí cothromais a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú.

Chun críocha ionstraimí airgeadais corparáideacha ilchuspóireacha, déanfar an méid seo a leanas leis an mbeartas infheistíochta:

- glacfaidh comhlachtaí rialaithe na hionstraime airgeadais é;
- a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais;
- critéir roghnúcháin a chur san áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo
  - trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid;
  - trína cheangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní atá ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas pleananna um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>17</sup>; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>18</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí a

<sup>15</sup> Seachas tionscail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>16</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>17</sup> Seachas tionscail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>18</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola<sup>19</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>20</sup>. D'fhéadfaí an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus

- trína cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026 (formheas oibríochtaí ag an gCoiste Infheistíochta freagrach arb ionann é agus 100 % de mhéid foriomlán an mhaoinithe arna leithdháileadh ar ionstraimí cothromais le haghaidh Fáis).

- Infheistíocht 2.1.c — Scéim deontais le haghaidh nuachóiriú teicneolaíochta

Is é is cuspóir don bheart seo éifeachtúlacht na bpróiseas táirgthe a mhéadú, táirgiúlacht níos airde a bhaint amach, costais táirgthe a laghdú agus an slabhra táirgeachta a bharrfheabhsú trí dheontais a sholáthar do FBManna.

Áiríteoidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta agus rialaithe chun feidhme ar leibhéal riarthóra agus beidh sí in ann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is gá, lena n-áirítear trí sheiceálacha samplacha a dhéanamh ar leibhéal cuideachta, agus déanfaidh an riarthóir faireachán agus tuairisciú go tráthrialta ar dhul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail i gcomhréir leis na coinníollacha uile faoi seach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), maidir leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin, déanfar an méid seo a leanas:

- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>21</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>22</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

<sup>19</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>20</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>21</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>22</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola<sup>23</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>24</sup>; agus

- a cheangal nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí agus sócmhainní a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

- o Infheistíocht 2.1.d — Scéim deontais le haghaidh réitigh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus cibearshláid i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide

Is éard atá san infheistíocht scéim deontais arb é is aidhm di tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a chur in úsáid in FBManna, an chéad leibhéal ‘ríomhaireacht’ agus ‘nascacht’ dara leibhéal an digitithe a bhaint amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na buncheanglais, lena n-áirítear maidir le bearta cibearshláidála, maidir le glacadh Thionscal 4.0 agus maidir leis an aistriú chuig leibhéal níos airde claochlaithe dhigitigh.

Áiritheoidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta agus rialaithe chun feidhme ar leibhéal riarthóra agus beidh sí in ann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is gá, lena n-áirítear trí sheiceálacha samplacha a dhéanamh ar leibhéal FBM, agus déanfaidh an riarthóir faireachán agus tuairisciú go tráthrialta ar dhul chun cinn chun feidhme an tionscadail i gcomhréir leis na coinníollacha uile faoi seach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), maidir leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin, déanfar an méid seo a leanas:

- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiáimh: gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach<sup>25</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>26</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

<sup>23</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>24</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>25</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>26</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola<sup>27</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>28</sup>; agus

- a cheangal nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí agus sócmhainní a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta a roghnú.

Beidh an infheistíocht sin curtha chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

- o Infheistíocht 2.1.e — Comhthiomsú nuálaíochta (ionstraimí cothromais le haghaidh nuálaíochta)

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht Ciste a bhunú chun ionstraimí cothromais le haghaidh nuálaíochta a chur chun feidhme arb é is cuspóir dó cumas nuálaíochta cuideachtaí a mhéadú, dlús a chur lena bhfeabhsuithe táirgiúlachta agus leis an aistriú chuig geilleagar eolais. Áireofar sna hionstraimí cothromais cistí caipitil fiontair, cistí aistrithe teicneolaíochta, cistí síl agus cistí tionchair shóisialta.

Cuirfidh CEI na hionstraimí cothromais chun feidhme mar chomhpháirtí airgeadais (comhpháirtí cur chun feidhme) trí dhámhachtain dhíreach do CEI trí chomhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF a bheidh le síniú idir Poblacht na Bulgáire agus CEI chun oibríochtaí cothromais a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú.

Chun críocha ionstraimí airgeadais corparáideacha ilchuspóireacha, déanfar an méid seo a leanas leis an mbeartas infheistíochta:

- glacfaidh comhlachtaí rialaithe na hionstraime airgeadais é;
- a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais;
- critéir roghnúcháin a chur san áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo
  - o trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid;
  - o trína cheangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní atá ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas pleananna um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>29</sup>; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle

<sup>27</sup> Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar saolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>28</sup> Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>29</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>30</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola<sup>31</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>32</sup>. D'fhéadfaí an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus

- o trína cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026 (formheas oibríochtaí ag an gCoiste Infheistíochta freagrach arb ionann é agus 100 % de mhéid foriomlán an mhaoinithe arna leithdháileadh ar ionstraimí cothromais le haghaidh Nuálaíochta).

Tá **Ciste 2** comhdhéanta de na hionstraimí seo a leanas:

- o Infheistíocht 2.2.a. — Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite leictreachais dá n-úsáid féin le saoráidí stórála áitiúla

Is é is aidhm don scéim seo an t-aistriú glas a chur chun cinn san earnáil phríobháideach. Leis an scéim, cuirfear deontais ar fáil d'infheistíochtaí chun foinsí in-athnuaite leictreachais dá n-úsáid féin a chomhcheangal le saoráidí stórála áitiúla. Beidh tionscadail i gcomhréir le réimse idirghabhála 033 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF. Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de luach an tionscadail a chómhaoiniú.

Áiríteoidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta agus rialaithe chun feidhme ar leibhéal riarthóra agus beidh sí in ann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is gá, lena n-áirítear trí sheiceálacha samplacha a dhéanamh ar leibhéal cuideachta, agus déanfaidh an riarthóir faireachán agus tuairisciú go tráthrialta ar dhul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail i gcomhréir leis na coinníollacha uile faoi seach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), maidir leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin, déanfar an méid seo a leanas:

---

<sup>30</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>31</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>32</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh: gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>33</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>34</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola<sup>35</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>36</sup>; agus
- a cheangal nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí agus sócmhainní a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta a roghnú.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

o Infheistíocht 2.2.b. — Ionstraim ráthaíochta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite

Cuirfear an ionstraim ráthaíochta chun feidhme mar ranníocaíocht le InvestEU agus CEI mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Is é is aidhm don ionstraim aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na Bulgáire maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh agus san fuinneamh in-athnuaite. Díreofar an ionstraim ráthaíochta ar FBManna, ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus ar dhaoine aonair. Tá sé beartaithe go gcumhdófar leis raon leathan táirgí airgeadais (e.g. cistí oibre, lena n-áirítear línte creidmheasa imrothlacha, iasachtaí infheistíochta, léasú). Beidh na hearnálacha a dtabharfar tacaíocht dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéir incháilitheachta InvestEU agus saineofar iad tar éis measúnú margaidh mionsonraithe a dhéanamh.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an fho-infheistíocht an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Bulgáire:

- cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus
- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid

<sup>33</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>34</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>35</sup> Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>36</sup> Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

iarteachtach<sup>37</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>38</sup>.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2025, nuair a fhorghníomhaíodh Coiste Infheistíochta InvestEU oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán an mhaoinithe nó na hinfheistíochta ar díríodh orthu.

- Infheistíocht 2.2.c — scéim deontais chun tacú le gnólachtaí san aistriú chuig geilleagar ciorclach

Is é príomhchuspóir na scéime seo tacú le gnólachtaí monaraíochta san aistriú chuig geilleagar ciorclach trí phatrúin chiorclacha táirgthe agus tomhaltais a thabhairt isteach, caighdeánú comhshaoil agus teicneolaíochtaí athchúrsála agus athúsáide dramhaíola, deisiú agus úsáid táirgí bithbhunaithe a chur chun cinn.

Beidh tionscadail i gcomhréir le réimsí idirghabhála 047 agus 047bis d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de luach an tionscadail a chómhaoiniú.

Áiríteoidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta agus rialaithe chun feidhme ar leibhéal riarthóra agus beidh sí in ann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is gá, lena n-áirítear trí sheiceálacha samplacha a dhéanamh ar leibhéal cuideachta, agus déanfaidh an riarthóir faireachán agus tuairisciú go tráthrialta ar dhul chun cinn chur chun feidhme an tionscadail i gcomhréir leis na coinníollacha uile faoi seach.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), maidir leis na critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin, déanfar an méid seo a leanas:

- an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh: gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach<sup>39</sup>; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>40</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a

---

<sup>37</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

<sup>38</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>39</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

<sup>40</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola<sup>41</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>42</sup>; agus

- a cheangal nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí agus sócmhainní a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta a roghnú.

Beidh an infheistíocht sin curtha chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

---

<sup>41</sup> Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>42</sup> Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Tá **Ciste 3** comhdhéanta den ionstraim seo a leanas:

- Infheistíocht 2.3.a Ionstraimí cothromais le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráidneodracht agus leis an gclaochlú digiteach

Is é is aidhm do na hionstraimí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní a rannchuidíonn leis an aeráidneodracht agus a chuireann dlús leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach in earnálacha tosaíochta sa Bhulgáir. Déanfar é sin trí thacú le cruthú sócmhainní bonneagair (foinsí in-athnuaite, bithmhais, stóráil, bonneagar athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha, hidrigin), bonneagar digiteach (TFC, bonneagar optúil, lárionaid sonraí, 5G), athghiniúint uirbeach, éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar sóisialta.

Déanfaidh an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) na hionstraimí cothromais a chur chun feidhme mar chomhpháirtí airgeadais (comhpháirtí cur chun feidhme) trí chomhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF a bheidh le síniú idir Poblacht na Bulgáire agus CEI le haghaidh oibríocht chothromais a fhaigheann tacaíocht ó RRF a dhámhachtain go díreach do CEI.

Chun críocha ionstraimí airgeadais corparáideacha ilchuspóireacha, déanfar an méid seo a leanas leis an mbeartas infheistíochta:

- glacfaidh comhlachtaí rialaithe na hionstraime airgeadais é;
- a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais;
- critéir roghnúcháin a áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid;
- a cheangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó sócmhainní ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas pleananna um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>43</sup>; (ii) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>44</sup>; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola<sup>45</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>46</sup>. D’fhéadfaí an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus

<sup>43</sup> Seachas tionscadail maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

<sup>44</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>45</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>46</sup> Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.



- A cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026 (formheas oibríochtaí ag an gCoiste Infheistíochta freagrach arb ionann é agus 100 % de mhéid foriomlán an mhaoinithe a leithdháiltear ar ionstraimí cothromais le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann leis an aeráidneodracht agus leis an gclaochlú digiteach).

## **C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
35	C3.R1: Creat dlíthiúil chun infheistíocht thionsclaíoch a mhealladh agus éiceachórais thionsclaíocha a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta nua Páirceanna Tionsclaíocha	Teacht i bhfeidhm an Achta Páirceanna Tionsclaíocha				R1	2021	Maidir leis an Acht Páirceanna Tionscail nua — tacaíocht stáit agus dreasachtaí a rialáil chun infheistíocht a mhealladh i bpáirceanna tionsclaíocha; — foráil a dhéanamh maidir le giorrú ar na nósanna imeachta is gá le haghaidh infheistíocht thionsclaíoch; agus —na híoschaighdeáin a leagan síos maidir le hinfeistíochtaí i bpáirceanna tionsclaíocha chun tairbhe a bhaint as tacaíocht stáit.
36	C3.II: AttractInvestBG	Cuspóir sonrach	Deontais a dhámhachtain chun páirceanna/criosan na tionscail a fhorbairt agus conarthaí a shíniú		Líon	0	10	R2	2025	Roghnóidh an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis deich bpáirc nó crios tionscail (nua, á dtógáil nó ann cheana) agus a n-oibreoirí le haghaidh tacaíochta trí dheontas. Déanfar an roghnú ar bhonn próiseas poiblí, oscailte agus iomaíoch, ar bhonn critéir shoiléire le haghaidh roghnúcháin. Déanfar an tionchar eacnamaíoch agus fostaíochta a mheastar a bheidh ag gach páirc/crios (bunaithe ar anailís) a áireamh i measc na bpríomhchritéar don roghnú. Leis na critéir roghnúcháin, tabharfar tosaíocht do limistéir thionsclaíocha agus do pháirceanna tionsclaíocha i dTuaisceart na Bulgáire.  Oibreoirí ionchasacha a dhéanfaidh iarratas ar na deontais, áireoidh siad inter alia ina n-iarratais straitéis forbartha agus plean gnó don pháirc/crios tionsclaíoch, lena n-áirítear anailísí ar an méid seo a leanas:

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>- An tionchar eacnamaíoch agus fostaíochta a mheastar a bheidh ag gach páirc/crios, lena n-áirítear an tionchar díreach agus an tionchar ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta;</li> <li>- na gnólachtaí atá bunaithe cheana féin nó a bhfuil coinne leis go mbunóidh siad iad féin sa pháirc/sa chrios, bunaithe ar anailís shoiléir;</li> <li>- na hoibreacha bonneagair atá beartaithe do gach páirc/crios, inmheánach agus seachtrach araon, lena ngabhann buiséad sealadach.</li> </ul> <p>Agus a n-iarratais á n-ullmhú acu, tá coinne leis go rachaidh na hoibreoírí ionchasacha i gcomhairle le húdarás freagrach an limistéir ina bhfuil an pháirc thionsclaíoch/an limistéar suite (bardasacht, réigiún, eile).</p> <p>Tacóidh an deontas le bonneagar a chuirfear ar fáil do thionóntaí uile na páirce/an limistéir agus is éard atá ann bonneagar teicniúil, chomh maith le bonneagar inmheánach atá glas agus nuálach.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar leis na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus ceanglófar leo nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.</p> <p>Cumhdóidh na deontais agus an maoiniú 80 % ar a mhéad den infheistíocht iomlán de réir an phlean gnó a chuirtear isteach. Soláthróidh na hoibreoírí páirce tionsclaíche/creasa an 20 % eile.</p> <p>EUR 98 milliún ar a laghad a bheidh sa chistiú iomlán do thionscadail fhortheasta.</p>
37	C3.II: AttractInvestBG	Cuspóir sonrath	Síniú conarthaí le haghaidh bonneagar inmheánach agus seachtrach páirceanna/criosan na tionsclaíocha		% (céatadán)	0	100 %	R2	2025	<p>Síniú na gconarthaí uile ag oibreoírí na bpáirceanna/na gcriosanna tionsclaíocha a roghnaíodh le haghaidh na n-oibreacha bonneagair seachtracha agus inmheánacha le haghaidh 100 % den mhaoiniú atá beartaithe sna pleananna gnó.</p> <p>Áiritheofar le critéir incháilitheachta soláthair go gcomhlíonfar 1) an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus 2) reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
38	C3.II: AttractInvestBG	Cuspóir sonrach	Tionscadail atá curtha i gcrích le haghaidh bonneagair sna páirceanna/criosanna tionsclaíocha roghnaithe — Páirceanna tionsclaíocha/criosanna tionsclaíocha ag feidhmiú		% (céatadán)	0	100 %	R2	2026	Beidh na páirceanna/criosanna uile a roghnófar ag oibriú leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>- gnólacht amháin ar a laghad bunaithe i ngach páirc/crios.</li> <li>- 200 coibhéis lánaimseartha ar a laghad arna n-earcú sna criosanna/páirceanna, bunaithe ar dhoiciméadacht arna soláthar ag oibreoírí páirce/crios na n-infheisteoirí príobháideacha.</li> <li>- déanfar gach tionscadal a chumhdaítear sna conarthaí a chur i gcrích le haghaidh na bpáirceanna/criosanna tionsclaíocha uile a roghnaítear.</li> </ul>
40	C3.I2: Infheistíocht 2.1.a Ionstraim ráthaíochta le haghaidh fáis	Garsprioc	Síniú an chomhaontaithe ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Bulgáire	Comhaontú sínithe				R3	2022	Maidir leis an gcomhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Bulgáire: <ol style="list-style-type: none"> <li>cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh;</li> <li>gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart a eisiaimh ó incháilítheacht;</li> <li>critéir a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an ionstraim airgeadais i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais.</li> </ol> <p>Ós rud é go gcuirfear an ionstraim atá beartaithe chun feidhme tar éis</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonracha	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>ranníocaíocht a dhéanamh le InvestEU, áiríteofar pointí (a) agus (b) thuas trí fhorálacha InvestEU agus trí bheartas iasachtaí agus critéir eisiaimh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme roghnaithe a chur i bhfeidhm. Déanfar eisiaimh bhreise is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) — lena n-áirítear maidir le dramhail — a shonrú sa chomhaontú ráthaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).</p> <p>Beidh an ionstraim airgeadais i bhfoirm ráthaíocht punainne, arna cur chun feidhme ag CEI, agus tacóidh sí le FBManna agus le cuideachtaí meánchaipitlithe beaga trí tháirgí airgeadais éagsúla a chumhdach, lena n-áirítear caipiteal oibre, línte creidmheasa, iasachtaí infheistíochta, agus léasú. Leis an ionstraim airgeadais, tabharfar aghaidh ar na teipeanna margaidh atá roimh fhiontair faoi láthair maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, go háirithe dúshlán tar éis phaindéim COVID-19, d’fhonn rochtain ar línte creidmheasa a fheabhsú. Táthar ag súil go dtacóidh an ionstraim le 615 thairbhí ar a laghad.</p> <p>EUR 75 mhiliún ar a laghad a bheidh i méid iomlán chistiú RRF don ionstraim.</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Le struchtúr na hionstraim beifear in ann cistí príobháideacha a ghíaráil.</p> <p>Úsáidfeadh aon toradh ar an ionstraim airgeadais, lena n-áirítear ó aisíocaíochtaí, chomh maith le brabúis a fhaightear trí chistí RRF a úsáid, lúide luach saothair an bhainisteora cistí agus na n-idirghabhálaithe airgeadais, le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026.</p>
42	C3.I2: Infheistíocht 2.1.a Ionstraim ráthaíochta le haghaidh fáis	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU		% (céatadán)	0	40	R2	2025	Oibríochtaí arb ionann iad agus 40% de Ráthaíocht AE faoi Urrann an Bhallstáit sa Bhulgáir, cé is moite de chostais agus táillí gaolmhara, arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU dá dtagraítear i gcloch mhíle 40 nó i gcomhaontú/comhaontuithe ranníocaíochta forlíontacha
42a	C3.I2: Infheistíocht 2.1.a Ionstraim ráthaíochta le haghaidh fáis	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU		% (céatadán)	40	100	R2	2026	Oibríochtaí arb ionann iad agus 100 % de Ráthaíocht AE faoi Urrann an Bhallstáit sa Bhulgáir, cé is moite de chostais agus táillí gaolmhara, arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU dá dtagraítear i gcloch mhíle 40 agus i gcomhaontú/comhaontuithe ranníocaíochta forlíontacha.
43	C3.I2: Infheistíocht 2.1.b Ionstraimí cothromais le haghaidh fáis	Garsprioc	Síniú an chomhaontaithe maoinithe idir an Ciste Eorpach Infheistíochta agus Rialtas na Bulgáire	Comhaontú sínithe agus beartas infheistíochta glactha				R3	2022	<p>An comhaontú maoinithe idir an Ciste Eorpach Infheistíochta agus Rialtas na Bulgáire, agus beartas infheistíochta an Chiste a ghlacadh.</p> <p>Maidir leis an mbeartas infheistíochta:</p> <p>a) glacfaidh comhlachtaí rialaithe na hionstraim airgeadais é;</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>b) a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais;</p> <p>c) critéir roghnúcháin a chur san áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo — trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid; — trína ceangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas pleananna um aistriú glás a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. D’fhéadfaí an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus trína cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.</p> <p>Cuirfidh an Ciste tacaíocht ionstraimí airgeadais (cothromas) ar fáil do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí luathfháis. Cuirfear an tacaíocht ar fáil trí chistí caipitil fiontair agus cothromas príobháideach. Cuirfear bainistiú an Chiste de chúram ar CEI. Síneofar comhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF idir CEI agus Rialtas na Bulgáire chun oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú. Beidh coiste infheistíochta freagrach as oibríochtaí le hidirghabhálaithe a fhorghabháil mar a mhol an bainisteoir cistí (CEI) bunaithe ar riachtanais an mhargaidh agus ar bhealach oscailte agus i gcomhréir leis an margadh. Táthar ag súil go dtacóidh an ionstraim le 24 thairbhí ar a laghad</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Is é EUR 75 mhiliún a bheidh i méid iomlán chistiú RRF.</p> <p>Déanfaidh struchtúr an Chiste cistí príobháideacha a ghíaráil.</p> <p>Úsáidfeadh aon toradh ar an gCiste nó ar na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear ó aisíocaíochtaí, chomh maith le brabúis a fhaightear trí chistí RRF a úsáid, lúide luach saothair an bhainisteora cistí agus na n-idirghabhálaithe airgeadais, le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026.</p>
44	C3.I2: Infheistíocht 2.1.b Ionstraimí cothromais le haghaidh fáis	Cuspóir sonrath	Oibríochtaí arb ionann iad agus 50 % den mhaoiniú leithdháilte iomlán arna fhorimeas ag an gCoiste Infheistíochta		% (céatadán)	0	50	R4	2025	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 50 % de mhéid iomlán an airgeadais nó na hinfeistíochta spriocdhírthe arna fhorimeas ag an gCoiste Infheistíochta arna ainmniú ag rialtas na Bulgáire gan costais agus táillí gaolmhara a áireamh, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i gclach mhíle 43.
45	C3.I2: Infheistíocht 2.1.b Ionstraimí cothromais le haghaidh fáis	Cuspóir sonrath	Oibríochtaí arb ionann iad agus 100 % den mhaoiniú leithdháilte iomlán arna fhorimeas ag an gCoiste Infheistíochta		% (céatadán)	50	100	R2	2026	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán an airgeadais nó na hinfeistíochta spriocdhírthe arna fhorimeas ag an gCoiste Infheistíochta arna ainmniú ag rialtas na Bulgáire, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i gclach mhíle 43.
46	C3.I2: Infheistíocht 2.1.c Deontas le haghaidh	Garsprioc	Nósanna imeachta roghnúcháin curtha i gcrích	Liosta foilsithe de thionscail atá formheasta le haghaidh				R4	2022	Reachtálfar na nósanna imeachta roghnúcháin ar bhealach oscailte iomaíoch.

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	nuachóiriú teicneolaíochta			maoinithe agus liosta cúlchistí						<p>Is FBManna a bheidh sna tairbhíthe. Tacóidh na tionscadail le teicneolaíocht nua a fháil agus béim á leagan ar dhigitiú na bpróiseas táirgthe (trealamh teicneolaíochta nua a cheannach lena ndíreofar ar phróisis táirgthe a dhigitiú chun buntáiste margaidh, saincheapadh táirgí, solúbthacht, éifeachtúlacht agus úrnuacht a bhaint amach chun a dtáirgeadh a leathnú nó a éagsúlú).</p> <p>Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de chostas an tionscadail a chómhaoiniú.</p> <p>EUR 120 milliún ar a laghad a bheidh sa chistiú iomlán do thionscadail fhortheasta.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar leis na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus ceanglófar leo nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.</p>
47	C3.I2: Infheistíocht 2.1.c Deontas le haghaidh	Cuspóir sonrach	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú leis an		Líon	0	665	R2	2025	Tionscadail a cuireadh i gcrích trí theicneolaíocht nua a fháil agus béim á leagan ar dhigitiú na bpróiseas táirgthe

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	nuachóiriú teicneolaíochta		nuachóiriú teicneolaíoch							ag cuideachtaí i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 46.
48	C3.I2: Infheistíocht 2.1.d Scéim deontais le haghaidh teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus cibearshlándaíl in FBManna	Garsprioc	Nósanna imeachta roghnúcháin curtha i gcrích	Liosta foilsithe de thionscadail atá formheasta le haghaidh maoinithe agus liosta cúlchistí				R4	2022	<p>Reáchtálfar na nósanna imeachta roghnúcháin ar bhealach oscailte iomaíoch.</p> <p>Is FBManna a bheidh sna tairbhíthe roghnaithe. Tacóidh na tionscadail le teicneolaíochtaí digiteacha a fháil agus a chomhtháthú i gcuideachtaí ar an gcéad dá leibhéal de dhigitiú bunúsach (ríomhaireacht agus nascacht). Tacóidh na deontais le gníomhaíochtaí amhail seirbhísí margaíochta digiteacha TFC a sholáthar, seirbhísí TFC gréasánbhunaithe d'ardáin, suíomhanna gréasáin, feidhmchláir mhóibíleacha, bogearraí a fháil chun próisis bhainistíochta, mhonaraíochta agus lóistíochta a bharrfheabhsú, bearta a thabhairt isteach chun faisnéis agus cibearshlándaíl a áirithiú mar ghné thábhachtach den phróiseas digitithe gnó, ceannach crua-earraí is gá chun feidhmchláir agus bogearraí nua a oibriú.</p> <p>EUR 14 mhilliún ar a laghad a bheidh sa chistiú iomlán do thionscadail fhorimeasta.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar leis na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus ceanglófar leo nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.
49	C3.I2: Infheistíocht 2.1.d Scéim deontais le haghaidh teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus cibearshlándaíl in FBManna	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú le digitíú ar an leibhéal iontrála i gcuideachtaí		Líon	0	1345	R4	2025	Tionscadail atá curtha i gcrích ag cuideachtaí i gcomhréir leis na ceanglais faoi garsprioc 48 atá le tuairisciú ag an Aireacht Nuálaíochta agus Fáis.
50	C3.I2: Infheistíocht 2.1.e Comhthiomsú Nuálaíochta (Ionstraimí Cothromais le haghaidh Nuálaíochta)	Garsprioc	Síniú an chomhaontaithe maoinithe idir an Ciste Eorpach Infheistíochta agus Rialtas na Bulgáire	Comhaontú sínithe agus beartas infheistíochta glactha				R3	2022	Síniú an chomhaontaithe maoinithe idir CEI agus Rialtas na Bulgáire, agus glacadh bheartas infheistíochta an Chiste. Maidir leis an mbeartas infheistíochta: <ul style="list-style-type: none"> <li>a) glacfaidh comhlachtaí bainistíochta na hionstraimí airgeadais é;</li> <li>b) a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) maidir le hionstraimí airgeadais;</li> <li>c) critéir roghnúcháin a chur san áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>— trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid,</li> <li>— trína cheangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam</li> </ul> </li> </ul>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas pleananna um aistriú glás a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. D'fhéadfaí an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus trína cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.</p> <p>Cuirfidh an Ciste tacaíocht ionstraimí airgeadais (cothromas) ar fáil do</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitilíthe beaga (cuideachtaí a bhfuil suas le 499 bhfostaí acu), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí luathfháis. Ar na príomhearnálacha ar a ndíreofar tá teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, uathoibriú tionsclaíoch, intleacht shaorga, róbataic, blocshlabhra, teicneolaíocht airgeadais, eolaíochtaí beatha, cibearshlándaíl, teicneolaíochtaí candamacha, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, néalríomhaireacht, teicneolaíochtaí glana agus inbhuanaithe, fiontraíocht shóisialta, agus biteicneolaíocht agus beidh sé d'aidhm acu tacú le hinfeistíochtaí sa chaipiteal daonna, sa teicneolaíocht dhigiteach agus ghlas, agus sa taighde, san fhorbairt agus san aistriú teicneolaíochta. Is féidir comhpháirt aistrithe teicneolaíochta/tógála fiontair a áireamh san ionstraim. Cuirfear an tacaíocht ar fáil trí chistí caipitil fiontair agus trí chistí cothromais phríobháidigh.</p> <p>Táthar ag súil go dtacóidh an ionstraim le 30 tairbhí ar a laghad.</p> <p>Cuirfear bainistiú an Chiste de chúram ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI). Síneofar comhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF idir CEI agus Rialtas na Bulgáire chun oibriochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chothromas RRF a bhainistiú. Beidh coiste infheistíochta freagrach as</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>oibríochtaí le hidirghabhálaithe a fhorghabháil mar a mhol an bainisteoir cistí (CEI) bunaithe ar riachtanais an mhargaidh agus ar bhealach oscailte agus i gcomhréir leis an margadh.</p> <p>EUR 75 mhilliún a bheidh i méid iomlán an chistithe.</p> <p>Déanfaidh struchtúr an Chiste cistí príobháideacha a ghíaráil.</p> <p>Úsáidfeadh aon toradh ar an gCiste nó ar na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear ó aisiocaíochtaí, chomh maith le brabúis a fhaightear trí chistí RRF a úsáid, lúide luach saothair an bhainisteora cistí agus na n-idirghabhálaithe airgeadais, le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026.</p>
51	C3.I2: Infheistíocht 2.1.e Comhthiomsú Nuálaíochta (Ionstraimí Cothromais le haghaidh Nuálaíochta)	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí arb ionann iad agus 50 % den mhaoiniú leithdháilte iomlán arna fhorghabháil ag an gCoiste Infheistíochta		% (céatadán)	0	50	R4	2025	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 50 % de mhéid iomlán an mhaoinithe nó na hinfeistíochta spriocdhírthe arna bhformheas ag an gCoiste Infheistíochta, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i gclach mhíle 50.
52	C3.I2: Infheistíocht 2.1.e Comhthiomsú Nuálaíochta (Ionstraimí Cothromais le haghaidh Nuálaíochta)	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí arb ionann iad agus 100 % den mhaoiniú leithdháilte iomlán arna fhorghabháil ag an gCoiste Infheistíochta		% (céatadán)	50	100	R2	2026	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán an mhaoinithe nó na hinfeistíochta spriocdhírthe arna bhformheas ag an gCoiste Infheistíochta, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i gclach mhíle 50.

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
53	C3.I2: Infheistíocht 2.2.a — Scéim deontais chun foinsí in-athnuaite leictreachais a chomhcheangal le stóráil áitiúil	Garsprioc	Nósanna imeachta roghnúcháin curtha i gcrích	Liosta foilsithe de thionscadail atá formheasta le haghaidh maoinithe agus liosta cúlchistí				R2	2025	<p>Reáchtálfar na nósanna imeachta roghnúcháin ar bhealach oscailte iomaíoch.</p> <p>Is FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus cuideachtaí meánchaipitlithe a bheidh sna tairbhíthe. Tacóidh na tionscadail roghnaithe le fáil agus le teacht i bhfeidhm suiteálacha chun fuinneamh a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus áireofar iontu toilleadh stórála áitiúil.</p> <p>Beidh tionscadail i gcomhréir le réimse idirghabhála 033 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Ní rachaidh méid iomlán na hacmhainneachta suiteáilte in aghaidh na cuideachta thar 1 MW. Beidh na tairbhíthe ina gcuideachtaí i ngach earnáil NACE cé is moite de D — giniúint agus dáileadh leictreachais, gaile agus breoslaí gásacha agus A — Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascach.</p> <p>Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de luach an tionscadail a chómhaoiniú.</p> <p>EUR 52 mhilliún ar a laghad a bheidh sa chistiú iomlán do thionscadail fhormheasta.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar leis na critéir incháilitheachta atá</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										sna téarmaí tagartha do na glaonna ar thionscadail gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus ceanglófar leo nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.
54	C3.I2: Infheistíocht 2.2.a — Scéim deontais chun foinsí in-athnuaite leictreachais a chomhcheangal le stóráil áitiúil	Cuspóir sonrath	Acmhainn oibríochtúil saoráidí stórála suiteáilte		Líon (kW)	0	27 048	R4	2025	27048 kW d'acmhainneacht bhreise saoráidí stórála nuashuiteáilte agus oibríochtúla, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 53.
55	C3.I2: Infheistíocht 2.2.a — Scéim deontais chun foinsí in-athnuaite leictreachais a chomhcheangal le stóráil áitiúil	Cuspóir sonrath	Acmhainn oibríochtúil saoráidí stórála suiteáilte		Líon (kW)	27 048	54 096	R2	2026	27048 kW d'acmhainneacht bhreise saoráidí stórála nuashuiteáilte agus oibríochtúla, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 53.
56	C3.I2: Infheistíocht 2.2.b — Ionstraim ráthaíochta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite	Garsprioc	Siniú an chomhaontaithe ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Bulgáire	Comhaontú sínithe				R3	2022	Maidir leis an gcomhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Bulgáire: a) cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart a eisiaimh ó incháilitheacht;

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>c) critéir a chur san áireamh chun a áirithiú go bhfuil an ionstraim airgeadais i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais.</p> <p>Ós rud é go gcuirfear an ionstraim atá beartaithe chun feidhme tar éis ranníocaíocht a dhéanamh le InvestEU, áiríteofar pointí (a) agus (b) thuas trí fhorálacha InvestEU agus trí bheartas iasachtaithe agus critéir eisiaimh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme roghnaithe a chur i bhfeidhm. Déanfar eisiaimh bhreise is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) — lena n-áirítear maidir le dramhaíl — a shonrú sa chomhaontú ráthaíochta idir an Coimisiún Eorpach agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).</p> <p>Beidh an ionstraim ráthaíochta i bhfoirm ráthaíocht punainne, arna cur chun feidhme ag CEI, agus cuirfidh sí maoiniú agus infheistíochtaí i bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus i bhfuinneamh in-athnuaite ar fáil do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus do dhaoine aonair, trí chaipiteal oibre, lena n-áirítear línte creidmheasa a athvóltú, iasachtaí infheistíochta, nó léasú. Saineofar na hearnálacha a dtabharfar tacaíocht dóibh</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>tar éis measúnú margaidh mionsonraithe a dhéanamh.</p> <p>Táthar ag súil go dtacóidh an ionstraim le 450 tairbhí ar a laghad.</p> <p>EUR 75 mhilliún ar a laghad a bheidh i méid iomlán chistiú RRF don ionstraim.</p> <p>Le struchtúr na hionstraime beifear in ann cistí príobháideacha a ghíaráil.</p> <p>Úsáidfeadh aon toradh ar an ionstraim airgeadais, lena n-áirítear ó aisíocaíochtaí, chomh maith le brabúis a fhaightear trí chistí RRF a úsáid, lúide luach saothair an bhainisteora cistí agus na n-idirghabhálaithe airgeadais, le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026.</p>
58	C3.I2: Infheistíocht 2.2.b — Ionstraim ráthaíochta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite	Cuspóir sonrach	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta dar luach 100 % ar a laghad de mhéid iomlán na n-acmhainní arna leithdháileadh ar an ionstraim arna formheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU.		% (céatadán)	50	100	R2	2025	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arna bhformheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU arb ionann iad agus 100 % de Ráthaíocht AE faoi Urrann an Bhallstáit sa Bhulgáir, cé is moite de Chostais agus Táillí Gaolmhara, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i ngarsprioc 56
59	C3.I2: Infheistíocht 2.2.c Scéim deontais chun tacú le	Garsprioc	Nósanna imeachta roghnúcháin curtha i gcrích	Liosta foilsithe de thionscail atá formheasta le				R2	2025	Reachtálfar na nósanna imeachta roghnúcháin ar bhealach oscailte iomaíoch.

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	gnólachtaí san aistriú chuig geilleagar ciorclach			haghaidh maoinithe agus liosta cúlchistí						<p>Is FBManna agus cuideachtaí móra in earnáil NACE C — Tionscal próiseála a bheidh sna tairbhíthe. Tacóidh na tionscadail roghnaithe le cuideachtaí modhanna táirgthe geilleagair chiorclaigh a thabhairt isteach, lena dtacófar le dramhail a laghdú, plaistigh aon úsáide a theorannú, bithacmhainní a úsáid, caighdeáin éiceolaíocha agus éifeachtúlacht fuinnimh táirgí a fheabhsú, agus faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le loirg charbóin.</p> <p>Beidh tionscadail i gcomhréir le réimse idirghabhála 047 agus 047bis d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF. Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de luach an tionscadail a chómhainiú.</p> <p>Déanfaidh an tairbhí 50 % ar a laghad de luach an tionscadail a chómhainiú.</p> <p>EUR 83 mhilliún ar a laghad a bheidh sa chistiú iomlán do thionscadail fhorghabhála.</p> <p>Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar leis na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do na glaonna ar thionscadail gníomhaíochtaí agus sócmhainní ar an liosta eisiaimh a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart agus ceanglófar leo nach bhféadfar ach</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.
60	C3.I2: Infheistíocht 2.2.c Scéim deontais chun tacú le gnólachtaí san aistriú chuig geilleagar ciorclach	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích i réimse an gheilleagair chiorclaigh		Líon	0	240	R4	2025	Cuideachtaí dá dtugtar tacaíocht i gcomhréir leis na ceanglais faoi garsprioc 59.
61	C3.I2: Infheistíocht 2.3.a Ionstraimí cothromais don aeráidneodracht agus don chlaohlú digiteach	Garsprioc	Síniú comhaontaithe maoinithe idir Poblacht na Bulgáire agus an Ciste Eorpach Infheistíochta	Comhaontú sínithe agus beartas infheistíochta glactha				R3	2022	Síniú an chomhaontaithe maoinithe idir CEI agus Rialtas na Bulgáire, agus glacadh bheartas infheistíochta an Chiste. Maidir leis an mbeartas infheistíochta: <ul style="list-style-type: none"> <li>a) glacfaidh comhlachtaí rialaithe na hionstraimí airgeadais é;</li> <li>b) a bheith i gcomhréir le Nóta Treorach ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2021 (SWD(2021) 12 final) a bhaineann le hionstraimí airgeadais;</li> <li>c) critéir roghnúcháin a chur san áireamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo — trí dhíonadh inbhuanaitheachta a úsáid; — trína cheangal ar thairbhíthe a fuair níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ó ghníomhaíochtaí nó ó shócmhainní ar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas</li> </ul>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrach	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>pleananna um aistriú glas a ghlacadh agus a fhoilsiú: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla. D'fhéadfai an ceanglas sin a chur chun feidhme, mar shampla, trí bheith ag brath ar earnálacha srianta nua CEI (Cistí cothromais neamh-infra — creat ailínithe Pháras), arna choigeartú le srianta breise áirithe ar earnálacha CTA agus ar ghníomhaíochtaí iompair áirithe; agus trína cheangal go bhfíoróidh CEI comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta an tairbhí le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhairthe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.</p> <p>Leis an gCiste, soláthrófar tacaíocht ionstraimí airgeadais (cothromas) le haghaidh meáin shainchuspóireacha tionscadail, chomh maith le FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus meánchaipitlithe le haghaidh</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>infheistíocht i sócmhainní a rannchuidíonn leis an aeráidneodracht agus a chuireann dlús leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach in earnálacha tosaíochta sa Bhulgáir. Meastar go ndéanfar é sin trí thacú le cruthú sócmhainní bonneagair, táirgeadh agus bonneagar stórála fuinnimh ghlais, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh, bithmhais, stóráil, bonneagar athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha, hidrigin, bonneagar digiteach (TFC, bonneagar optúil, lárionaid sonraí, 5G), athghiniúint uirbeach, éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar sóisialta.</p> <p>Cuirfear an tacaíocht ar fáil trí chistí caipitil fiontair agus cothromas príobháideach. Cuirfear bainistiú an Chiste de chúram ar CEI. Síneofar comhaontú cistiúcháin tiomnaithe RRF idir CEI agus Rialtas na Bulgáire chun oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú. Beidh coiste infheistíochta freagrach as oibríochtaí le hidirghabhálaithe a fhorfhéas mar a mhol an bainisteoir cistí (CEI) bunaithe ar riachtanais an mhargaidh agus ar bhealach oscailte agus i gcomhréir leis an margadh. Táthar ag súil go dtacóidh an ionstraim le 3 thairbhí ar a laghad</p> <p>Is é EUR 30 milliún a bheidh i méid iomlán chistí RRF.</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/ Cuspóir sonrath	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Déanfaidh struchtúr an Chiste cistí príobháideacha a ghíaráil.</p> <p>Úsáidfeadh aon toradh ar an gCiste nó ar na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear ó aisíocaíochtaí, chomh maith le brabúis a fhaightear trí chistiú RRF a úsáid, lúide luach saothair an bhainisteora cistí agus na n-idirghabhálaithe airgeadais, le haghaidh na spriocanna beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026.</p>
62	C3.I2: Infheistíocht 2.3.a Ionstraimí cothromais don aeráidneodracht agus don chlaochlú digiteach	Cuspóir sonrath	D'fhormheas an Coiste Infheistíochta freagrach oibríochtaí arb ionann iad agus 100 % den chistiú iomlán leithdháilte		% (céatadán)	0	100	R2	2026	Oibríochtaí airgeadais nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % den mhéid iomlán airgeadais nó infheistíochta spriocdhíríte arna fhorimeas ag an gCoiste Infheistíochta arna ainmniú ag rialtas na Bulgáire, i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i gcloch mhíle 61.

## D. COMHCHUID 4: GEILLEAGAR ÍSEALCHARBÓIN

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, tugtar aghaidh ar an dúshlán a bhaineann le dícharbónú na hearnála fuinnimh. Is é geilleagar na Bulgáire an geilleagar is déine ó thaobh acmhainní agus carbóin de san Aontas. Tá déine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa níos mó ná ceithre huairde níos airde ná meán an Aontais. Is í earnáil an fhuinnimh an t-astaire gás ceaptha teasa is mó sa Bhulgáir, arb ionann í agus níos mó ná 70 % d'astaíochtaí iomlána na tíre.

Is é cuspóir na comhpháirte an geilleagar a dhícharbónú trí mhéadú géar ar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus i gcoigilteas fuinnimh, infheistíochtaí in eangacha cliste, idirnáise agus bonneagar stórála, athchóirithe margaidh agus rialachas níos fearr ar earnáil an fhuinnimh. Go háirithe, is é is aidhm don chomhpháirt dlús a chur le dícharbónú na hearnála fuinnimh trí astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó ghléasraí cumhachta ligníte agus gualbhreoslaithe a laghdú agus trí úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus foinsí malartacha fuinnimh a éascú. Tá sé d'aidhm aige freisin tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus deiridh araon a laghdú trí athchóiriú a dhéanamh ar an stoc náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, idir phoiblí agus príobháideach. Le bearta maidir le solúbthacht agus digitiú na heangaí leictreachais agus méadú ar acmhainneachtaí na n-idirnasc trasteorann leis na Ballstáit chomharsanachta, cuirfear feabhas ar chomhtháthú an mhargaidh. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt freisin margadh mórdhíola iomaíoch a bhunú trí dhírialáil a dhéanamh de réir a chéile ar phraghsanna leictreachais faoi 2025. Áirítear sa chomhpháirt bearta lena bhfeabhsaítear rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh, go háirithe Holding Fuinnimh na Bulgáire ('BEH'), trí na hoibreoírí córais tarchurtha a scaradh óna struchtúr.

Leis na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin, tacófar le moltaí tírshonracha na Bulgáire ó 2019 agus 2020 chun 'beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar [...] bhonneagar fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh' (moladh tírshonrach 3, 2019) agus chun 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh agus acmhainní atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil [...], lena rannchuidítear le dícharbónú forásach an gheilleagair, lena n-áirítear sna réigiúin ghuaill' (moladh tírshonrach 3, 2020).

Ní mheastar go ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

### **D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 1 (C4.R1): Ciste Náisiúnta um Dhícharbónú a bhunú**

Is é is aidhm don athchóiriú an Ciste Náisiúnta Dícharbónaithe agus a fhochistí a bhunú.

Is éard atá sa bheart measúnú a dhéanamh ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh arna dhéanamh ag painéal saineolaithe neamhspleách chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) bacainní ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint agus moltaí a sholáthar maidir le hathruithe ar an gcreat rialála náisiúnta; (II) roghanna a shainaithint maidir le struchtúr an Chiste Náisiúnta um Dhícharbónú, go háirithe maidir le rialachas agus rialacha oibriúcháin; agus (iii) foinsí féideartha a shainaithint chun

an Ciste Náisiúnta um Dhícharbónú a chaipitliú, lena n-áirítear le haghaidh cúnamh teicniúil agus sárasaí chun caipiteal an Chiste Náisiúnta um Dhícharbónú a úsáid chun athrú ó dheontais go hionstraimí airgeadais.

Saineofar sa dlí agus sa reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar lena mbunaítear an Ciste Náisiúnta Dícharbónaithe agus a fhochistí struchtúr beacht, rialachas agus rialacha oibriúcháin an Chiste.

Úsáidfear an Ciste Náisiúnta um Dhícharbónú chun deontais agus cúnamh teicniúil a thairiscint in éineacht le hionstraimí airgeadais lena n-áirítear línte creidmheasa agus ráthaíochtaí agus/nó teaghlaim díobh. Déanfar foráil leis an gCiste maidir le pointe aonair a chruthú le haghaidh cúnamh teicniúil d'iarratasóirí trí ionaid ilfhreastail nó trí shárasaí comhchosúla. Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2024.

#### Athchóiriú 2 (C4.R2): Infheistíochtaí in athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a éascú

Is é is cuspóir don athchóiriú dul i ngleic le bacainní ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh tríd an Acht um Bainistíocht Úinéireachta Condominium a leasú chun cinnteoireacht úinéirí foirgneamh ilárasán a éascú; bainistíocht ghairmiúil maoinne comhthiarainn i bhfoirgnimh ilárasán a rialáil; agus an t-iarratas ar iasachtaí comhchoiteanna d'institiúidí airgeadais éagsúla a éascú.

Déanfar na leasuithe a chomhordú le hathruithe gaolmhara ar phíosáí eile reachtaíochta príomhúla agus tánaistí. Tá coinne leis go gcuirfidh cur chun feidhme an bhirt le héifeachtúlacht infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh in athchóiriú foirgneamh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

#### Athchóiriú 3 (C4.R3): Sainmhíniú agus critéir maidir le 'bochtaineacht fuinnimh' do theaghlaigh

Is é is cuspóir don athchóiriú seo rannchuidiú le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus tomhaltóirí leochaileacha a chosaint trí shainmhíniú ar 'bochtaineacht fuinnimh' agus critéir chun teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus tomhaltóirí leochaileacha a shainaithint a thabhairt isteach san Acht Fuinnimh agus sa reachtaíocht thánaisteach. Cuirfear san áireamh san athchóiriú na critéir a liostaítear i dTreoir (AE) 2019/944: ioncam íseal, ardchaiteachas ioncaim indiúscartha ar fhuinneamh agus droch-éifeachtúlacht fuinnimh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Infheistíocht 1 (C4.I1): Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh

Is é is cuspóir don bheart éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh a fheabhsú trí laghdú 30 % ar a laghad ar an tomhaltas fuinnimh phríomhúil a dhéanamh ar an meán.

Is éard atá sa bheart infheistíochtaí athchóirithe foirgneamh atá roinnte ina dtrí fhobheart: athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe; athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh neamhchónaithe, lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus iii) athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh neamhchónaithe i monaraíocht, trádáil agus seirbhísí, chomh maith le foirgnimh in earnáil na turasóireachta.

Tá coinne leis go gcuirfear na fobhearta faoin infheistíocht sin chun feidhme i gcomhlántacht le hinfeistíochtaí an bheartais chomhtháthaithe. Déanfar an críochú ar leibhéal an tionscadail agus beidh sásra faireacháin i bhfeidhm chun cistiú dúbailte a sheachaint, go háirithe le Clár Forbartha na Réigiún 2021-2027 agus an Clár don Chomhshaol 2021-2027.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Fobheart 1: Athchóiriú foirgneamh cónaithe

Is éard a bheidh san fhobheart athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh ilárasán. Déantar na cineálacha sin foirgneamh a bhainistiú i modh comhúinéireachta i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht Úinéireachta Condominium a dtéitear i ngleic leis le hAthchóiriú 2 sa chomhpháirt sin (C4R2). Mar thoradh ar an bhfobheart déanfar athchóiriú ar fhoirgnimh chónaithe ag a bhfuil oll-achar urláir iomlán 2.15 milliún m<sup>2</sup> ar a laghad.

Sonrófar sa scéim faoin bhfobheart go bhfuiltear ag súil, ar an meán, go mbainfear amach coigilteas éilimh phríomhúil 30 % ar a laghad le hathchóirithe.

#### Fobheart 2: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe agus poiblí

Is éard a bheidh san fhobheart maoiniú beart le haghaidh athchóiriú fuinnimh inbhuanaithe ar fhoirgnimh stáit agus bardasacha (lena n-áirítear foirgnimh seirbhísí riaracháin, foirgnimh seirbhíse poiblí i réimse an chultúir agus na healaíne agus foirgneamh spóirt, chomh maith le foirgnimh atá faoi úinéireacht Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire). Déanfar 354 fhoirgneamh neamhchónaithe a athchóiriú mar thoradh ar an bhfobheart.

Sonrófar sa scéim faoin bhfobheart go bhfuiltear ag súil, ar an meán, go mbainfear amach coigilteas éilimh phríomhúil 30 % ar a laghad le hathchóirithe.

#### Fobheart 3: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí, chomh maith le foirgnimh ó earnáil na turasóireachta

Is éard a bheidh san fhobheart maoiniú beart chun athchóiriú inbhuanaithe fuinneamhéifeachtúil a dhéanamh ar fhoirgnimh i réimsí na monaraíochta, na trádála agus na seirbhísí.

Sonrófar sa scéim faoin bhfobheart go bhfuiltear ag súil, ar an meán, go mbainfear amach coigilteas éilimh phríomhúil 30 % ar a laghad le hathchóirithe.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá ar na bacáin maoiniú suiteálacha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS).

#### Infheistíocht 2 (C4.I2): Tacaíocht d’fhuinneamh in-athnuaithe do theaghlaigh

Is é cuspóir an bhirt úsáid fuinnimh in-athnuaithe i dtomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil na dteaghlach a mhéadú trí mhaoiniú a dhéanamh ar cheannach córas gréine nua ‘is fearr san aicme’ le haghaidh córais uisce the tí agus córais fhótavoltacha.

Is éard atá sa bheart dhá chineál beart a mhaoiniú le haghaidh úsáid fuinnimh in-athnuaithe ag teaghlaigh: córais ghréine a shuiteáil le haghaidh soláthar uisce te tí agus ii) córais fhótavoltacha suas le 10 kWp a shuiteáil, lena n-áirítear stóráil leictreachais.

Tacóidh an infheistíocht le 1500 teaghlach ar a laghad le foinsí neamhéifeachtúla teasa breosla sholadaigh chun grianuisce tí (DHW) nó córais fhótavoltacha ‘is fearr san aicme’ a cheannach.

Maoineofar leis an infheistíocht ceannach córas uisce the gréine tí (DHW) ‘is fearr san aicme’ nó ceannach córas fótavoltach i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht 3 (C4.I3): Tacaíocht do chórais soilsihte sráide atá tíosach ar fhuinneamh

Is é is cuspóir don bheart éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, costais fuinnimh le haghaidh soilsiú saorga lasmuigh a laghdú agus dálaí maireachtála a fheabhsú don phobal sa tír trí athnuachan theicneolaíoch agus nuachóiriú a dhéanamh ar chórais soilsihte shaorga lasmuigh.

Is éard atá sa bheart córais soilsihte shaorga bhargasacha lasmuigh a atógáil agus a nuachóiriú. Beidh sé d’aidhm ag an infheistíocht laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh a bhaint amach nuair a dhéantar comparáid roimh chur chun feidhme an bhirt agus ina dhiaidh.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú 4 (C4.R4): Borradh a chur faoi thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite trí bhíllí fuinnimh

Is é is cuspóir don athchóiriú an raon feidhme maidir le bearta cur chun feidhme agus tionscadail a leathnú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i gcomhthéacs acmhainní airgeadais teoranta.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla chun úsáid samhlacha Cuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh (ESCO) a chumasú chun an maoiniú le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a chumhdach trí na billí fuinnimh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Athchóiriú 5 (C4.R5): Ionad ilfhreastail le haghaidh athchóirithe

Is é is cuspóir don athchóiriú an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an bpróiseas athchóirithe a laghdú trí chúnamh a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí le faisnéis, cúnaimh teicniúil agus comhairle maidir le saincheisteanna rialála, teicniúla agus airgeadais a bhaineann lena dtionscadail feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh.

Is éard atá sa bheart ionaid ilfhreastail oibríochtúla a phíolótú ar dtús agus a imscaradh ina dhiaidh sin i ngach réigiún NUTS-3 sa tír. Comhtháthóidh na hionaid ilfhreastail an fhaisnéis agus na seirbhísí uile is gá le haghaidh athchóiriú fuinnimh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

#### Athchóiriú 6 (C4.R6): Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh infheistíochtaí i nginiúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaineann le suiteáil, nascadh agus oibriú.

Le teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, déanfar an méid seo a leanas: (i) nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a shimpliú; (II) ainmniú criosanna tosaíochta le haghaidh suiteálacha gaoithe ar talamh a chumasú; (III) an nós imeachta le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite dá n-úsáid féin a shimpliú suas le 1 MW.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 7 (C4.R7): Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí hidrigine agus an táirgthe agus an tsoláthair hidrigine

Is é is cuspóir don athchóiriú seo deireadh a chur leis na príomhbhaic a shainithnítear sa Treochlár Náisiúnta maidir leis an teicneolaíocht hidrigine a fhorbairt agus na bearta is gá a chur chun feidhme chun an slabhra luacha hidrigine a fhorbairt.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht 4 (C4.I4): Claochlú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais

Is é is cuspóir don infheistíocht sin dul i bhfód foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, solúbthacht a mhéadú i mbainistiú oibríochtúil agus i bhfaireachán an chórais leictreachais agus an ghlanacmhainn tarchurtha trasteorann ag teorainneacha leis na Ballstáit (i.e. an Rómáin agus an Ghréig).

Áirítear leis an infheistíocht clár cuimsitheach le haghaidh chlaohlú digiteach foriomlán chórais agus phróisis an Oibreora Córais Leictreachais lena gcumhdaítear bainistiú uathoibríthe fostáisiún, uasghrádú ar an gcóras rialaithe maoirseachta agus fála sonraí (SCADA) trí chúltaca cianda, síneadh agus uasghrádú líonra teileachumarsáide a thabhairt isteach.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, comhlíonfar na coinníollacha maidir le hindéantacht theicniúil an chórais tarchurtha leictreachais chun 4 500 MW carnach d'acmhainneacht táirgeachta ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais faoin 31 Márta 2026. Chomh maith leis sin, déanfar 1 200 MW carnach de ghlanacmhainneacht idirnáise bhreise leis an Rómáin agus leis an nGréig i gcomparáid leis an acmhainneacht atá ar fáil cheana a chur ar fáil don mhargadh faoin 30 Meitheamh 2025.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### Athchóiriú 8 (C4.R8): Léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais

Is é is cuspóir don athchóiriú seo léirscaoileadh an mhargaidh mórdhíola leictreachais a thabhairt chun críche agus feabhas a chur ar an margadh cothromúcháin leictreachais. Beidh na heilimintí seo a leanas san athchóiriú sin:

- Léirscaoileadh an mhargaidh mórdhíola leictreachais trí theacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, lena gcuirfear deireadh le ról an tsoláthróra phoiblí do Natsionalna Elektrieska Kompania EAD (NEK) agus lena gcuirfear deireadh leis na cuótaí don mhargadh rialáilte. Cuirfidh sé toirmeasc freisin ar chonarthaí fadtéarmacha, lena n-áirítear comhaontuithe ceannaigh cumhachta, nó aon bhearta comhchosúla a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht chéanna nó coibhéiseach acu cé is moite díobh sin le haghaidh leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite nó a thugtar i gcrích ar an malartú cumhachta. Ní chuirfear síneadh leis na conarthaí fadtéarmacha ceannaigh leictreachais le haghaidh Maritsa Thoir 1 agus Maritsa Thoir 3 a rachaidh in éag in 2024 agus 2026, faoi seach, ná ní thairbheoidh siad d'aon tacaíocht nua Stáitchabhrach.
- An t-athchóiriú ar an margadh cothromúcháin leictreachais trí theacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, lena n-áirithítear an méid seo a leanas: (i) ceannófar an acmhainn don chothromú ar théarmaí an mhargaidh; (II) foilseofar praghas na soláthróirí fuinnimh don chothromú laistigh de 30 nóiméad tar éis dhúnadh an mhargaidh ionlae; (III) tabharfar isteach praghas aonair don chothromú ar feadh tréimhsí gan gníomhachtú fuinnimh don chothromú; (IV) tabharfar isteach tréimhse réitigh míchothromaíochtaí 15 nóiméad; agus (v) ní shocrófar aon uasteorainneacha praghais chun leictreachas a chothromú.

Críochnófar an mhargadhchúpláil ar an margadh lá roimh ré ag an teorainn leis an Rómáin agus leis an nGréig ar an margadh ionlae faoin 31 Nollaig 2021 agus faoin 31 Nollaig 2022, faoi seach.

#### Athchóiriú 9 (C4.R9): Treochlár maidir le Neodracht Aeráide

Is é is cuspóir don athchóiriú creat straitéiseach nuashonraithe a chur ar fáil chun an geilleagar a dhíchárbónú. Cumhdaítear leis an athchóiriú Coimisiún um Aistriú Fuinnimh a bhunú chun cásanna agus moltaí a ullmhú le haghaidh treochlár maidir le Neodracht Aeráide. Glacfaidh Comhairle na nAirí Cinneadh maidir le treochlár don Aeráidneodracht.

Bunófar an Coimisiún um Aistriú Fuinnimh ar leibhéal na saineolaithe le rannpháirtíocht leathan geallsealbhóirí chun saineolas, neamhspleáchas agus iolrachas a áirithiú. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chásanna éagsúla maidir le deireadh a chur de réir a chéile le gual/lignít, lena n-áirítear le haghaidh céimniú amach brostaithe. Poibleofar an tuarascáil ar an gcás agus na moltaí. Áireofar sna cásanna agus sna moltaí a fhorbrófar céimeanna chun deireadh a chur de réir a chéile le gual/lignít faoi 2038 ar a dhéanaí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

#### Athchóiriú 10 (C4.R10): Dícharbónú na hearnála fuinnimh

Is é cuspóir an athchóirithe astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a bhaineann le giniúint cumhachta a laghdú. Leis an athchóiriú, tugtar isteach sprioc cheangailteach chun laghdú 40 % faoi bhun leibhéil 2019 a dhéanamh ar na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a bhaineann le giniúint leictreachais atá le baint amach in 2025, agus reachtaíocht maidir le dícharbónú, lena n-áirítear uasteorainn rialála ar a n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin is infheidhme ón 1 Eanáir 2026.

B'ionann iomlán na n-astaíochtaí fíoraite in 2019 le haghaidh earnáil na cumhachta agus 21182433 tona d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, agus bhí 19437716 tona d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin i gceist leis na gléasraí cumhachta ligníte agus gualbhreoslaithe ina measc. Leis an mbeart, laghdófar na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a bhaineann le giniúint leictreachais ó ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe agus lignítadhainte faoi 8455406 tona ar a laghad faoin 31 Nollaig 2025.

Cumhdófar an méid seo a leanas leis an laghdú ar na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin: TPP Maritsa 3 EAD, TPP Maritsa Thoir 2 EAD, TPP Bobov dol EAD, AES-3C Maritsa Thoir 1, TPP Contour Global Maritsa Thoir 3, TEC BRIKEL EAD, TEC Republika, TPP Russe East, agus Toplofikacia Sliven.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 7 (C4.I7): Borradh a chur faoi úsáid fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí geoteirmeacha

Is é cuspóir na hinfeistíochta táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí geoteirmeacha a chur chun cinn tríd an gcreat rialála don fhuinneamh geoteirmeach a leasú agus uirlis gheoteirmeach ar líne a sheoladh.

Áirítear leis an mbeart teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena gcuirfear deireadh leis na príomhbhaic a shainaithnítear sa treochlár maidir le fuinneamh geoteirmeach a fhorbairt mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite, agus lena rialófar úsáid an fhuinnimh gheoteirmigh. Ina

theannta sin, is éard atá san infheistíocht uirlis gheoiteirmeach ar líne a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi a sheoladh.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht 8 (C4.I8): Bonneagar náisiúnta chun leictreachas a stóráil (RESTORE)

Is é cuspóir na hinfeistíochta méadú suntasach a chumasú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite (fuinneamh gaoithe agus gréine) sa mheascán fuinnimh agus slándáil, cobhsaíocht agus ullmhacht chóras leictreachais na Bulgáire a áirithiú.

Is éard a bheidh san infheistíocht tacaíocht chun bonneagar náisiúnta saoráidí stórála leictreachais ar scála na heangaí ina bhfuil 3 000 MWh d'acmhainneacht fuinnimh inúsáidte a shuiteáil agus a choimisiúnú. Déanfar an cur chun feidhme trí phróisis tairisceana iomaíocha.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú 11 (C4.R11). Feabhas a chur ar rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar thrédhearcacht agus iomaíochas cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh. Is éard a bheidh sa bheart deighilt úinéireachta agus rialaithe laistigh den Stát ar an dá oibreoir córais tarchurtha le haghaidh gáis nádúrtha agus leictreachais (i.e. Bulgartransgaz EAD agus ESO EAD) ó struchtúr corparáideach Holding fuinnimh na Bulgáire EAD.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht 9 (C4.I9): Scéim fóirdheontais — athchóiriú foirgneamh cónaithe

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíochtaí in athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh foirgneamh cónaithe a dhreasú. Feidhmeoidh an scéim trí fhóirdheontais a sholáthar don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim EUR 259 milliún de dheontais a sholáthar.

Déanfaidh Banc Forbartha na Bulgáire, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, an scéim a bhainistiú.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, síneoidh an Bhulgáir agus Banc Forbartha na Bulgáire Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht coibhéiseach ábhartha eile cinneadh deiridh dámhachtana na scéime agus déanfar é a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas.
2. Príomhcheanglais an bheartais fóirdheontais chomhlachaithe, lena n-áireofar:
  - a. An tuairisc ar na fóirdheontais arna soláthar agus ar na tairbhíthe deiridh incháilithe.
  - b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfeistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
  - c. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafaidh an beartas fóirdheontais an liosta gníomhaíochtaí agus

sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>47</sup>,

(II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna 48 ábhartha, (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí<sup>49</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>50</sup>.

- d. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhíthe deiridh na scéime cistiú ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais céanna a chumhdach.
3. An méid a chumhdaítear leis an scéim, an struchtúr táillí do Bhanc Forbartha na Bulgáire agus an ceanglas aon fháltais ón scéim nár úsáideadh a úsáid, lena n-áirítear tar éis 2026, chun na gríoch beartais céanna.
  4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    - a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar na fóirdheontais a deonaíodh.
    - b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiríteofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    - c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ndámhfar fóirdheontas.
    - d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plan iniúchóireachta Bhanc Forbartha na Bulgáire. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas nach bhfuair tairbhíthe deiridh na Scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme á n-urramú.

<sup>47</sup>Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

<sup>48</sup> I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>49</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>50</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus dileá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

**D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisiotha**

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
63	C4.R1: Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú a bhunú	Garsprioc	Measúnú ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh arna fhoilsiú ag painéal saineolaithe neamhspleách	An measúnú ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Fuinnimh				R3	2022	<p>Déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleách measúnú ar an gcreat rialála náisiúnta um éifeachtúlacht fuinnimh agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Bacainní ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a shainaitheint;</li> <li>2. moltaí a chur ar fáil maidir le hathruithe ar an gcreat rialála náisiúnta;</li> <li>3. Roghanna a shainaitheint maidir le struchtúr an Chiste Náisiúnta um Dhíchárbónú, go háirithe maidir le húinéireacht agus rialachas;</li> <li>4. Foinsí féideartha a shainaitheint chun an Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú a chaipitliú.</li> </ol>
64	C4.R1: Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú a bhunú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear an Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú agus a fhochistí agus reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar.	Foráil i ngach dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm agus ceann na reachtaíochta tánaistí				R1	2023	<p>Teacht i bhfeidhm an dlí agus na reachtaíochta tánaistí gaolmhaire chun an Ciste Náisiúnta Dhíchárbónaithe agus a fhochistí a bhunú.</p> <p>Saineofar leis an dlí struchtúr, rialachas agus rialacha oibriúcháin an Chiste. Beidh an rialachas i gcomhréir le treoirlínte ábhartha ECFE maidir le rialachas corparáideach, lena n-áirítear roghnú agus ceapadh an bhainisteora cistí agus na mbainisteoirí fochiste trí nós imeachta trédhearcach, oscailte agus bunaithe ar fhiúntas.</p> <p>Áireofar sna rialacha oibriúcháin an straitéis infheistíochta, bearta cur chun feidhme,</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										táirgí airgeadais, faighteoírí deiridh, teaghlaim d'ionstraimí airgeadais agus de dheontais, chomh maith le tionscadail incháilíthe, éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, úsáid foinsí in-athnuaite agus truailliú a laghdú.
65	C4.R1: Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú a bhunú	Garspríoc	Tá an Ciste Náisiúnta um Dhíchárbónú agus a fhochistí ag feidhmiú	Shínigh rialtas na Bulgáire agus bainisteoir an Chiste comhaontú conarthach				R3	2024	Beidh an méid seo a leanas sa chomhaontú idir rialtas na Bulgáire agus bainisteoir an Chiste: a. critéir incháilítheachta le haghaidh infheistíochtaí agus tairbhíthe deiridh; b. sonraí maidir le rialachas agus rialacha cistí, gearáil, foinsí cistiúcháin lena n-áirítear cistí príobháideacha, socruithe cur chun feidhme, táirgí airgeadais, beartas riosca agus beartais ábhartha eile.
66	C4.R3: Sainmhíniú ar 'bochtaineacht fuinnimh' agus ar chritéir chun teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus tomhaltóirí leochaileacha a shainathint	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht Fuinnimh agus ar an reachtaíocht thánaisteach a bhaineann le 'bochtaineacht fuinnimh'	Foráil san Acht um Fhuinneamh lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht Fuinnimh agus ar an reachtaíocht thánaisteach				R4	2022	Leis na leasuithe ar an Acht Fuinnimh agus ar an reachtaíocht thánaisteach ina dhiaidh sin, rialófar an sainmhíniú ar 'bochtaineacht fuinnimh' agus saineofar critéir chun teaghlaigh atá faoi bhochtaineacht fuinnimh agus tomhaltóirí leochaileacha a shainathint. Cuirfear san áireamh sna leasuithe na critéir a liostaítear i dTreoir 2019/944: ioncam íseal, costais arda fuinnimh mar sciar den ioncam atá ar fáil agus éifeachtúlacht fuinnimh íseal.
67	C4.R2: Infheistíochtaí in athchóirithe éifeachtúlachta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Bainistíocht	Foráil san Acht um Bainistíocht Úinéireachta				R3	2022	Maidir leis na leasuithe ar an Acht um Bainistíocht Úinéireachta Condominium: cinnteoireacht úinéirí láithreán aonair i bhfoirgnimh ilárasán a éascú tríd an

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a éascú		Úinéireachta Condominium	Condominium lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe						tairseach is gá chun tacú le hathchóiriú foirgneamh a laghdú. an bhainistíocht ghairmiúil a rialáil trí na dálaí a chruthú chun a cáilíocht a fheabhsú. an t-iarratas ar chreidmheasanna comhchoiteanna a dhéanann an comhthiariniam a éascú trí chomhchuntas bainc a bhunú in ainm an chomhthiarainn.
68	C4.II: Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh	Garspríoc	Lena mbunaítear scéim tacaíochta náisiúnta le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe	Foilsíú an ordaithe ón Aire lena mbunaítear an scéim				R3	2022	Beidh trí fhobheart sa scéim: a. fobheart 1: Athchóiriú fuinnimh de 2.15 milliún m <sup>2</sup> ar a laghad d'ollachar urláir iomlán foirgneamh cónaithe; b. fobheart 2: Athchóiriú fuinnimh ar 354 foirgneamh phoiblí neamhchónaithe ar a laghad; agus c. fobheart 2 agus fobheart 3 le chéile: Athchóiriú fuinnimh ar 524 foirgneamh neamhchónaithe Áiríteofar leis an scéim 30 % ar a laghad de choigilteas ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh i gcomparáid leis an staid réamh-athchóirithe agus comhlíonadh na Treorach Teicniúla 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).
69	C4.II: Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh  Fobheart 1: Athchóiriú	Garspríoc	Glaob ar thograí le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh	Sonraíochtaí glaonna a fhoilsíú				R3	2022	Foilseoidh an Aireacht Forbartha Réigiúnaí agus Oibreacha Poiblí an glao ar thograí, arb í an t-údarás atá freagrach as athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh foirgneamh cónaithe. Beidh an dá chéim seo a leanas den chur i bhfeidhm san áireamh sa ghlaob:

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	foirgneamh cónaithe		foirgnimh chónaithe							<p>a. céim 1 — oscailte d'iarraitais agus deontais 100 % á maoiniú;</p> <p>b. céim 2 — ar oscailt d'iarraitais le maoiniú deontais 80 % agus maoiniú 20 % ó úinéirí tí.</p> <p>Rithfidh an dá chéim den chur i bhfeidhm i ndiaidh a chéile agus ní rithfidh siad go comhthreomhar.</p>
70	<p>C4.II: Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh</p> <p>Fobheart 1: Athchóiriú foirgneamh cónaithe</p> <p>Fobheart 2: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe, lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus</p> <p>Fobheart 3: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí, chomh maith le foirgnimh</p>	Garspríoc	Síniú conarthaí le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh foirgneamh	Conarthaí sínithe				R2	2025	Síniú conarthaí ag an Aireacht Forbartha Réigiúnaí agus Oibreacha Poiblí agus tairbhíthe.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	ó earnáil na turasóireachta									
71	C4.I1: Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh  Fobheart 1: Athchóiriú foirgneamh cónaithe	Cuspóir sonrach	Athchóiriú fuinneamhéifeach túil críochnaithe ar fhoirgnimh chónaithe ilteaghlaigh — bonneagar tithíochta athchóirithe (ollachar urláir)		Ollachar urláir athchóirithe foirgneamh cónaithe (m <sup>2</sup> )	0	2.15 milliún	R2	2026	Athchóiriú fuinneamhéifeachtúil ar fhoirgnimh chónaithe ilteaghlaigh a thabhairt chun críche. Leis an athchóiriú, laghdófar 30 % ar a laghad den tomhaltas fuinnimh phríomhúil ar an meán.
72	C4.I1: Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh Fobheart 2: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe, lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus Fobheart 3: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí, chomh maith le foirgnimh ó earnáil na turasóireachta	Garspríoc	Glaonna ar thograí maidir le hathchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh neamhchónaithe	Foilsíú sonraíochtaí glaonna le haghaidh glao 1 (foirgnimh phoiblí) agus glao 2 (foirgnimh sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí)				R3	2022	Foilseoidh an Aireacht Forbartha Réigiúnaí agus Oibreacha Poiblí an dá ghlaio seo a leanas ar thograí le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh foirgneamh neamhchónaithe: a. glao ar fhoirgnimh phoiblí; b. glao ar fhoirgnimh sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí.
75	C4.I1:	Cuspóir sonrach	Athchóiriú fuinnimh críochnaithe ar		Líon	0	524	R2	2026	Athchóiriú fuinneamhéifeachtúil 524 fhoirgneamh neamhchónaithe ar a laghad a

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Tacaíocht d'athchóiriú an stoic foirgneamh  Fobheart 2: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe, lena n-áirítear foirgnimh phoiblí agus Fobheart 3: Athchóiriú foirgneamh neamhchónaithe sa mhonaraíocht, sa trádáil agus i seirbhísí, chomh maith le foirgnimh ó earnáil na turasóireachta		fhoirgnimh neamhchónaithe — líon na bhfoirgneamh athchóirithe (fobhearta 2 agus 3)							thabhairt chun críche, ar foirgnimh phoiblí 354 díobh ar a laghad.  Leis an athchóiriú, laghdófar 30 % ar a laghad den tomhaltas fuinnimh phríomhúil ar an meán.
75a	C4.I9: Scéim fóirdheontais — athchóiriú foirgneamh cónaithe	Garspríoc	Comhaontú Cur Chun Feidhme, Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhíthe, tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontait he Cur Chun Feidhme, Deimhniú aistrithe				R2	2026	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.  Beidh comhaontuithe fóirdheontais dlíthiúla déanta ag Banc Forbartha na Bulgáire le tairbhíthe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % de chistí RRF a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme (lena n-áirítear táillí bainistíochta) a úsáid.  Aistreoidh an Bhulgáir EUR 272.9 milliún chuig Banc Forbartha na Bulgáire.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
76	C4.I2: Tacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite do theaghlaigh	Garspríoc	Lena mbunaítear scéim náisiúnta tacaíochta don fuinneamh in-athnuaite do theaghlaigh	Foilsíú an ordaithe ón Aire lena mbunaítear an scéim				R4	2022	Maoineofar leis an scéim ceannach an ghrianuisce the tí gréine (DHW) nó an chórais fhótavoltaigh 'is fearr sa aicme' suas le 10kWp agus áiríteofar léi go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).
78	C4.I2: Tacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite do theaghlaigh	Cuspóir sonrach	Líon na dteaghlach cuidithe a thairbhíonn d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite		Líon	0	1 500	R4	2025	Tá ara laghad 1500 teaghlach ag a bhfuil foinsí neamhéifeachtúla teasa breosla sholadaigh suiteáilte sa aicme is fearr i ngrianuisce tí (DHW) nó i gcórais fhótavoltacha.
79	C4.I3: Tacaíocht do chórais soilsithe sráide atá tíosach ar fhuinneamh	Garspríoc	Síniú conarthaí deontais chun córais tintrí phoiblí a athchóiriú (glao 1)	Conarthaí sínithe ag an Aireacht Fuinnimh leis na hiarratasóirí ar éirigh leo				R3	2022	Sonrófar sna conarthaí deontais chun córais soilsithe phoiblí a athchóiriú go mbeidh laghdú 30 % ar a laghad ar ídiú fuinnimh phríomhúil le baint amach.
81	C4.I3: Tacaíocht do chórais soilsithe sráide atá tíosach ar fhuinneamh	Cuspóir sonrach	Ídiú fuinnimh a laghdú		Coigilteas fuinnimh i meigeavatu aireanta (MWh) in aghaidh na bliana	0	120000	R2	2026	Bainfear an spríoc amach ar thomhaltas fuinnimh a laghdú mar thoradh ar athchóiriú an tsoilsithe phoiblí, rud a léireofar trí dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Cinnfear an méid fuinnimh a shábháiltear trí thomhaltas a thomhas sula gcuirfear beart feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme agus ina dhiaidh sin.
82	C4.R4: Borradh a chur faoi thionscadail éifeachtúlachta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla maidir le feabhsuithe	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm na				R4	2022	Cumasófar a an modh chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú trí úsáid a bhaint as an mbille fónais mar an

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite trí bhilí fuinnimh		éifeachtúlachta fuinnimh faoi shamhail na gCuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh (ESCO).	ngníomhartha dlí						meán aisiocaíochta. Ní cheadófar leis an sásra coirí gáis a mhaoiniú mar rogha chun córais téimh ola a athsholáthar.
83	C4.R5: Ionad Ilfhreastail le haghaidh athchóirithe	Garspríoc	Ionaid ilfhreastail phiolótacha a bhunú le haghaidh athchóiriú fuinnimh	Ionad ilfhreastail oibríochtúil				R4	2022	Beidh sé ionad ilfhreastail fhisiceacha ag feidhmiú ar bhonn réigiúnach chun comhairle a chur ar fáil agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí araon. Comhtháthóidh an t-ionad ilfhreastail an fhaisnéis agus na seirbhísí uile is gá le haghaidh athchóiriú fuinnimh, lena n-áirítear maidir leis na foinsí tacaíochta airgeadais atá ar fáil ón Aontas.
84	C4.R5: Ionad Ilfhreastail le haghaidh athchóirithe	Cuspóir sonrath	Ionaid ilfhreastail fhisiceacha a bhunú i ngach réigiún NUTS-3 (nó limistéar feidhme)		Líon	0	28	R4	2023	Beidh oifig ionaid ilfhreastail fhisiciúil amháin ar a laghad i ngach réigiún NUTS-3 oibríochtúil. Comhtháthóidh an t-ionad ilfhreastail an fhaisnéis agus na seirbhísí uile is gá le haghaidh athchóiriú fuinnimh, lena n-áirítear maidir leis na foinsí tacaíochta airgeadais atá ar fáil ón Aontas.
85	C4.I4: Claochlú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais	Garspríoc	Conarthaí sínithe nó tús a chur le hoibreacha chun na córais náisiúnta tarchurtha a uasghrádú	Conradh/conarthaí sínithe ag ESO EAD nó tús na n-oibreacha				R3	2022	Síniú conarthaí nó tús a chur le hoibreacha chun uasghrádú a dhéanamh ar na córais tarchurtha náisiúnta a bhaineann le Córais Uathoibríthe Fostáisiúin (SAS) a imscaradh i 171 fhostáisiún ar leibhéal voltais 110 kV.
86	C4.I4: Claochlú digiteach na heangaí	Cuspóir sonrath	Coinníollacha teicniúla cumasaithe chun acmhainneacht		Meigeavata nna (MW)	1 842	4 342	R2	2025	Comhlíonfar na coinníollacha agus na ceanglais uile maidir le hindéantacht theicniúil an chórais tarchurtha leictreachais chun 2 500 MW ar a laghad

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	tarchurtha leictreachais		táirgeachta nua 2 500 MW ó fhoinsí in-athnuaite (gaoth agus grian) a chomhtháthú sa chóras leictreachais							d'acmhainneacht táirgeachta nua, i gcomparáid le leibhéal 2020, ó fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais.
88	C4.I4: Claochlú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais	Cuspóir sonrach	Méadú 1200 MW ar ghlanacmhainn tarchurtha trasteorann		Meigeavata nna (MW)	1 400	2 600	R2	2025	Déanfar 1200MW ara laghad de ghlanacmhainn tarchurtha trasteorann bhreise leis an Rómáin agus leis an nGréig, i gcomparáid le leibhéal 2020, a choimisiúnú agus a chur ar fáil don mhargadh.
89	C4.I4: Claochlú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais	Cuspóir sonrach	Coinníollacha teicniúla cumasaithe chun 2000 MW breise ó fhoinsí in-athnuaite (gaoth agus grian) a chomhtháthú sa chóras leictreachais		Meigeavata nna (MW)	4 342	6 342	R2	2026	Comhlíonfar na coinníollacha agus na ceanglais uile maidir le hindéantacht theicniúil an chórais tarchurtha leictreachais chun 2 000 MW breise a chomhtháthú sa chóras leictreachais chun 4 500 MW d'acmhainneacht táirgeachta a bhaint amach go carnach, i gcomparáid le leibhéal 2020, ó fhoinsí in-athnuaite.
90	C4.R7: Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí hidrigine agus an táirgthe agus an tsoláthair hidrigine	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gcreat reachtach, lena gcuirtear an Treochlár Náisiúnta chun feidhme	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gcreat reachtach				R2	2025	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an gcreat rialála bunaithe ar an Treochlár Náisiúnta.  Leis na leasuithe, bainfear na príomhbhaic a shaináithnítear sa treochlár maidir le teicneolaíocht hidrigine glaise a fhorbairt agus cuirfear chun feidhme na bearta is gá chun slabhra luacha na hidrigine glaise a fhorbairt.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioic	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprioicanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioic agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
91	C4.R8: Léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais	Garsprioic	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla	Foráil sna gníomhartha dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R3	2022	<p>Déanfar an méid seo a leanas leis na gníomhartha dlí:</p> <p>1. An margadh mórdhíola leictreachais a léirscaoileadh faoin 1 Iúil 2025 ar a dhéanaí faoin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— deireadh a chur le hoibleagáidí cuóta don mhargadh rialáilte agus deireadh a chur le ról Natsionalna Elektricheska Kompania EAD (NEK) mar sholáthróir poiblí;</li> <li>— toirmeasc a chur ar chonarthaí fadtéarmacha, lena n-áirítear comhaontuithe ceannaigh cumhachta, nó ar aon chomhaontuithe comhchosúla eile a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht chéanna leo nó atá coibhéiseach leo cé is moite de na comhaontuithe sin le haghaidh fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite nó díobh siúd a thugtar i gcrích ar an malartú cumhachta. Ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh luath na gcomhaontuithe ceannaigh cumhachta atá ann faoi láthair, ní bhfaighidh gléasraí a thairbhígh de chomhaontuithe den sórt sin Státhabhair nua chun tacú le táirgeadh cumhachta ó ghual crua nó lignít;</li> </ul> <p>2. an margadh cothromúcháin leictreachais a athchóiriú faoin 31 Nollaig 2024 ar a dhéanaí tríd an méid seo a leanas a áirithiú:</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>a. beidh ceannach na hacmhainneachta don chothromú bunaithe ar an margadh;</li> <li>b. foilseofar praghas an fhuinnimh don chothromú laistigh de 30 nóiméad tar éis dhúnadh an mhargaidh ionlae;</li> <li>c. tabharfar isteach praghas aonair don chothromú ar feadh tréimhsí gan gníomhachtú fuinnimh don chothromú;</li> <li>d. tabharfar isteach tréimhse réitigh éagothroime 15 nóiméad;</li> <li>e. ní shocrófar aon uasteorainneacha praghais chun leictreachas a chothromú.</li> </ul>
92	C4.R8: Léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais	Garsprioc	Comhtháthú an mhargaidh leictreachais	Cúpláil an mhargaidh leictreachais lá roimh ré agus ionlae a chur i gcrích leis an Rómáin agus leis an nGréig				R4	2022	<p>Beidh cúpláil an mhargaidh leictreachais lá roimh ré leis an Rómáin críochnaithe agus oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2021.</p> <p>Beidh cúpláil an mhargaidh leictreachais ionlae leis an nGréig críochnaithe agus oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2022.</p>
93	C4.R11: Feabhas a chur ar rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh	Garsprioc	Deighilt idir úinéireacht agus rialú na n-oibreoirí córas tarchurtha Bulgartransgaz EAD agus ESO EAD laistigh den Stát	Eintitis chorparáideach ar leithligh atá bunaithe faoi úinéireacht phoiblí				R4	2025	<p>Déanfar oibreoirí córais tarchurtha Bulgartransgaz agus ESO a dheighilt ó struchtúr corparáideach Ghabháltas Fuinnimh na Bulgáire. Bunófar iad mar ghnóthais phoiblí ar leithligh. Chun cur chun feidhme tapa a áirithiú, ullmhóidh agus glacfaidh an Aireacht Fuinnimh plean gníomhaíochta maidir leis an bpróiseas</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										deighilte faoin 31 Nollaig 2022 ar a dhéanaí.  Eagrófar na heintitis nua mar fhiontair faoi úinéireacht stáit i bhfoirm dhlíthiúil cuideachtaí tráchtála agus lánurraim á tabhairt don dlí maidir le rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit (an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí Uimh. 79/2019).
95	C4.R6: Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó fhoinsi in-athnuaite	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí				R4	2022	Maidir le gníomhartha dlí:  1. na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite lena ngintear leictreachas a shimpliú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:  a. spriocdhátaí a thabhairt isteach maidir le ceadanna a eisiúint chun a áirithiú nach rachaidh an nós imeachta um nascadh leis an eangach thar 6 mhí.  b. nósanna imeachta cuntasachta a thabhairt isteach i gcás moilleanna ar oibreoirí córais dáileacháin agus oibreoirí córais tarchurtha ceadanna nasctha leis an eangach a eisiúint.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>2. ainmniú criosanna tosaíochta le haghaidh páirceanna gaoithe ar talamh a chumasú.</p> <p>3. an nós imeachta ceadaithe le haghaidh suiteálacha fótavoltacha gréine dá n-úsáid féin suas le 1 MW a shimpliú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:</p> <p>a. córas fógartha a thabhairt isteach maidir le nascadh leis an eangach gan é a bheith de cheangal ar an oibreoir córais dáileacháin tuairim a eisiúint.</p> <p>b. deireadh a chur de réir a chéile leis na hoibleagáidí dleacht mháil a dhearbhu le haghaidh féinghiniúna agus stóras cánach a chlárú.</p>
96	C4.R6: Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla	Foráil sna gníomhartha dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí				R4	2025	<p>Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, lena ndéanfar an méid seo a leanas:</p> <p>1. creat rialála agus tacaíochta a thabhairt isteach le haghaidh infheistíochtaí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:</p> <p>a. planáil speisialta amach ón gcósta le limistéir thiomnaithe ‘is fearr’ ina mbeadh</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>suiteálachagaoithe amach ón gcósta i gcomhréir leis an reachtaíocht chomhshaoil; agus</p> <p>b. plean forbartha eangaí don limistéar cósta.</p> <p>2. forbairt an fhéintomhaltais inathnuaithe agus na gcomhphobal fuinnimh in-athnuaithe a éascú.</p>
97	C4.I8: Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó RES a stóráil (RESTORE)	Garsprioc	Leasú ar an gcreat reachtach náisiúnta chun tacú le himscaradh tapa na stórála leictreachais	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R4	2022	Le leasuithe ar an reachtaíocht phríomha nó thánaisteach ábhartha, cuirfear deireadh le bacainní, tabharfar isteach creat sonrath rialála agus tacaíochta chun saoráidí stórála leictreachais a thógáil, a nascadh agus a oibriú.
104	C4.R6: Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaithe	Cuspóir sonrath	Acmhainneacht táirgeachta nua fhoriomlán leictreachais ó fhoinsí in-athnuaithe (cumhacht na gaoithe agus na gréine) arna choimisiúnú		Meigeavata nna (MW)	0	3 500	R2	2026	Déanfar 3 500 MW ar a laghad d'acmhainneacht bhreise foinsí in-athnuaithe fuinnimh ( gaoth agus grian) i gcomparáid le leibhéilacmhainneachta suiteáilte 2022 ( gaoth agus grianfhuinneamh) a choimisiúnú agus a nascadh leis an eangach.
105	C4.I7: Borradh a chur faoi úsáid fuinnimh in-athnuaithe ó fhoinsí geoiteirmeacha	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaithe ó	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí				R4	2022	Déanfar an méid seo a leanas leis na gníomhartha dlí: 1. Deireadh a chur leis na príomhbhaic a sainaitníodh sa treoclár maidir le

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			fhoinsí geoiteirmeacha							fuinneamh geoiteirmeach a fhorbairt mar fhoirse fuinnimh in-athnuaite; 2. foráil a dhéanamh nach mbeidh aon truailliú screamhuisce ná dromchlaí uisce ann, i staidéir ar fhuinneamh geoiteirmeach agus le linn oibriú na suiteála araon; 3. úsáid an fuinnimh gheoiteirmigh mar acmhainn a rialáil.
106	C4.17: Borradh a chur faoi úsáid fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí geoiteirmeacha	Garspríoc	Uirlis gheoiteirmeach ar líne	Seoladh na huirlise geoiteirmeach a ar líne				R4	2025	Cuirfidh an uirlis ar a gcumas d'úsáideoirí costas cothromaithe an teasa gheoiteirmigh a ríomh bunaithe ar shuíomh geografach agus saintréithe teasa.  Foilseofar an uirlis ar shuíomh gréasáin na hAireachta Fuinnimh agus beidh rochtain ag an bpobal uirthi.
113	C4.R9: Treochlár maidir le Neodracht Aeráide	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Chinnidh Rialtais lena mbunaítear an Coimisiún um Aistriú chuig Fuinneamh Glas	Foráil sa Chinneadh Rialtais lena léirítear teacht i bhfeidhm an Chinnidh Rialtais agus bunú an Choimisiúin um Aistriú chuig Fuinneamh Glas				R2	2022	Leis an gCinneadh Rialtais, bunófar an Coimisiún agus tabharfar sainordú dó cásanna agus moltaí a ullmhú le haghaidh Treochlár maidir le Neodracht Aeráide.  Cuirfear an Coimisiún ar bun ar leibhéal na saineolaithe le rannpháirtíocht leathan geallsealbhóirí chun saineolas, neamhspleáchas agus iolrachas a áirithiú.  Díreofar an tuarascáil cáis agus na moltaí chuig an Rialtas agus poibleofar iad.  Áireofar sna cásanna agus sna moltaí a fhorbrófar céimeanna chun deireadh a chur

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>de réir a chéile le gual/lignít a luaithe is féidir agus faoi 2038 ar a dhéanaí.</p> <p>Tá coinne leis go rannchuideoidh forbairt na gcásanna agus na tuarascála le tabhairt chun críche tráthúil na bPleananna Críochacha um Aistriú Cóir le haghaidh na réigiún guail.</p> <p>Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chásanna éagsúla chun deireadh a chur de réir a chéile le gual/lignít, lena n-áirítear chun céimniú amach brostaithe a thabhairt chun críche faoi 2030, i gcomhréir le Ballstáit chomharsanachta inchomparáide.</p>
114	C4.R9: Treochlár maidir le Neodracht Aeráide	Garsprioc	Cinneadh maidir le Treochlár i ndáil le Neodracht Aeráide á ghlacadh ag Comhairle na nAirí	Cinneadh ó Chomhairle na nAirí glactha				R3	2022	Glacfaidh Comhairle na nAirí Cinneadh maidir le Treochlár don Aeráidneodracht. Leagfar síos sa Treochlár an dáta deiridh le haghaidh deireadh a chur de réir a chéile le gual/lignít faoi 2038 ar a dhéanaí, mar a shainithnítear i gceann de na cásanna a d'fhorbair an Coimisiún um Aistriú Fuinnimh ina Thuarascáil ina mbeidh cásanna agus moltaí.
115	C4.R10: Dícharbónú na hearnála fuinnimh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dlí lena dtugtar isteach uasteorainn astaíochtaí CO2 do ghléasraí cumhachta ligníte	Foráil sa dlí lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R2	2025	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear rialacha maidir le leictreachas a tháirgeadh ó ghual nó ó lignít. Maidir leis an dlí: <ul style="list-style-type: none"> <li>a. toirmeasc ar an méid seo a leanas a áireamh: suiteálacha nua a thógáil agus a oibriú chun leictreachas a tháirgeadh ó ghual crua nó ó lignít; agus</li> <li>b. teorainn fhoriomlán a chur le méid iomlán bliantúil na n-astaíochtaí dé-</li> </ul>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			agus gualbhreoslaithe							<p>ocsaíde carbóin (CO2) mar a thairfeadtar i gClárlann Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) le haghaidh gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe agus lignítadhainte atá ann cheana ('Caidhp Astaíochtaí'). Beidh feidhm ag an gCaidhp Astaíochtaí ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Áiríteofar leis an gCaidhp Astaíochtaí nach rachaidh astaíochtaí bliantúla na ngléasraí cumhachta ligníte agus gualbhreoslaithe uile dá dtagraítear sa tuairisc ar an mbeart thar 10983000 tona CO2 go dtí go mbeidh deireadh curtha leis an gcéimniú amach guail agus ligníte de réir a chéile. Beidh feidhm ag an gCaidhp Astaíochtaí bhliantúil mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- In 2026, beidh feidhm ag an gCaidhp Astaíochtaí 10983000 tona CO2 maidir leis na hastaíochtaí CO2 in 2026;</li> <li>- In 2027, beidh feidhm ag an gCaidhp Astaíochtaí 10983000 tona CO2 maidir le meánastaíochtaí CO2 in 2026 agus 2027;</li> <li>- Ó 2028 ar aghaidh, beidh feidhm ag an gCaidhp Astaíochtaí 10983000 tona CO2 maidir le meánastaíochtaí CO2 thar thréimhserollach 3 bliana lena</li> </ul>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>geuimsítearan bhliain ábhartha agus an 2 bhliain roimhe sin.</p> <p>Déanfar na hastaíochtaí bliantúla CO2 a ríomh i gcomhréir leis an timthriall bliantúil chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí faoi CTA AE dá bhforáiltear i dTreoir CTA 2003/87/CE.</p>
120	C4.R10: Dícharbónú na hearnála fuinnimh	Cuspóir sonrach	Astaíochtaí dé- ocsaíde carbóin ó earnáil na cumhachta a laghdú		Tonaí CO2	19 438 000	10 983 000	R2	2026	<p>Beidh laghdú 8455000tona ar a laghad ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin na ngléasraí cumhachta gualbhreoslaithe nó lignítadhainte uile in 2025i gcomparáid le leibhéal 2019.</p> <p>Déanfar an laghdú a ríomh trí úsáid a bhaint as na hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin bliantúla fíoraithe le haghaidh giniúint leictreachais ó ghual agus lignít mar a thairfeadtar i gClárann Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) arna n-oibriú ag an gCoimisiún Eorpach.</p> <p>Déanfar an laghdú a thomhas de réir na difríochta idir suim na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin fíoraithe uile ó fhoinsí cumhachta gualbhreoslaithe nó lignítadhainte le haghaidh 2025 agus suim na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin fíoraithe uile le haghaidh giniúint leictreachais le haghaidh 2019 ó ghual agus lignít.</p>
122	C4.I8:	Garsprioc	Síniú an chonartha/na	Síniú na gconarthaí				R2	2025	Síniú conarthaí chun córais stórála ceallraí ar scála eangaí de 3 000 MWh ar a laghad

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioic	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garsprioicanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioic agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Bonneagar náisiúnta chun leictreachas a stóráil (RESTORE)		gconarthaí chun córais stórála ceallraí ar scála na heangaí a fhorbairt							d'acmhainneacht fuinnimh a fhorbairt tar éis próiseas tairisceana iomaíoch.  Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01)
125	C4.I8: Bonneagar náisiúnta chun leictreachas a stóráil (RESTORE)	Cuspóir sonracha	Stóráil leictreachais		Meigeavat uaireanta (MWh)	0	3 000	R2	2026	Coimisiúnú3 000 MWh de thoilleadh fuinnimh inúsáidte na gcóras stórála leictreachais.

## **E. COMHPHÁIRT 5: BITHÉAGSÚLACHT**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire bainistiú éifeachtach an Líonra Náisiúnta Éiceolaíoch a áirithiú d'fhonn éiceachórais agus gnáthóga nádúrtha agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach agus náisiúnta ag baint leo a chosaint agus a athbhunú.

### **E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Athchóiriú 1 (C5.R1): Struchtúr rialachais Líonra Natura 2000 a bhunú

Is é cuspóir an bhirt struchtúir bhainistíochta éifeachtacha Natura 2000 a thógáil.

Is éard atá sa bheart athruithe reachtacha, lena mbunaítear struchtúir chun líonra Natura 2000 a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus lena dtugtar isteach ceanglais chun pleananna bainistíochta líonra a fhorbairt. Tabharfar isteach leis na hathruithe reachtacha freisin an ceanglas go mbainisteofar gach limistéar faoi chosaint ar bhonn doiciméad pleanála, lena saineofar cuspóirí agus bearta caomhnaithe atá sonracha don láithreán.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2022.

### **E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
126	C5.R1: Struchtúr rialachais Líonra Nádurtha 2000 a bhunú	Garspríoc	Leasuithe ar an nGníomh um Bithéagsúlacht	Teacht i bhfeidhm				R3	2022	Leis na leasuithe ar an nGníomh um Bithéagsúlacht, déanfar an méid seo a leanas: an ceanglas a thabhairt isteach maidir le struchtúir a chruthú chun líonra Natura 2000 a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus pleananna bainistíochta líonra a fhorbairt. Tabharfar isteach leis na leasuithe freisin an ceanglas go mbainistíofar gach limistéar faoi chosaint ar bhonn doiciméad pleanála, lena sainíofar cuspóirí agus bearta caomhnaithe atá sonracha don láithreán.

## **F. COMHPHÁIRT 6: TALMHAÍOCHT INBHUANAITHE**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire bainistiú inbhuanaithe agus iomaíochas earnáil talmhaíochta na Bulgáire a fheabhsú i gcomhthéacs an aistrithe ghlais.

Cuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha do na blianta 2019 agus 2020 ina moltar beartais infheistíochta agus beartais a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (Moladh Sonrach Tír 3 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 1 (C6.R1): Creat straitéiseach earnáil na talmhaíochta a thabhairt cothrom le dáta**

Is é is cuspóir don bheart creat straitéiseach earnáil talmhaíochta na Bulgáire a oiriúnú chun go mbeidh sé comhoiriúnach le gealltanais na tíre a eascraíonn as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus as an gComhaontú Glas don Eoraip.

Is éard atá i gceist leis an mbeart an Clár Gníomhaíochta Náisiúnta a ghlacadh lena rannchuidítear le cuspóirí na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ 2030 (mar shampla infheistíocht ghlas a chur chun cinn, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha (uisce, ithir, aer), oiriúnú don athrú aeráide agus maolú air). Leagfar amach sa chláir creat chun an comhshaol agus acmhainní nádúrtha i réimse na talmhaíochta a bhainistiú agus a chosaint.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### **Infheistíocht 1 (C6.I1): Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn**

Is é cuspóir an bhirt rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chuireann bac ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht earnáil talmhaíochta na Bulgáire agus dlús a chur le hoiriúnú na hearnála don athrú aeráide, le glasú a táirgthe agus lena claochlú digiteach.

Is éard atá i gceist leis an mbeart Ciste a bhunú chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn. Leis an gCiste, tabharfar tacaíocht d’fheirmeoirí chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lena n-áiríteofar cosaint an chomhshaoil agus maolú ar an athrú aeráide, lena dtabharfar isteach táirgeadh nuálach agus teicneolaíochtaí digiteacha, táirgeadh talmhaíochta agus teicneolaíochtaí eagrúcháin, uathobriú próiseas oibre agus giorrú slabhraí soláthair. Cuirfidh an Ciste infheistíochtaí chun cinn in dhá shraith: 1) nuachóiriú teicneolaíoch agus comhshaoil; 2) ionaid ullmhúcháin chun torthaí agus glasraí a mhargú agus a stóráil.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

Go háirithe, áireofar sa ghlaio ar thograí faoin gCiste critéir roghnúcháin lena n-áiríteofar go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) de thionscadail a fhaigheann tacaíocht trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 2 (C6.I2): Próisis a dhigitiú ón bhfeirm go dtí an forc

Is é is cuspóir don bheart malartú uathoibríoch sonraí idir an riarachán agus feirmeoirí a éascú d’fhonn sreabhadh sonraí níos éifeachtúla agus níos aonfhoirmí a áirithiú agus an gá atá le formáidí iomarcacha doiciméad a choinneáil ar bun a sheachaint.

Is éard atá i gceist leis an mbeart córas faisnéise talmhaíochta leictreonach láraithe a chur ar bun ina mbeidh roinnt modúl lena féidir an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) úsáid táirgí cosanta plandaí agus leasachán trí logleabhair a dhigitiú lena n-úsáid; 2) úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta frithmhicróbacha a rialú; Inrianaitheacht ó tháirgeadh príomhúil go tomhaltas deiridh ar bhonn aitheantóra uathúil chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus chun táirgeadh bia ardcháilíochta agus inacmhainne a spreagadh; Oiliúint ar líne, lena n-áirítear ábhar modúl oiliúna agus comhairle d’fheirmeoirí. Áirítear leis an mbeart freisin líonra cumarsáide de bhraiteoirí allamuigh agus báistí a bhunú chun faisnéis a sholáthar maidir le taise, aer agus teocht ithreach agus báisteach ithreach.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

**F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Seq N <sup>o</sup>	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
131	C6.R1: Creat straitéiseach earnáil na talmhaíochta a thabhairt cothrom le dáta	Garsprioc	Glacadh an Chláir Gníomhaíochta Náisiúnta lena rannchuidítear le cuspóirí na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ 2030	Glactha ag Comhairle na nAirí				R2	2025	Sa Chlár Gníomhaíochta Náisiúnta a rannchuidíonn le cuspóirí na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ 2030, leagfar amach creat chun an comhshaol agus acmhainní nádúrtha i réimse na talmhaíochta a bhainistiú agus a chosaint. Is é is aidhm don chlár infheistíocht ghlas, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha (uisce, ithir, aer), oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide a chur chun cinn. Beidh bunú sásra tiomnaithe chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar a chur chun feidhme ag gabháil leis an gClár Gníomhaíochta.
133	C6.I1: Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na	Garsprioc	Dámhachtain comhaontuithe deontais le haghaidh tacaíocht faoin	Dámhachtain comhaontuithe deontais a chur in iúl maidir le tacaíocht faoin gCiste chun				R2	2025	Dámhachtainí comhaontuithe deontais faoin dá shraith den Chiste a chur in iúl:

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	talmhaíochta a chur chun cinn		gCiste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn	aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn.						— nuachóiriú teicneolaíochta agus comhshaoil — ionaid ullmhúcháin chun torthaí agus glasraí a mhargú agus a stóráil.  Áiritheofar leis na glaonna ar thograí faoi seach go gcomhlíonfaidh na tionscadaíl an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil a chomhlíonadh.
134	C6.I1: Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích		Líon	0	1 700	R2	2026	1700 tionscadal ar a laghad curtha i gcrích.
135	C6.I2: Próisis a dhigitiú ón bhfeirm go dtí an forc	Garsprioc	Dámhachtain conartha le	Dámhachtainí á geur in iúl ag an				R2	2025	Déanfar foráil sa chonradh maidir le réitigh bogearraí a

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			haghaidh réitigh bogearraí don chóras faisnéise leictreonaí d'earnáil na talmhaíochta agus do líonra cumarsáide na mbraiteoirí allamuigh agus báistí.	Aireacht Talmhaíochta						fhorbairt chun comhtháthú na gcóras faisnéise riaracháin a éascú in Ardán Aonair le haghaidh malartú uathoibríoch sonraí idir riarachán agus feirmeoirí agus maidir le líonra cumarsáide de bhraiteoirí allamuigh agus báistí a bhunú chun faisnéis a sholáthar maidir le taise ithreach, teocht aeir agus ithreach agus báisteach. Áireofar ar an Ardán arna fhorbairt faoin gconradh na modúil seo a leanas lena gcumasaítear 1) táirgí cosanta plandaí agus leasacháin a úsáid trí logleabhair a dhigitiú lena n-úsáid; 2) úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta frithmhiocróbacha a rialú; Inrianaitheacht ón táirgeadh príomhúil go dtí an tomhaltas deiridh; Oiliúint ar líne, lena n-áirítear ábhar modúl oiliúna agus comhairle d'fheirmeoirí.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
136	C6.I2: Próisis a dhigitiú ón bhfeirm go dtí an forc	Garsprioc	Cur i gcrích agus seachadadh d'oibríochtúil 1) córas faisnéise talmhaíochta leictreonach agus 2) líonra cumarsáide braiteoirí allamuigh agus báistí	Eisiúint an gabháil ar láimh deimhnithe ón údarás conarthach lena ndeimhnítear go bhfuil an córas faisnéise talmhaíochta leictreonach agus líonra cumarsáide na mbraiteoirí allamuigh agus báistí oibríochtúil.				R4	2025	Áireofar sa chóras leictreonach faisnéise talmhaíochta agus i líonra cumarsáide na mbraiteoirí allamuigh agus báistí na modúil agus na feidhmiúlachtaí a leagtar amach i ngarsprioc 135.

## **G. COMHPHÁIRT 7: NASCAHT DHIGITEACH**

Sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, tá bearta arb é is aidhm dóibh bonneagar digiteach nua-aimseartha slán a thógáil agus an rochtain ar sheirbhísí ar líne a uasmhéadú do shaoránaigh, d'fhiontair, d'údaráis riaracháin phoiblí agus d'institiúidí, go háirithe i gceantair thuaithe agus iargúlta.

Baineann na hinfheistíochtaí a áirítear faoin gcomhpháirt sin le himscaradh mórsála an bhonneagair dhigitigh agus le tógáil, forbairt agus barrfheabhsú an chórais dhigitigh TETRA agus an líonra athsheachadáin raidió.

Is é is aidhm do na hathchóirithe a áirítear faoin gcomhpháirt sin rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme creata éifeachtaigh beartais agus rialála, le húsáid éifeachtúil an speictrim radaimhnicíochta chun líonraí agus seirbhísí 5G a fhorbairt agus le timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú.

Tacaíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2019 agus 2020 ón gComhairle agus rannchuideoidh sí go díreach nó go hindíreach le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe den mholadh tírshonrach do 2019 agus 2020. Go háirithe, rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa chomhpháirt sin le 'infhostaitheacht trí scileanna digiteacha a threisiú' a neartú (moladh tírshonrach 4, 2019), le feabhas a chur ar rochtain ar chianobair agus scileanna digiteacha agus rochtain chomhionann ar oideachas a chur chun cinn (moladh tírshonrach 2, 2020), agus le hinfheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach (moladh tírshonrach 3, 2020), an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a íoslaghdú trí éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus rialtas digiteach a threisiú (moladh tírshonrach 4, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (2021/C58/01).

### **G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 2 (C7.R2): Úsáid éifeachtúil speictrim raidió**

Is é is aidhm don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hullmhacht 5G agus imscaradh luathaithe líonraí 5G a chur chun cinn. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas beartaithe:

- Laghdú ar tháillí speictrim, éifeachtach ón 1 Eanáir 2021 (laghdaíodh méid na táille aonuaire 50 % agus laghdú 35 % ar an táille bhliantúil d'úsáid speictrim);
- Próiseas sannta speictrim luathaithe sna bandaí 700 MHz, 2.6 GHz, 3.6 GHz agus 26 GHz.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt seo chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### **Athchóiriú 3 (C7.R3): Timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú**

Is é is aidhm don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar phríomh-mholtaí Bhosca Uirlisí Coiteann an Aontais le haghaidh Nascachta,<sup>51</sup> agus déanfar an méid seo a leanas leis:

- Cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ceadanna chun córais tarchurtha raidió a thógáil, a chothabháil, a threalamh agus/nó a fheabhsú, chomh maith lena n-athsholáthar nó a gcríochnú trí eilimintí den chóras tarchurtha raidió a chóimeáil nó a dhíchóimeáil;
- An ceart chun rochtain a fháil ar bhonneagar fisiceach atá ann cheana agus atá á rialú ag comhlachtaí earnála poiblí a leathnú chuig oibreoirí tráchtála i gcás nach bhfuil aon leas ag na hoibreoirí sin líonraí den sórt sin a thógáil nó ina mbreithneodh siad úsáid chomhroinnte mar dheis chun a gcostais infheistíochta a laghdú;

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt seo chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

### **Infheistíocht 1 (C7.I1): Bonneagar digiteach a chur in úsáid ar mhórsála**

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo:

- Líonra cnámh droma an stáit (Líonra Aonair Cumarsáide Leictreonaí an Stáit — “SECN”) a fhorbairt trína acmhainneacht tarchurtha a mhéadú agus nascacht le gach ionad bardasach a áirithiú, chomh maith le nascacht idirlín sárghasta provide d’ollscoileanna agus d’eagraíochtaí taighde.
- Tacú le líonraí fíor-ardacmhainne (“VHCN”) a chur in úsáid i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu.

#### ***Colún A — Líonra cnámh droma an Stáit a fhorbairt trína acmhainneacht tarchurtha a mhéadú agus nascacht le gach ionad bardasach a áirithiú***

Leis na gníomhaíochtaí faoin gColún seo, déanfar SECN an riaracháin phoiblí a uasghrádú. Le nóid rochtana (PoP-Pointí-Presence), cuid den líonra stáit, a thógtar in 185 lárionad bardasach, cumasófar rochtain do sholáthraithe seirbhísí leasa phoiblí ar idirlíon leathanbhanda agus/nó tarchur sonraí i bpointí rochtana, chun seirbhísí leictreonacha a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Ina theannta sin, beifear in ann luasanna suas le 100 Gbps a sholáthar d’úsáideoirí sonracha amhail ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde ar gá dóibh nascadh leis an líonra eolaíoch Eorpach GEANT.

#### ***Colún B — Nascacht a fheabhsú i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu***

Tacóidh na gníomhaíochtaí faoi Cholún B le líonraí fíor-ardacmhainneachta a imscaradh i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu. Leis an ngníomhaíocht, beifear in ann rochtain a bheith ag 350000 duine ar sheirbhísí bunaithe ar líonraí fíor-ardacmhainneachta arna soláthar ag bonneagar atá il-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de.

Tabharfar cur chun feidhme na mbeart sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

---

<sup>51</sup> [https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc\\_id=75185](https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=75185)

## **Infheistíocht 2 (C7.I2): An córas digiteach TETRA agus an líonra athsheachadán raidió a thógáil, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú**

Leis an ngníomhaíocht sin, bainfear amach cumhdach náisiúnta chóras TETRA na hAireachta Gnóthaí Baile, méadófar líon shíntiúsóirí an chórais ó gach institiúid stáit agus feabhsófar acmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí. Sroichfidh an cumhdach raidió atá beartaithe don chóras cumarsáide TETRA 90 % le haghaidh teirminéil raidió iniompartha TETRA agus 95 % le haghaidh teirminéil raidió shoghluaiste TETRA ar chríoch na Bulgáire.

Úsáidfean an córas TETRA mar chóras radachumarsáide aontaithe chun timpeallacht chumarsáide a sholáthar don bhainistíocht, don idirghníomhaíocht agus don chomhordú san Aireacht Gnóthaí Baile chomh maith le struchtúir rialtais eile atá freagrach as tionóiscí, tubaistí agus saincheisteanna slándála náisiúnta a chosc.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt seo chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

### **G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
137	C7.R2: Úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhnicíochta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na foraithe maidir le táillí speictrim a laghdú	Foráil i bhforaithe Chomhairle na nAirí lena léirítear teacht i bhfeidhm an laghdaithe ar tháillí speictrim				R1	2021	Bunófar leis an bhForaithe ó Chomhairle na nAirí an laghdú 50 % ar úsáid an speictrim raidió agus laghdú 35 % ar an táille bhliantúil as úsáid an speictrim. Baineann sé sin leis na táillí faoin Dlí maidir le Cumarsáid Leictreonach arna dtobhach ag an gCoimisiún um Rialachán Cumarsáide.
138	C7.R2: Úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhnicíochta	Garsprioc	Fógra maidir le sannadh na gceart úsáide d'oibreoírí sa bhanda speictrim 26 GHz	Fógra a thabhairt maidir le sannadh				R4	2022	Fógra a thabhairt maidir le sannadh ceart úsáide d'oibreoírí sa bhanda speictrim 26 GHz.
139	C7.R2: Úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhnicíochta	Garsprioc	Fógra maidir le sannadh na gceart úsáide d'oibreoírí sna bandaí speictrim 700 MHz agus 800 MHz	Fógra a thabhairt maidir le sannadh				R2	2025	Fógra a thabhairt maidir le sannadh na gceart úsáide d'oibreoírí sna bandaí speictrim 700 MHz agus 800 MHz. Cumhdófar leis an nós imeachta acmhainneacht 3x2x10 MHz ar a laghad sa bhanda speictrim 700 MHz, agus acmhainneacht 3x2x10 MHz i mbanda speictrim 800 MHz, faoi réir criosanna sláintíochta a bhunú timpeall ar aerfoirt mhíleata. Déanfaidh údarais ábhartha stáit agus oibreoírí móibíleacha an acmhainneacht le haghaidh úsáid mhíleata agus criosanna sláintíochta a chomhaontú agus a aithint. Beidh uasnasc agus

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										íosnasc 10+ 10 MHz ag gach ceann de na trí oibreoir mhóibileacha sa Bhulgáir i mbanda 700 MHz agus 800 MHz araon.
140	C7.R3: Timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm athruithe reachtacha lena gcuirtear moltaí chun feidhme faoin mBosca Uirlisí um Nascacht	Foráil sa Dlí maidir le pleanáil spásúlachta agus i gcinneadh 558 ó Chomhairle na nAirí lena léirítear teacht i bhfeidhm athruithe reachtacha				R4	2020	Le hathruithe reachtacha, áiríteofar an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>- Níl gá le cead tógála chun eilimintí de na córais tarchurtha raidió a chothabháil, a threalamh agus/nó a fheabhsú, chomh maith lena n-athsholáthar;</li> <li>- Féadfar acmhainn shaor na líonraí snáithín arna rialú ag comhlachtaí eárnála poiblí a sholáthar lena húsáid d'oibreoirí tráchtála;</li> <li>- Déanfaidh tionscadail bhonneagair a mhaoinítear go poiblí, trí dhearadh réamhshocraithe, tógáil píopaí cosanta agus truncaí cábla ar bhealach a bheidh oscailte lena n-úsáid ag gach oibreoir.</li> </ul>
146	C7.I1: Bonneagar digiteach a chur in úsáid ar mhórskála	Cuspóir sonrach	Forbairt líonra cnámh droma an Stáit		Líon	0	1 709	R2	2026	Agus an sprioc sin curtha ó mhaith: <ul style="list-style-type: none"> <li>- Deonófar rochtain ar phointí rochtana 1Gbps do 1200 soláthraí seirbhísí leasa ghinearálta;</li> </ul>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tabharfar rochtain do 300 soláthraí seirbhísí leasa ghinearálta ar phointí rochtana 10Gbps;</li> <li>- Tabharfar rochtain do 24 ollscoil agus institiúid eolaíochta ar phointí rochtana 200Gbps a bhfuil rochtain acu ar thairseach líonra GEANT in Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire;</li> <li>- Soláthrófar nóid rochtana (PoP-Pointí-Preasa) do 185 bardas, cuid den líonra stáit, nasctha le suíomhanna comhiomlánaithe nó réamh-chomhiomlánaithe trí uasnaisc 2x40Gbps nó 2x100Gbps.</li> </ul>
147	C7.I1: Bonneagar digiteach a chur in úsáid ar mhórscála	Cuspóir sonrach	Daonra ag a bhfuil rochtain ar líonraí fíor-ardacmhainne (VHCN)		Líon	0	350 000	R2	2026	Leis an sprioc, cuirfear ar a gcumas do 350000 duine breise rochtain a bheith acu ar sheirbhísí bunaithe ar líonraí fíor-ardacmhainneachta arna soláthar ag bonneagar atá il-oiriúnach ó thaobh na teicneolaíochta de. i limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu.
148	C7.I2: An córas digiteach TETRA agus an líonra athsheachadán raidió a thógáil, a	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí chun córas TETRA agus líonra	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2022	Déanfar na nósanna imeachta soláthair phoiblí trí thairiscint oscailte iomaíoch.

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	fhorbairt agus a bharrfheabhsú		athsheachadta raidió a fhorbairt							<p>Déanfar dhá nós imeachta soláthair phoiblí leis na hábhair seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An córas digiteach TETRA agus an líonra micreathonnach arna bhainistiú ag an Aireacht Gnóthaí Baile a thógáil, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú, ar córas é a bhfuil gá leis chun é a thógáil mar chóras cumarsáide raidió aontaithe chun timpeallacht chumarsáide a sholáthar le haghaidh bainistiú, idirghníomhaíocht agus comhordú aonad stáit;</li> <li>- Seachadadh gléasanna agus trealamh teirminéil is gá chun 14000 síntiúsóir ó gach institiúid stáit a chur le líonra TETRA.</li> </ul>
149	C7.I2: An córas digiteach TETRA agus an líonra athsheachadain raidió a thógáil, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú	Cuspóir sonrath	Gléasanna agus trealamh úsáideora deiridh seachadta		Líon	20 000	34 000	R2	2025	<p>Soláthrófar gairis agus bogearraí úsáideora deiridh chun teirminéil raidió TETRA a nascadh le haghaidh riachtanais na n-institiúidí stáit uile le haghaidh oibriú sa chóras TETRA. Úsáidfeadh gléasanna an úsáideora deiridh chun síntiúsóirí nua ó na hinstitiúidí stáit a chur leis. Tagraíonn an bhonnlíne 20, 000 do líon na gcríochfort/na</p>

Seq N°	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ngléasanna úsáideoirí deiridh arna seachadadh faoin gcéad leath de 2022.
150	C7.I2: An córas digiteach TETRA agus an líonra athsheachadán raidió a thógáil, a fhorbairt agus a bharrfheabhsú	Cuspóir sonrach	Bunstáisiúin nua dho-aistrithe, dhlútha agus shoghluaiste curtha i bhfeidhm		Líon	0	109	R2	2025	Cuirfear bunstáisiúin nua dho-aistrithe, dhlútha agus shoghluaiste ar chaighdeán TETRA nó a choibhéis i bhfeidhm agus déanfar iad a chomhtháthú i gcóras raidió ceallaigh dhitigigh na hAireachta Gnóthaí Baile atá ann cheana.

## **H. COMHPHÁIRT 8: IOMPAR INBHUANAITHE**

Is é príomhchuspóir na comhpháirte inbhuanaitheacht na hearnála iompair a fheabhsú trí earnáil na mbóithre agus earnáil na n-iarnród a athchóiriú, feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, agus infheistíocht a dhéanamh in iarnróid, in iompar idirmhódúil agus i soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe. Áirítear leis sin infheistíochtaí i nuachóiriú agus digitiú na n-iarnród, rothstoc nua astaíochtaí nialasacha, agus iompar poiblí glan. Meastar go rannchuideoidh an chomhpháirt leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus le fás críochach níos cothroime.

Meastar go rannchuideoidh na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí, Comhpháirt 8 maidir le hIompar Inbhuanaithe, le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a cuireadh in iúl don Bhulgáir in 2019 agus 2020, maidir leis an ngá atá le hinfeistíochtaí a dhíriú ar iompar inbhuanaithe.

Ní mheastar go ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á cur san áireamh.

### **H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú 1 (C8.R1): Creat straitéiseach iompair

Is é is aidhm don athchóiriú feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an iompair, tríd an gcreat straitéiseach náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir leis an gClár Forbartha Náisiúnta don Bhulgáir 2030, agus trí spriocanna sonracha a shainiú chun é a chur chun feidhme.

Áirítear leis an athchóiriú sin na fobhearta seo a leanas mar phríomhréimsí idirghabhála:

#### 1.1 Iompar comhcheangailte

Déanfar an Plean Náisiúnta um Iompar Comhcheangailte a Fhorbairt sa Bhulgáir faoi 2030 a fhorbairt agus é mar phríomhchuspóir aige beartas a chur chun feidhme chun aistriú lasta chuig modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a spreagadh agus tacú leis. Áireofar sa phlean pacáiste beart spriocdhírithre chun iompar níos inbhuanaithe agus níos lú truaillithe a chur chun cinn, lena gcumhdófar (1) saincheisteanna eagraíochtúla agus riaracháin, (2) saincheisteanna oibríochtúla agus tacaíocht don tseirbhís, agus (3) feabhas a chur ar bhonneagar, lena n-áirítear trealamh teirminéil.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

#### 1.2 Earnáil na n-iarnród

Rannchuideoidh an t-athchóiriú le cur chun feidhme na dtosaíochtaí iompair d'iarnród arna mbunú faoin gClár Forbartha Náisiúnta don Bhulgáir 2030 agus faoina pleananna gníomhaíochta trí bliana.

Is é is cuspóir don athchóiriú cumhdach níos airde, níos leithne agus úsáid seirbhísí iarnróid paisinéirí a bhaint amach.

Áireofar leis an athchóiriú athbhreithniú ar na conarthaí seirbhíse poiblí (PSC) atá ann cheana chun seirbhísí iarnróid do phaisinéirí a sholáthar, lena n-áirítear measúnú margaidh atá mar bhonn taca faoi raon feidhme na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, agus tairiscint na gconarthaí seirbhíse poiblí a rachaidh in éag idir 2021 agus R2 2026 trí nós imeachta dámhachtana atá cothrom, neamh-idirdhealaitheach agus iomaíoch i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais an tráth sin. Baineann sé sin go háirithe leis na seirbhísí iarnróid do phaisinéirí a síneofar a gconradh nua seirbhíse poiblí faoin 31 Nollaig 2024 tar éis nós imeachta dámhachtana iomaíoch atá cothrom, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

#### Athchóiriú 2 (C8.R2): Sábháilteacht ar bhóithre

Is é cuspóir an athchóirithe feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus íospartaigh tionóiscí bóthair a laghdú, ós rud é go bhfuil ceann de na rátaí is airde básanna i dtimpistí bóthair san Aontas ag an mBulgáir.

Áirítear leis an athchóiriú creat coincheapúil a bhunú le haghaidh bainistiú nua sábháilteachta ar bhóithre i ndoiciméad straitéiseach comhtháite aonair le haghaidh 2021-2030 agus cur chun feidhme a chéad phlean gníomhaíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

Mar thoradh ar an athchóiriú, bainfear 50 % ar a laghad de líon iomlán na mball dubh/teophointí sábháilteachta ar bhóithre agus táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú 30 % ar líon bliantúil na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ó thionóiscí sábháilteachta ar bhóithre faoi 2025 (i gcomparáid le 2019).

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú 3 (C8.R3): Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe

Is é is cuspóir don athchóiriú an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn, trí úsáid a bhaint as Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe arna gcomhtháthú i straitéisí críochacha chun réigiúin phleanála NUTS 2 (Ainmníocht Aonad Críochach le haghaidh Staidrimh) a fhorbairt agus a chomhtháthú i bpleananna bardasacha forbartha chomh maith le measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Mar thoradh air freisin, beidh 20 bardas ag a bhfuil Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe formheasta a dtacófar leo trí fheithiclí astaíochtaí nialasacha ó iompar poiblí uirbeach glan a cheannach agus trí bhonneagar luchtaithe a shuiteáil.

Cuirfear an t-athchóiriú i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

#### Athchóiriú 4 (C8.R4): Iompar poiblí comhtháite

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú le comhtháthú níos fearr an iompair phoiblí, agus ar an gcaoi sin cáilíocht, nascacht, iontaofacht agus éifeachtúlacht na seirbhíse iompair a sholáthraítear a mhéadú.

Áirítear leis an athchóiriú anailís ar an gcóras iompair phoiblí chomh maith leis an athbhreithniú ar an gcreat rialála atá ann cheana. Bunaithe ar na torthaí, glacfar Acht nua um Iompar Poiblí, lena mbunófar creat rialála soiléir lena saineofar an t-iompar poiblí chomh maith le freagrachtaí agus oibleagáidí na n-eintiteas a dhéanann é. Cruthófar leis freisin an creat dlíthiúil chun córas ticéadaithe iompair aonair a thabhairt isteach faoi R1 2026 ar a dhéanaí agus scéim iompair chomhtháite aonair arb é is aidhm di éifeachtúlacht iompair phoiblí a fheabhsú sa Bhulgáir.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú 5 (C8.R5): Soghluaisteacht leictreach

Is é is aidhm do na hathchóirithe forbairt an iompair astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle a spreagadh sa Bhulgáir, trí chriosanna astaíochtaí ísle a chruthú sna cathracha is mó agus is truaillithe, trí dhreasachtaí a chur ar fáil d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha, agus trí ghréasán leathan de bhonneagar breoslaí malartacha (stáisiúin luchtaithe leictreacha) a fhorbairt.

Go háirithe, tabharfar isteach leis an athchóiriú creat reachtach nua chun imscaradh bonneagair luchtaithe leictrigh agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus chun teorainn a chur le húsáid na bhfeithiclí is mó truailliú.

Áireofar ann bearta reachtacha chun soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn. Áireofar ann dreasachtaí agus athruithe rialála chun bonneagar stáisiún luchtaithe leictreach a thógáil agus dreasachtaí chun feithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha a mhéadú (arna soláthar ag eintitis phoiblí agus arna gceannach/léasú/úinéireacht ag eintitis phríobháideacha nó ag daoine aonair araon) i gcomhréir leis an bprionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as', amhail scéimeanna díúscartha le haghaidh na bhfeithiclí is mó a thruaillíonn (EURO 3 agus faoina bhun) agus coigeartú ar chánacha úinéireachta/clárúcháin bunaithe ar leibhéal astaíochtaí. Mar thoradh ar an athchóiriú, suiteálfar 5000 pointe luchtaithe leictreacha, lena n-áirítear pointí meara, ar fud na Bulgáire, agus líon iomlán 30000 feithicil astaíochtaí nialasacha (gluaisteáin nua nó caite) a chláraítear sa Bhulgáir, chomh maith le criosanna astaíochtaí ísle a thabhairt isteach sna cathracha is mó agus is truaillithe sa tír.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 1 (C8.I1): Rothstoc iarnróid

Áirítear leis an infheistíocht soláthar traenacha nua atá faoi úinéireacht Stát na Bulgáire agus a ritheann faoin gConradh Seirbhíse Poiblí (PSC) ag an ngnóthas/na gnóthais roghnaithe mar iompróir/iompróirí: 32 ilaonad leictreacha idir-inoibritheacha astaíochtaí nialasacha ag a bhfuil uaslúas 160 km/u atá feistithe leis an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS) le haghaidh iompar poiblí d'iarnród fo-uirbeach agus meánachair do phaisinéirí agus 9 n-inneall féinsuite ceallra cianrialaithe.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

#### Infheistíocht 5 (C8.I5): Sábháilteacht ar bhóithre

Is é is aidhm don infheistíocht feabhas a chur ar na gníomhaíochtaí bainistíochta sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta agus bardasacha. Déanfar nósanna imeachta suirbhé ar an tsábháilteacht ar bhóithre ar fud an ghréasáin, chun gur féidir cigireachtaí spriocdhírthe a dhéanamh ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha díreacha a dhéanamh.

Ar an gcéad dul síos, áireofar leis soláthar trealaimh speisialaithe chun measúnú a dhéanamh ar staid na sábháilteachta ar bhóithre (amhail feidhmíocht dromchla agus a staid fheidhmiúil). Ar an dara dul síos, áireofar leis forbairt agus comhtháthú feidhmchlár bogearraí chun gníomhaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre a bhainistiú agus a chur in ord tosaíochta, chomh maith le córas leictreonach náisiúnta a bhunú chun comharthaí a bhaineann le sábháilteacht bonneagair bóthair a thuairisciú agus a phróiseáil.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 6. Líne mheitreo 3 Shóifia

Tagraíonn an infheistíocht do chuid de líne 3 de mheitreo Shóifia a thógáil ar feadh 3 km ar fad san iomlán agus ina bhfuil 3 stáisiún, rud a chuirfidh seirbhís iompair phoiblí atá glan, tapa agus éifeachtúil ar fáil do phaisinéirí a bhfuil naisc idirmhódúla acu.

Leis an infheistíocht, beifear in ann 7.6 milliún paisinéir a iompar in aghaidh na bliana ar an meán amhail ó 2026.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 7 (C8.I7): Soghluaisteacht ghlas — scéim phiólótach chun tacú leis an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe

Is é is aidhm don infheistíocht tacú le bearta soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe faoi scéim phiólótach.

Áirítear ann 68 bhfeithicil iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha (uirbeacha agus idiruirbeacha), 27 stáisiún luchtaithe leictreacha le haghaidh feithiclí iompair phoiblí, Córais Chliste Iompair a fhorbairt, agus réitigh dhigiteacha chomhtháite chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an iompair phoiblí a fheabhsú chomh maith le bonneagar le haghaidh soghluaisteacht uirbeach shábháilte lena ndírítear ar úsáideoirí soghonta bóithre — coisithe agus rothaithe.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 8 (C8.I8): Trealamh chun faireachán nó cothabháil a dhéanamh ar rianta iarnróid agus línte lasnairde

Is é cuspóir na hinfeistíochta trealamh agus vaigíní a chur i mbun oibríochta chun faireachán nó cothabháil a dhéanamh ar na línte iarnróid iarnróid agus na línte iarnróid lasnairde.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 9 (C8.I9): Bonneagar iarnróid a athchóiriú

Is é cuspóir na hinfeistíochta athchóiriú a dhéanamh ar rianta iarnróid, línte lasnairde agus stáisiúin ghréasán iarnróid na Bulgáire. Is éard atá i gceist leis athchóiriú 54 chiliméadar ar rianta iarnróid agus ar líonraí lasnairde chomh maith le hathchóiriú trí stáisiún iarnróid.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 10 (C8.I10). Rothstoc nua do mheitreo Shóifia

Is é is cuspóir don infheistíocht 8 dtraenacha meitreo nua a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

## **H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
161	C8.R1: Creat straitéiseach iompair	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta um Iompar Comhcheangailte a Fhorbairt sa Bhulgáir faoi 2030	Teacht i bhfeidhm an phlean trí fhormheas an rialtais				R2	2022	Tiocfaidh an Plean Náisiúnta um Fhorbairt Iompair Traschórais sa Bhulgáir faoi 2030 i bhfeidhm trí fhormheas ó Chomhairle na nAirí. Leis an bPlean Náisiúnta um Iompar Comhcheangailte a Fhorbairt i bPoblacht na Bulgáire faoi 2030, spreagfar agus éascófar aistriú módach i dtreo modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol — iarnród, uiscebhealaí intíre agus muirí — agus bainfear amach tionchair iompair atá níos inbhuanaithe agus nach bhfuil chomh truailitheach céanna le plean gníomhaíochta soiléir lena n-áirítear cuspóirí, acmhainní agus amlíne go dtí 2030.
162	C8.R1: Creat straitéiseach iompair	Garsprioc	An cumas tionscadail iarnróid TEN-T a bhainistiú agus a chur chun feidhme a neartú	Iniúcháireacht neamhspleách curtha i gcrích				R4	2022	Beidh na comhlachtaí atá freagrach as infheistíochtaí iompair, amhail an National Railway Infrastructure Company (NRIC), an Ghníomhaireacht um Bonneagar Bóthair, in éineacht leis an Aireacht Iompair agus Cumarsáide, faoi réir iniúchadh neamhspleách ar a n-eagraíocht, a n-acmhainneacht riaracháin agus theicniúil chun bainistíocht agus comhordú, nósanna imeachta tairisceana, bainistíocht airgeadais, faireachán, agus rialú cáilíochta inmheánach agus tuairisciú a dhéanamh. Áireofar san iniúchadh sainiú ar eagrú, comhordú, roinnt na bhfreagrachtaí agus na n-acmhainní (cainníocht agus próifil na foirne, acmhainní teicniúla eile) is gá chun tionscadail TEN-T a ullmhú agus a chur chun feidhme d'fhonn croighréasán TEN-T a thabhairt chun críche faoi 2030.

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliaín	
163	C8.R1: Creat straitéiseach iompair	Garsprioc	An cumas tionscadail iarnróid TEN-T a bhainistiú agus a chur chun feidhme a neartú	Bearta fothaithe acmhainneachta a chur chun feidhme tar éis iniúchadh neamhspleách				R4	2025	<p>Chun tacú le forbairt ghréasán TEN-T agus chun dlús a chur leis an bhforbairt sin, cuirfear bearta spriocdhírthe chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun acmhainneacht na gcomhlachtaí freagracha a threisiú, amhail an Chuideachta Náisiúnta Bonneagair Iarnróid (NRIC), an Ghníomhaireacht um Bonneagar Bóithre, in éineacht leis an Aireacht Iompair agus Cumarsáide chun tionscadail TEN-T a bhainistiú agus a chur chun feidhme d'fhonn croíghréasán TEN-T a thabhairt chun críche faoi 2030. Beidh na bearta fothaithe acmhainneachta arna nglacadh bunaithe ar thorthaí na hiniúcháireachta neamhspleáiche agus áireofar orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• líon iomchuí ball foirne oílte a shannadh (mar a léirítear san iniúchadh) arna roghnú ar bhonn nós imeachta trédhearcach agus iomaíoch atá tiomnaithe do thionscadail TEN-T a ullmhú agus a chur chun feidhme;</li> <li>• sainordú soiléir a shainiú do gach eintiteas freagrach chun a áirithiú go gcuirfear na pleananna éifeachtúlachta meántéarmacha agus fadtéarmacha chun feidhme agus go ndéanfar iad a chomhordú go maith le heintitis eile;</li> <li>• modhanna agus nósanna imeachta chun leanúnachas a áirithiú maidir le hinfheistíochtaí agus aistriú eolais a bhainistiú chun an chuimhne institiúideach a neartú.</li> </ul>
164	C8.R1: Creat straitéiseach iompair	Garsprioc	Ráille measúnú margaidh atá mar	Foilsíú an mheasúnaithe margaidh ar				R2	2025	Sula ndearfar an nós imeachta tairisceana maidir le dámhachtain nua an chonartha seirbhíse poiblí iarnróid dá dtagraítear i gclach mhíle

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			bhonn taca faoi raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse poiblí faoin gconradh nua seirbhíse poiblí le haghaidh seirbhísí poiblí iompair d'iarnród	shuíomh gréasáin na hAireachta Iompair						165, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta raon feidhme na hoibleagáide seirbhíse poiblí a mheas le haghaidh an chonartha nua seirbhíse poiblí (PSC) trí úsáid a bhaint as an 'tástáilSNCM', mar a thugtar uirthi, a eascraíonn as cásdlí Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh (measúnú ar an éileamh, meastachán ar na seirbhísí a d'fhéadfadh oibreoirí rochtana oscailte/tráchtála a sholáthar, measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir beart nach bhfuil chomh saobhach céanna le dámhachtain PSC a úsáid chun cuspóirí beartais a bhaint amach) agus é mar aidhm leis sin a áirithiú go dtabharfar spás iomchuí le haghaidh rochtain oscailte/seirbhísí tráchtála féideartha atá comhsheasmhach leis an PSC (e.g. i gcás ina bhfuil seirbhísí iarnróid brabúsacha ar líonra iarnróid BG).
165	C8.R1: Creat straitéiseach iompair	Garsprioc	Conradh nua seirbhíse poiblí (PSC) le haghaidh seirbhísí poiblí iompair d'iarnród	Foilsíú chinneadh na dámhachtana				R4	2025	Déanfar an conradh nua seirbhíse poiblí chun seirbhísí iompair poiblí d'iarnród a sholáthar sa Bhulgáir a thabhairt i gcrích tar éis nós imeachta dámhachtana atá cóir, neamh-idirdhealaitheach agus iomaíoch. Déanfar foráil sa chonradh seirbhíse poiblí nua maidir lena theacht i bhfeidhm tráth nach déanaí ná an 13 Nollaig 2026. Cuirfear san áireamh i ndearadh na tairisceana torthaí an mheasúnaithe margaidh a áirítear i gcloch mhíle 164. Roinnfear an tairiscint ina luchtóga iolracha.  Diolfar an rothstoc a ritheann faoin PSC agus atá faoi úinéireacht an oibreora reatha leis an gcéad oibreoir eile ar phraghas an mhargaidh seachas/glan ón gcabhair a fhaightear.

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
										<p>Áireofar na forálacha seo a leanas go háirithe sa chonradh nua:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Beidh sé d'oibleagáid ar na hoibreoírí an rothstoc a thabhairt ar ais don úinéir sa riocht ina bhfuarthas é, agus an gnáthrata dímheasa á chur san áireamh, ionas gur féidir leis an stát é a sholáthar don chéad oibreoír seirbhíse poiblí eile.</li> <li>- Agus an cúiteamh d'oibreoírí iompair á ríomh, cuirfear san áireamh maoiniú poiblí na bhfeithiclí dá saolré iomlán ó thaobh na heacnamaíochta de.</li> </ul>
169	C8.R2: Sábháilteacht ar bhóithre	Garsprioc	Straitéis nua um shábháilteacht ar bhóithre agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi	Glacadh ag an rialtas				R4	2020	<p>Tiocfaidh an Straitéis Náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre i bPoblacht na Bulgáire don tréimhse 2021-2030 agus an Plean Gníomhaíochta (2021-2023) i bhfeidhm.</p> <p>Áireofar na cuspóirí seo a leanas sa straitéis nua um shábháilteacht ar bhóithre:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• laghdú 50 % ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha mar gheall ar thionóiscí bóthair faoi 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2019, i gcomhréir le Creat Straitéise Bóithre an Aontais agus fis Nialais;</li> <li>• bainistiú comtháite ar na saincheisteanna uile a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre — comhordú domhain ar na hinstiúidí ábhartha agus feabhas a chur ar an acmhainneacht riaracháin maidir le sábháilteacht ar bhóithre a bhainistiú (bunaithe ar staidéir, anailís, measúnú ar riachtanais, tosaíochtaí agus pleanáil, faireachán, meastóireacht agus tuairisciú);</li> </ul>

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>• freagracht shóisialta agus athruithe ar iompar úsáideoirí bóithre;</li> <li>• tacaíocht maidir le forfheidhmiú an dlí, cosc éifeachtach ar shárú rialacha sábháilteachta ar bhóithre, agus méadú ar smachtbhannaí i leith cionta sábháilteachta ar bhóithre;</li> <li>• sábháilteacht feithiclí a mhéadú;</li> <li>• úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint, e.g. coisithe agus rothaithe;</li> <li>• feabhas ar an bhfreagairt i ndiaidh gortú i dtionóisc tráchta ar bhóithre.</li> </ul>
170	C8.R2: Sábháilteacht ar bhóithre	Garsprioc	Cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta um shábháilteacht ar bhóithre	Tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú ina bhfuil gníomhaíochtaí curtha chun feidhme				R2	2025	<p>Cuirfear sraith príomhghníomhaíochtaí chun feidhme faoi phlean gníomhaíochta na straitéise náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre dá dtagraítear i gcloch mhíle 169. Áirítear leis sin pleanáil, cur chun feidhme agus tuairisciú bliantúil na mbeart dá bhforáiltear sa Straitéis chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach.</p> <p>Déanfaidh an Ghníomhaireacht Stáit um Shábháilteacht ar Bhóithre comhordú agus faireachán ar an bpróiseas sin agus déanfar achoimre ar an gcur chun feidhme sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.</p> <p>Tabharfar isteach oibleagáid chun obair leantach rialta a dhéanamh ar nósanna imeachta measúnaithe sábháilteachta bóithre ar fud an ghréasáin ó thaobh pleanáil, cigireachtaí spriocdhírthe ar shábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha díreacha a dhéanamh.</p>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
172	C8.R2: Sábháilteacht ar bhóithre	Cuspóir sonrath	Laghdú ar líon na n-íospartach timpistí tráchta ar bhóithre agus ar líon na dteophointí sábháilteachta ar bhóithre/na dteophointí dubha		Laghdú céatadán i gcomparáid le 2019 (%)	0	30	R2	2026	<p>Laghdófar líon bliantúil na n-íospartach (básanna agus gortuithe tromchúiseacha) mar gheall ar thionóiscí bóthair idir 2019 (sonraí bunlíne) agus 2025 faoi 30 %.</p> <p>Déanfaidh an Ghníomhaireacht Stáit um Shábháilteacht ar Bhóithre na sonraí a thuairisciú i bhfoirm chomhiomlánaithe.</p> <p>Ina theannta sin, bainfear amach laghdú 50 % ar chéatadán na dteophointí/na mball dubh sa Bhulgáir idir deireadh 2019 agus deireadh 2025 (foinse sonraí: An Aireacht Gnóthaí Baile) agus liosta de bhaill dhubha a roinntear leis an gCoimisiún.</p>
173	C8.R3: Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe	Garsprioc	Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chomhtháthú i straitéisí críochacha agus i bpleanáil forbartha	Teacht i bhfeidhm Straitéisí Críochacha Comhtháite agus Pleananna Comhtháite um Fhorbairt Bhardasach				R3	2022	<p>Tagraíonn an garsprioc d'ullmhú agus do theacht i bhfeidhm na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Straitéisí Críochacha Comhtháite chun réigiúin pleanála NUTS 2 (Ainmníocht Aonad Críochach le haghaidh Staidrimh) a fhorbairt ina bhfuil gnéithe den tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe san áireamh</li> <li>• Pleananna Forbartha Bardasacha Comhtháite</li> </ul> <p>Saineofar i Straitéisí Críochacha Comhtháite na réigiún pleanála ar leibhéal NUTS 2 cuspóirí agus tosaíochtaí forbartha gach ceann de na sé réigiún pleanála chomh maith leis na bearta is gá chun iad a chur chun feidhme. Áireofar i Straitéisí Críochacha Comhtháite gnéithe le haghaidh pleanáil soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe ar an leibhéal réigiúnach.</p>

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Ina theannta sin, beidh Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe na mBardas mar chuid de na Pleananna Comhtháite um Fhorbairt Bhardasach nó déanfaidh na bardais iad a ghlacadh agus a fhoilsiú ina n-aonar.
174	C8.R3: Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe	Garsprioc	Meastóireacht ar chur chun feidhme na bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe	Foilsiú na meastóireachta meántearma				R4	2025	Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar staid chur chun feidhme na bPleananna Comhtháite Forbartha Bardais agus a bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe dá dtagraítear i gclock mhíle 173. Déanfar measúnú inti freisin ar na hacmhainní a úsáideadh agus beidh ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí inti.  Déanfar measúnú ar chur chun feidhme Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe mar chuid den mheastóireacht mheántearma ar na Pleananna Comhtháite Forbartha Uirbí agus beidh sonraí ann maidir leis an líon bardas atá ag cur Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe chun feidhme.
175	C8.R4: Iompar poiblí comhtháite	Garsprioc	Anailís ar an gcóras iompair phoiblí agus athbhreithniú ar a chreat rialála	Foilsiú na hanailíse ag an údarás inniúil				R2	2025	Tagraíonn an gharsprioc d'anailís ar an gcóras iompair phoiblí sa Bhulgáir chun bonn eolais a chur faoin togra ón rialtas le haghaidh Gníomh nua um Iompar Poiblí dá dtagraítear i gclock mhíle 176. Sainítheofar san anailís fadhbanna sa chóras iompair phoiblí agus molfar bearta riaracháin nó reachtacha.  Áireofar ann anailís ar dhea-chleachtais ó Bhallstáit eile de chuid an Aontais agus ullmhófar é i gcomhairle le hionadaithe ón riarachán, ón lucht gnó, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										eagraíochtaí na sochaí sibhialta i réimse an iompair phoiblí do phaisinéirí.
176	C8.R4: Iompar poiblí comhtháite	Garsprioc	Creat rialála nua don iompar poiblí	Teacht i bhfeidhm an Achta nua um Iompar Poiblí				R4	2025	<p>Tiocfaidh an reachtaíocht nua i bhfeidhm lena rialófar dámhachtain, oibriú agus bainistiú an iompair phoiblí d'fhonn é a chomhtháthú in aon scéim iompair náisiúnta amháin. Cuirfear san áireamh sa dlí nua torthaí na hanailise dá dtagraítear i gclach mhíle 175.</p> <p>Bunófar leis an reachtaíocht nua creat rialála soiléir lena saineofar an t-iompar poiblí, na heintitis dhlíthiúla a choimisiúnaíonn agus a fheidhmíonn é, a bhfreagrachtaí agus a n-oibleagáidí, lena n-áirítear na prionsabail agus na rialacha dá gcuid oibre, an próiseas coimisiúnaithe agus comhordaithe i soláthar seirbhísí iompair.</p> <p>Déanfar foráil sa reachtaíocht nua maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- na saintréithe cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhaineann le feidhmíocht na seirbhíse poiblí iompair do phaisinéirí ar chríoch na tíre, lena gcuimhdaítear gach modh iompair phoiblí;</li> <li>- cearta agus freagrachtaí na n-údarás conarthach, na n-oibreoirí agus na bpaisinéirí;</li> <li>- rialacha aonfhoirmeacha maidir le hiompar paisinéirí ar iompar poiblí mar chóras aonair, le scéim iompair náisiúnta chomhtháite chomh maith le caighdeán seirbhíse cáilíochta iompair aonair;</li> </ul>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúcht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>- an creat dlíthiúil chun ticéad aonair agus scéim iompair chomhtháite aonair a thabhairt isteach, faoi R1 2026 ar a dhéanaí, ina mbeidh línte comhlántacha arna n-oibriú ag gach modh iompair;</li> <li>- córas maoinithe chun bonneagair phoiblí a chaomhnú agus a chothabháil lena ndéantar costais chomhshaoil a inmheánú.</li> </ul>
177	C8.R4: Iompar poiblí comhtháite	Garsprioc	An tseirbhís ticéad aonair a thabhairt isteach don iompar poiblí	Réamhrá ar an margadh				R2	2026	Tabharfar isteach an ticéad aonair dá dtagraítear i gcloch mhíle 176 don phobal. Ceadóidh an ticéad d'aon duine atá ag taisteal sa Bhulgáir doiciméad taistil amháin a cheannach le haghaidh gach cineáil iompair phoiblí laistigh de thréimhse réamhshocraithe.
178	C8.R5: Soghluasteacht leictreach	Garsprioc	Dlí maidir le soghluaisteacht leictreach a chur chun cinn	Teacht i bhfeidhm				R4	2025	<p>Leis an dlí, cumasófar agus dreasófar leathnú bhonneagar na stáisiún luchtaithe leictreach sa Bhulgáir. Áireofar sa dlí, mar shampla, an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun stáisiún luchtaithe a nascadh leis an ngréasán leictreachais, agus ar na nósanna imeachta foirgníochta chun stáisiún den sórt sin a thógáil,</li> <li>- oibleagáid ar bhordais suíomhanna a sholáthar do luchtair in dhá spás páirceála ar a laghad;</li> <li>- dreasacht d'fhóntais leictreacha chun rochtain éasca ar an eangach chumhachta a sholáthar;</li> <li>- ionstraimí airgeadais fabhracha a thabhairt isteach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a infheistíonn i dtógáil agus i mbainistiú bonneagair luchtaithe leictreach.</li> </ul>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliaín	
										Tabharfar isteach leis an dlí freisin dreasachtaí maidir le glacadh feithiclí leictreacha (EVanna) agus beidh sé i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, lena n-áirítear bearta tiomnaithe, mar shampla, fóirdheontais le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus idirdhealú ar chánacha clárúcháin/úinéireachta ag brath ar leibhéal na n-astaíochtaí.
180	C8.R5: Soghluaisteacht leictreach	Cuspóir sonrath	Pointí luchtaithe nua atá inrochtana don phobal		Líon	340	5 000	R2	2026	<p>Déanfar stáisiúin luchtaithe leictreacha ina bhfuil pointe luchtaithe amháin nó níos mó ag suíomh sonrath a shuiteáil agus a oibriú sa Bhulgáir.</p> <p>Beidh rochtain ag an bpobal ar na stáisiúin luchtaithe 24 uair an chloig/7/seachtain.</p> <p>Áireofar an méid seo a leanas sna stáisiúin luchtaithe nua:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- 15 stáisiún mearluchtaithe ar a laghad suite i moil mhótarbhealaigh ar TEN-T ag 1-2 MW DC</li> <li>- 200stáisiún mearluchtaithe ar a laghad — a bhfuil aschur cumhachta íosta 50 kW acu — a thógtar i ngréasán bóithre idiruirbeach agus i gcathracha.</li> </ul>
181	C8.R5: Soghluaisteacht leictreach	Cuspóir sonrath	Limistéir astaíochtaí ísle		Líon	0	3	R4	2025	Tabharfar criosanna astaíochtaí ísle isteach i lár trí cinn ar a laghad de na cathracha seo a leanas: Sóifía, Plovdiv, Varna, Bourgas, Ruse agus Stara Zagora. Toirmeascfar teacht isteach agus cúrsaíocht na ngluaisteán is mó truailliú (ag a bhfuil caighdeán astaíochtaí EURO 3 nó faoina bhun) isteach sna criosanna sin.

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
182	C8.R5: Soghluaisteacht leictreach	Cuspóir sonrach	Feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha cláraithe		Líon	2 500	15 000	R2	2025	Feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle nua nó úsáidte (i.e. feithiclí leictreacha agus hidrigine, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe) (M1 — gluaisteáin paisinéirí, N1 — feithiclí tráchtála éadroma; Clárófar N2 agus N3 — feithiclí tromshaothair, bunaithe ar chaighdeán Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip) sa Bhulgáir faoi lár 2024. Tagraíonn an bhonnlíne do líon na bhfeithiclí sin a cláraíodh ag deireadh 2020. Déanfaidh an Aireacht Gnóthaí Baile sonraí oifigiúla a thuairisciú don Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha chun críoch faireacháin.
183	C8.R5: Soghluaisteacht leictreach	Cuspóir sonrach	Feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha cláraithe		Líon	15 000	30 000	R2	2026	Feithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha nó úsáidte (leictreacha agus hidrigin, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe) (M1 — gluaisteáin paisinéirí, N1 — feithiclí tráchtála éadroma; Clárófar N2 agus N3 — feithiclí tromshaothair, bunaithe ar chaighdeán Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip) sa Bhulgáir faoi lár 2026. Déanfaidh an Aireacht Gnóthaí Baile sonraí oifigiúla a thuairisciú don Fhaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha chun críoch faireacháin.
184	C8.II: Rothstoc iarnróid	Garsprioc	Conradh/conarthaí maidir le rothstoc nua iarnróid astaíochtaí nialasacha a sholáthar le haghaidh iompar	Siniú an chonartha/na gconarthaí tar éis tairiscint oscailte agus iomaíoch/tairiscint				R2	2025	Síneofar an conradh/na conarthaí, tar éis tairiscint iomaíoch nó tairiscintí iomaíocha poiblí neamh-idirdhealaitheacha a bheidh oscailte, poiblí agus neamh-idirdhealaitheach chun na nithe seo a leanas a cheannach:

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
			fo-uirbeach agus meán-achair agus innill féinghluaiste siúnta	intí oscailte agus iomaíocha						<p>— 12 ilaonad leictreacha (EMUnna) ag a bhfuil íostoilleadh 200 suíochán le haghaidh seirbhísí paisinéirí in iompar fo-uirbeach agus meán-achair den uaslúas 160 km/u, atá feistithe le trealamh ERTMS ar bord;</p> <p>- 20 traen ilaonad leictreach astaíochtaí nialasacha aon deice ag a bhfuil toilleadh 300 suíochán ar a laghad le haghaidh iompar réigiúnach (fo-uirbeach) den uaslúas 160 km/u, atá feistithe le ERTMS ar bord;</p> <p>— 9 n-inneall féinghluaiste cianrialaithe dhigitigh ina bhfuil ceallraí siúnta.</p> <p>Beidh rothstoc nua saor ó astaíochtaí, i gcomhréir leis an bprionsabal ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’.</p> <p>Beidh Aireacht Iompair agus Cumarsáide na Bulgáire ina húinéir ar na traenacha doscartha (rud a chiallaíonn AEAnna, agus innill féinghluaiste siúnta ceallraí). Ní bheidh an úinéireacht inaistrithe chuig an ngnóthas iarnróid roghnaithe faoin gconradh oibleagáide seirbhíse poiblí. Ní bheidh an gnóthas iarnróid mar oibreoir ach ina úsáideoir sealadach/ina choimeádaí sealadach.</p>
186	C8.II: Rothstoc iarnróid	Cuspóir sonrath	Rothstoc nua iarnróid astaíochtaí nialasacha		Líon	0	41	R2	2026	Tagraíonn an sprioc don rothstoc nua faoin gconradh/faoi na conarthaí dá dtagraítear i ngarspriocanna 184:

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
										<p>— Déanfar 12 ilionad leictreacha ( EMUnna) ag a bhfuil íostoilleadh 200 suíochán le haghaidh seirbhísí paisinéirí in iompar fo -uirbeach agus meán-achair den uasluas 160 km/u, atá feistithe le ERTMS ar bord, a mhonarú. Beidh ilionad leictreach amháin ar a laghad i bhfeidhm.</p> <p>- Déanfar 20 traein ilionad leictreach astaíochtaí nialasacha aon deice ag a bhfuil toilleadh 300 suíochán ar a laghad le haghaidh iompar réigiúnach (fo-uirbeach) den uasluas 160 km/u, atá feistithe le trealamh ERTMS ar bord, a mhonarú. Beidh ilionad leictreach amháin ar a laghad i bhfeidhm.</p> <p>— Beidh 9 n-inneall féinghluaiste cianrialaithe dhigitigh ag siúntaí ceallraí.</p> <p>Beidh rothstoc nua saor ó astaíochtaí, i gcomhréir leis an bprionsabal ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’.</p> <p>Déanfar rothstoc iarnróid nua atá faoi úinéireacht an údarais inniúil a chur ar fáil saor in aisce do na hoibreoírí iompair paisinéirí iarnróid faoi chonarthaí seirbhíse poiblí arna ndámhachtain i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007.</p> <p>Beidh sé d’oibleagáid ar na hoibreoírí an rothstoc a thabhairt ar ais don úinéir sa riocht ina bhfuarthas é, agus an gnáthrata dímheasa á chur san áireamh, ionas gur féidir le Stát na Bulgáire é a sholáthar don chéad oibreoír seirbhíse poiblí eile.</p>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliaín	
197	C8.I5: Sábháilteacht ar bhóithre	Cuspóir sonrath	Feidhmchlár bogearraí agus speisialaithe feithiclí chun bainistíocht fheabhsaithe ar shábháilteacht ar bhóithre a chumasú, lena n-áirítear measúnú ar bhonneagar bóithre agus suirbhé ar shábháilteacht ar bhóithre		Líon	0	34	R2	2026	<p>Áireofar an méid seo a leanas sna bearta trealaimh agus bonneagair:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>— 27 bhfeithicil speisialaithe modúlacha ilfheidhmeacha nua;</li> <li>— 2 fheithicil speisialaithe nua le haghaidh rialú uathoibríoch tráchta;</li> <li>— 2 fheithicil speisialaithe nua i bhfoirm saotharlainne soghluaiste chun measúnú a dhéanamh ar staid na sábháilteachta ar bhóithre amhail feidhmíocht dhromchla an bhóthair agus staid fheidhmiúil;</li> <li>— 2 fheidhmchlár bogearraí nua le haghaidh 1) gníomhaíochtaí (forbairt agus cothabháil bonneagair) ar bhóithre (náisiúnta agus bardasacha) a bhainistiú, a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta, 2) an córas leictreonach náisiúnta chun comharthaí a bhaineann le sábháilteacht bonneagair bóthair a thuairisciú, a tharchur agus a phróiseáil.</li> <li>— Suirbhé amháin ar shábháilteacht ar bhóithre 13 000 km de bhóithre sa Bhulgáir chun measúnú a dhéanamh ar staid theicniúil an bhonneagair bóithre agus ar a shábháilteacht. Sainithneofar sa mheasúnú ar staid an ghréasáin bóithre na codanna is criticiúla ina bhféadfaí an feabhas sábháilteachta is airde a bhaint amach.</li> </ul> <p>I gcomhréir leis an bprionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’, beidh na feithiclí saor ó astaíochtaí (leictreacha/hidrigin) nó beidh astaíochtaí sceithphíopa faoi bhun 50 g CO<sub>2</sub>/km acu nó, i gcás feithiclí sainchuspóireacha, i gcás nach ann d’aon rogha mhalartach astaíochtaí nialasacha, is iad na feithiclí a bheidh le ceannach</p>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliaín	
										<p>na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil.</p> <p>Úsáidfidh an Ghníomhaireacht Stáit um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Ghníomhaireacht um Bonneagar Bóithre nó bardais gach feithicil agus feidhmchlár bogearraí atá beartaithe go heisiach chun faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre agus chun cothabháil a dhéanamh ar bhóithre.</p>
199	C8.I6: Líne mheitreo 3 Shóifia	Garsprioc	Conarthaí maidir le codanna nua de líne 3 de mheitreo Shóifia a thógáil tar éis tairiscint oscailte iomaíoch	Siniú conarthaí maidir leis na hoibreacha foirgníochta				R2	2022	<p>Síneofar na conarthaí le haghaidh líne 3 de mheitreo Shóifia, tar éis tairiscint oscailte, phoiblí agus iomaíoch.</p> <p>Áireofar sna conarthaí tógáil 3 km de línte mheitreo agus 3 stáisiún ar an roinn líne nua Hadzhi Dimitar — Levski.</p> <p>Déanfar foráil sna conarthaí maidir le bonneagar iompair uirbeach glan chun rothstoc astaíochtaí nialasacha a oibriú, rud a fhágfaidh go n-úsáidfidh rothstoc astaíochtaí nialasacha an bonneagar go heisiach.</p>
200	C8.I6: Líne mheitreo 3 Shóifia	Cuspóir sonrath	Dul chun cinn maidir le tógáil codanna nua de líne mheitreo 3 i Sóifia a thabhairt chun críche		Céatadán (%) na n-oibreacha a bhfuil foirgníocht curtha i	0	60	R2	2025	Sroichfidh an dul chun cinn maidir le cur i gcrích oibreacha foirgníochta na coda nua de líne mheitreo 3 i Sóifia a bhaineann leis an líne 3 km agus na 3 stáisiún araon 60 % (arna dheimhniú le tuarascáil mhaoirseachta).

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
					grích acu le haghaidh líne nua 3					
201	C8.I6: Líne mheitreo 3 Shóifia	Cuspóir sonrach	Cuid nua de líne mheitreo 3 i Sóifia		Líon km de líne nua agus stáisiún nua atá á n-oibriú	0	3/3	R2	2026	Críochnófar oibreacha foirgníochta líne nua mheitreo Shóifia 3 agus tiocfaidh an chuid nua de líne mheitreo 3 Shóifia, ar feadh fad iomlán 3 km agus 3 stáisiún nua, i bhfeidhm.  Is éard a bheidh san infheistíocht roinn nua mheitreo líne 3 Hadzhi Dimitar — Levski agus tá acmhainneacht bhliantúil 7.6 milliún paisinéir aige.
201a	C8.I10 Rothra nua do mheitreo Shóifia	Cuspóir sonrach	Traenacha meitreo a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm le haghaidh mheitreo Shóifia		Líon	0	8	R2	2026	Déanfar 8 draenacha meitreo nua a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm
202	C8.I7: Soghluaisteacht ghlas — scéim phíolótach chun tacú leis an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe	Garsprioc	Conarthaí le haghaidh na bhfeithiclí nua iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha	Siniú conarthaí chun feithiclí nua iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha a sholáthar de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí				R2	2025	Síneofar na conarthaí chun 68 bhfeithicil astaíochtaí nialasacha nua a sholáthar d'iompar poiblí uirbeach agus idiruirbeach, tar éis tairiscint oscailte iomaíoch.  Cumhdófar leis na conarthaí soláthar feithicil astaíochtaí nialasacha (busanna agus/nó busanna tralaí) a shainmhíneáil i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn.

Seq N <sup>o</sup>	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
										<p>Comhlíonfaidh feithiclí a sholáthraítear na ceanglais seo a leanas i gcomhréir leis an treoir theicniúil ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’:</p> <p>(a) busanna ‘íseal-urláir’ (catagóirí M2 agus M3) — feithiclí leictreacha agus hibridí inluchtaithe amháin.</p> <p>(b) busanna ‘ard-urláir’ (catagóirí M2 agus M3) — gach bus a chomhlíonann na ceanglais astaíochtaí d’fheithiclí tromshaothair (Euro VI).</p>
203	C8.I7: Soghluaisteacht ghlas — scéim phíolótach chun tacú leis an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe	Cuspóir sonrath	Feithiclí nua astaíochtaí nialasacha agus stáisiúin luchtaithe le haghaidh feithiclí iompair phoiblí		Líon na bhfeithiclí agus na stáisiúin luchtaithe atá á n-oibriú	0	95	R2	2026	<p>Ceannófar agus cuirfear i bhfeidhm na feithiclí nua astaíochtaí nialasacha (busanna agus/nó busanna tralaí) a leagtar amach faoi garsprioc 202 le haghaidh iompair poiblí uirbeach agus iduirbeach. Ina theannta sin, tógfar 27 stáisiún luchtaithe le haghaidh feithiclí iompair phoiblí (leictreacha agus/nó hidrigin) in áiteanna poiblí agus beidh siad oibríochtúil.</p> <p>Beidh tairbhíthe incháilithe le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus stáisiúin luchtaithe ina gcomhpháirtíochtaí de bhardais uirbeacha agus d’oibreoirí iompair phoiblí a oibríonn sna limistéir lasmuigh den príomhchathair agus i réigiúin bheagfhorbartha — i gcríoch na 40 bardas uirbeacha is mó, cé is moite de na 10 mbardas uirbeacha is mó, amháil ó 2021. Beidh bardais tuaithe incháilithe freisin mar chomhpháirtíthe tionscadail comhlachaithe.</p> <p>Áireofar an méid seo a leanas sna critéir roghnúcháin:</p>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>a) tionscadail/tosáíochtaí sainaitheanta a bheith ann sna Pleananna Comhtháite um Fhorbairt Bhardasach agus sna Straitéisí Comhtháite um Fhorbairt Chríochach do réigiúin NUTS 2;</p> <p>b) comhlíonadh na bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (a chomhtháthaítear i bPleananna Comhtháite Forbartha Bardais nó a thugtar cothrom le dáta dá réir).</p> <p>Roghnófar tionscadal amháin ar a laghad i gcrích gach ceann de na sé réigiún — leibhéal NUTS 2.</p>
206	C8.I7: Soghluaisteacht ghlas — scéim phíolótach chun tacú leis an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe	Garsprioc	Bonneagar le haghaidh soghluaisteacht uirbeach shábháilte atá dírithe ar úsáideoirí soghonta bóithre — coisithe agus rothaithe	Bearta nua bonneagair maidir le sábháilteacht ar tráchta ar bhóithre do choisithe agus do rothaithe curtha i bhfeidhm				R2	2026	<p>Cuirfear i bhfeidhm na bearta nua bonneagair chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóithre — coisithe agus rothaithe i limistéir uirbeacha.</p> <p>Áireofar an méid seo a leanas sa bhonneagar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- soilsíú 258 gcosán coisithe;</li> <li>- bonneagar rotháíochta a thógáil 26 km ar fad.</li> </ul> <p>Áireofar an méid seo a leanas sna critéir roghnúcháin le haghaidh suimh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- staid na sábháilteachta ar bhóithre i mbardais ábhartha (ó ghné an bhonneagair chun úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint) agus an tionchar measta i dtéarmaí feabhsuithe ar shábháilteacht ar bhóithre (básanna, laghdú ar ghortuithe tromchúiseacha);</li> <li>- tionscadail/tosáíochtaí sainaitheanta a bheith ann sna Pleananna Comhtháite um Fhorbairt Bhardasach agus sna Straitéisí Comhtháite um Fhorbairt Chríochach do réigiúin NUTS 2;</li> </ul>

Seq N°	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
206a	C8.I8: Trealamh chun faireachán nó cothabháil a dhéanamh ar rianta iarnróid agus línte lasnairde	Cuspóir sonrath	Teacht i bhfeidhm trealaimh		Aonaid trealaimh agus líon na n-uasghráduithe	0	44	R2	2026	<p>- comhlíonadh na bPleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (a chomhtháthaítear i bPleananna Comhtháite Forbartha Bardais nó a thugtar cothrom le dáta dá réir).</p> <p>Beidh 40 aonad trealaimh agus 4 vaigín ar a laghad i bhfeidhm. Déanfar 20 meaisín ar a laghad a uasghrádú.</p> <p>I gcomhréir le treoirlínte teicniúla an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, beidh an t-innealra saor ó astaíochtaí (leictreacha/hidrigin) nó beidh astaíocht sceithphíopa faoi bhun 50 g CO2/km aige nó, i gcás feithiclí sainchuspóireacha, i gcás nach ann d’aon rogha mhalartach astaíochtaí nialasacha, is é an t-innealra a bheidh le ceannach na leibhéil feidhmíochta comhshaoil is fearr atá ar fáil san earnáil.</p>
206b	C8.I9: Bonneagar iarnróid a athchóiriú	Cuspóir sonrath	Athchóiriú línte iarnróid agus línte lasnairde		Km de línte iarnróid agus línte lasnairde	0	66.2	R2	2026	Déanfar 51.7 km de línte iarnróid agus línte lasnairde atá suite ar chroíghréasán leathnaithe TEN-T a athchóiriú. Ina theannta sin, déanfar athchóiriú ar leagan amach an riain i 4 stáisiún iarnróid ar chroíghréasán TEN-T agus ar chroíghréasán leathnaithe TEN-T, atá 14.5 km ar fad san iomlán.



## **I. COMHPHÁIRT 9: FORBAIRT ÁITIÚIL**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire creat a leagan síos chun iomaíochas agus forbairt inbhuanaithe réigiúin na tíre a fheabhsú agus chun forbairt áitiúil a chur chun cinn. Díríonn an chomhpháirt freisin ar bhainistiú uisce, ar gné thábhachtach den aistriú glas é.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha do na blianta 2019 agus 2020 ina moltar éagothromaíochtaí réigiúnacha a chur san áireamh agus lena ndírítear ar uisce agus go háirithe ar bhonneagar comhshaoil (Moladh Tírshonrach 3 de 2019 agus Moladh Tírshonrach 3 de 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 1 (C9.R1): Cur chuige réigiúnach nua le rannpháirtíocht dhíreach na bpobal áitiúil i mbainistiú cistí agus ionstraimí Eorpacha**

Is é is cuspóir don bheart rannpháirtíocht dhíreach na bpobal áitiúil i ngach réigiún den tír i mbainistiú chistí an Aontais a chur chun cinn. Meastar go gcuirfidh sé sin borradh faoin mbraistint úinéireachta ar an leibhéal áitiúil agus go méadóidh sé éifeachtacht beartais trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais a shainaithnítear go háitiúil ar bhealach níos spriocdhírthe.

Is éard atá sa bheart athruithe reachtacha lena neartaítear ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil maidir le straitéisí críochacha comhtháite agus tionscadail arna maoiniú le cistí an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

#### **Athchóiriú 2 (C9.R2): Leanúint den athchóiriú ar earnáil an uisce**

Is é cuspóir an bhirt an creat rialála le haghaidh soláthar uisce agus seirbhísí séarachais a bharrfheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

**I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar airgeadas neamh-inaisíochta**

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
207	C9.R1: Cur chuige réigiúnach nua le rannpháirtíocht dhíreach na bpobal áitiúil i mbainistiú cistí agus ionstraimí Eorpacha	Garsprioc	Leasuithe ar creat rialála maidir le bainistíocht de mhaoiniú ón Aontas	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar Bhainistiú Acmhainní Airgeadais Struchtúrach na hEorpa agus An tAcht um Chistí Infheistíochta				R2	2022	Leis na leasuithe ar Bhainistiú Acmhainní Airgeadais an Ghnámh um Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, feabhsófar rannpháirtíocht dhíreach an leibhéil réigiúnaigh agus áitiúil i mbainistiú chistí an Aontais trína ról a neartú i gceapadh agus i gcur chun feidhme straitéisí agus tionscadal críochach comhtháite. Faoin gcreat dlíthiúil athbhreithnithe sin, feidhmeoidh na Comhairlí Forbartha Réigiúnaí ( lenan-áirítear ionadaithe na n-údarás réigiúnach agus áitiúil) mar chomhlachtaí críochacha atá freagrach as doiciméid straitéiseacha a chur chun feidhme ar leibhéal na pleanála réigiúnaí agus as réamhroghnú tionscadal atá le maoiniú le cistí AE ar an leibhéal áitiúil ar bhonn straitéisí comhtháite forbartha críochoí.
208	C9.R2: Leanúint den athchóiriú ar earnáil an uisce	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm An tAcht Uisce agus Séarachais	Teacht i bhfeidhm				R4	2025	Tacóidh an tAcht Uisce agus Séarachais le praghsáil chostasbhunaithe chun na córais agus na seirbhísí idithe a úsáid agus tacófar le hinbhuanaitheacht airgeadais na n - oibreoirí ag an am céanna. Forálfaidh an dlí na coinníollacha do chomhdhlúthú i soláthar soláthair uisce agus seirbhísí séarachais. Tabharfar isteach leis an dlí coinníollacha aonfhoirmeacha ar fud

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										na tíre maidir le critéir cáilíochta seirbhíse agus éifeachtúlachta, a chomhlíonfaidh na hoibreoírí soláthair uisce agus séarachais laistigh de na hamlínte a shainítear sa dlí. Déanfaidh rialtóir neamhspleách ag a bhfuil ról agus freagrachtaí a shainítear sa dlí faireachán ar cháilíocht an tsoláthair uisce agus na seirbhísí séarachais.

## **J. COMHPHÁIRT 10: AN TIMPEALLACHT GHNÓ**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin acmhainneacht an fháis inbhuanaithe a neartú agus athléimneacht fhoriomlán gheilleagar na Bulgáire a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán sa timpeallacht ghnó fhoriomlán agus trí fheabhas a chur ar an gcreat institiúideach. Áirítear leis athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí amhail ceartas, an comhrac i gcoinne an éillithe, digitiú an riaracháin phoiblí, rialachas fiontar faoi úinéireacht stáit, frithsciúradh airgid, cáilíocht an phróisis reachtaigh, soláthar poiblí, agus sásraí iniúchóireachta agus rialaithe.

Rannchuidíonn na bearta a áirítear sa chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 1, 2 agus 3 de 2019, agus le moladh tírshonrach 4 de 2020 i ndáil leis an timpeallacht ghnó a fheabhsú, an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a íoslaghdú trí éifeachtacht an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus rialtas digiteach a threisiú, feidhmiú éifeachtach an chreata dócmhainneachta a áirithiú, agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun measúnú riosca leordhóthanach, maolú, maoirseacht éifeachtach agus forfheidhmiú an chreata frithsciúrtha airgid a áirithiú, agus rialachas corparáideach fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit a uasghrádú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

### **J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú 1 (C10.R1): Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuártha

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar inrochtaineacht, éifeachtacht agus intuarthacht an chórais cheartais.

Áireofar leis an athchóiriú leasuithe reachtacha ar Chód an Nós Imeachta Riaracháin, lena gceadófar gníomhartha breithiúnacha a dhréachtú mar dhoiciméid leictreonacha agus iad a shíniú le ríomhshíniú cáilithe, cé is moite de ghníomhartha breithiúnacha nach féidir a dhréachtú i bhformáid i scríbhinn de bharr a gcineáil nó i gcás ina sonraítear a mhalairt i bhforálacha dlí eile. Ina theannta sin, beifear in ann doiciméid a chur isteach go leictreonach agus seisiúin chúirte chianda a thionól.

Meastar go rannchuideoidh na bearta sin le hinfeistíocht 2 i ndáil le digitiú an cheartais.

Chun rochtain ar cheartas a fheabhsú, áireofar san athchóiriú bearta reachtacha chun raon feidhme an chúinimh dhlíthiúil saor in aisce agus na ndíolúintí ó tháillí cúirte a leathnú.

Ar deireadh, áirítear leis an athchóiriú treochlár a ghlacadh chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme, lena n-áireofar bearta sonracha, amlínte, agus institiúidí freagracha.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

### Athchóiriú 2 (C10.R2): Frith-éilliú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an t-éilliú a chomhrac a thuilleadh ar gach leibhéal den riarachán poiblí, den chóras ceartais agus de na córais ionchúisimh.

Go háirithe, déanfar an méid seo a leanas leis an athchóiriú:

- a áirithiú go ndéanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Beartais Frith-Éillithe faireachán ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun an tÉilliú a Chosc agus a Chomhrac agus an Treochláir a ghabhann léi trí thuarascáil/tuarascálacha a ghlacadh maidir lena gcur chun feidhme;
- feabhas a chur ar ról Chigireacht na hArdchomhairle Breithiúnaí maidir leis an éilliú a chosc agus a chomhrac trí threoirlínte agus oiliúint eitice athbhreithnithe. Ní thiocfaidh méadú ar chumhachtaí araíonachta na Cigireachta mar thoradh air sin. Rachfar i gcomhairle le Coimisiún na Veinése sula ndéanfaidh an Chigireacht athbhreithniú ar na treoirlínte agus sula n-eagróidh sí an oiliúint;
- uirlisí a thabhairt isteach chun an t-éilliú a chomhrac agus chun feabhas a chur ar shláine na státseirbhíseach a bhfuil poist ardriosca éillithe acu sa bhrainse lárnach feidhmiúcháin;
- uirlisí a thabhairt isteach chun an t-éilliú a chomhrac agus chun an t-ionracas sna Fiontair faoi Úinéireacht Stáit a fheabhsú;
- comhlacht Frith-Éillithe a bhunú a mbeidh sé d'údarás aige fianaise a imscrúdú agus a bhailiú, faoi réir coimircí dlíthiúla do chearta agus saoirsí daoine aonair agus gnólachtaí.

Agus é mar chuspóir éifeachtacht imscrúduithe coiriúla agus cuntasacht agus dliteanas coiriúil an Phríomh-Ionchúisitheora a áirithiú, déanfar an méid seo a leanas leis an athchóiriú:

- an fhéidearthacht a thabhairt isteach athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh ionchúisitheora gan imscrúdú a thionscnamh;
- tuairisciú bliantúil ón Ard-Ionchúisitheoir a thabhairt isteach maidir le himscrúduithe agus ciontuithe i gcásanna éillithe;
- foráil a dhéanamh maidir leis na coimircí agus na ráthaíochtaí is gá le haghaidh imscrúdú neamhspleách ar an Ard-Ionchúisitheoir agus ar a n-ionadaithe.

Ar deireadh, áireofar san athchóiriú bearta reachtacha chun sceithirí a chosaint agus chun gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil i gcomhthéacs na cinnteoireachta poiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

### Athchóiriú 3 (C10.R3): Gníomhartha dlí maidir leis an gcreat idirghabhála

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tacú le glacadh na hidirghabhála sa Bhulgáir.

Bainfear é sin amach trí ghníomhartha dlí, lena bhforálfar go gcuirfidh an chúirt, i gcásanna sibhialta agus tráchtála áirithe, d'oibleagáid ar na páirtithe páirt a ghlacadh i gcruinniú faisnéise maidir leis an nós imeachta idirghabhála.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Athchóiriú 4 (C10.R4): Nósanna imeachta dócmhainneachta a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo éifeachtúlacht nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe a mhéadú.

Bainfear é sin amach trí ghníomhartha dlíthiúla a ghlacadh chun éascú a dhéanamh ar nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe a oscailt agus a chur i gcrích, chun a áiritiú go n-úsáidfear modhanna leictreonacha i nósanna imeachta dócmhainneachta, athstruchtúraithe agus urscaoilte, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le rialáil níos déine ar ghairm na gcleachtóirí dócmhainneachta, uirlisí luathrabhaidh agus dualgais na stiúrthóirí i gcás dóchúlacht dócmhainneachta.

Cumhdófar leis an athchóiriú freisin bearta cur chun feidhme, lena n-áirítear oiliúint maidir leis an gcreat dócmhainneachta nua do chleachtóirí dócmhainneachta agus do bhreithiúna dócmhainneachta, uirlisí leictreonacha chun críche cumarsáide le linn imeachtaí dócmhainneachta agus athstruchtúraithe, treoirilínte/lámhleabhair, cóid agus teimpléid maidir leis na nósanna imeachta éagsúla a ghlacadh, chomh maith le bailiú agus foilsíú sonraí staidrimh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### Athchóiriú 5 (C10.R5): Athchóiriú digiteach ar earnáil tógála na Bulgáire

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an bunús a leagan síos do chlaochlú digiteach na hearnála tógála sa Bhulgáir.

Bainfear é sin amach trí straitéis fhadtéarmach a fhorbairt agus a ghlacadh chun an Samhaltú Faisnéise Foirgníochta a thabhairt isteach i ndearadh, i gcur i gcrích agus i gchothabháil oibreacha foirgníochta, chomh maith le treochlár dá cur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### Athchóiriú 6 (C10.R6): Athchóiriú ar an gclárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht ríomhsheirbhísí rialtais

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar eagrú, ar cháilíocht agus ar shlándáil na gclár sa riarachán poiblí, acmhainneacht ríomhsheirbhísí rialtais a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh a laghdú.

Bunófar leis an athchóiriú an creat dlíthiúil is gá chun cláir leictreonacha a bhunú, a chothabháil agus a úsáid trí leasuithe ar na dlíthe seo a leanas:

- an Dlí um Rialachas Leictreonach, lena dtabharfar isteach an oibleagáid ar gach comhlacht brainse feidhmiúcháin na cláir a choinneáil, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta i bhfoirm leictreonach;
- an Dlí maidir le Clár Cadastair agus Maoine, lena mbunófar na ceanglais maidir le hinneachar na gcuntas maoine sa chlár maoine agus freagrachtaí na mbreithiúna clárlainne maidir lena mbunú;
- an Dlí um Chlárú Sibhialta, lena gcuirfear toirmeasc ar údaráis riaracháin phoiblí doiciméid a bhaineann le stádas sibhialta saoránach a éileamh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.



Athchóiriú 7 (C10.R7): Feabhas a chur ar an gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar rialachas na bhfiontar atá faoi úinéireacht an stáit.

Chuirge sin, glacfaidh Comhairle na nAí:

- beartas úinéireachta stáit, lena n-áireofar an bonn cirt agus na cuspóirí do rannpháirtíocht an stáit i bhfiontair faoi úinéireacht stáit, chomh maith le ról an stáit i mbainistiú cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus i gcur chun feidhme an bheartais;
- tuarascálacha achoimre bliantúla ar ghníomhaíochtaí fiontar faoi úinéireacht stáit amhail ón mbliain 2020;
- clár claochlaithe le haghaidh fiontar reachtúla faoi úinéireacht stáit bunaithe ar an anailís ar chineál a ghníomhaíochtaí — feidhmeanna tráchtála nó poiblí go príomha.

Ina theannta sin, glacfaidh an Gníomhaireacht um Fhiontair Phoiblí agus Rialú tuarascáil lena ndéanfar measúnú agus deimhniú ar chomhlíontacht chomhdhéanamh bord fiontar mór faoi úinéireacht stáit leis na nósanna imeachta roghnúcháin a leagtar síos leis an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus leis an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar. I gcás ceapacháin shealadacha comhaltá ar bhoird na bhfiontar mór faoi úinéireacht stáit, deimhneofar sa tuarascáil go gcomhlíonann an ceapachán na ceanglais is infheidhme sa Dlí maidir le fiontair phoiblí agus sa reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

Athchóiriú 8 (C10.R8): An creat in aghaidh sciúradh airgid a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an creat frithsciúrtha airgid a neartú trí phlean gníomhaíochta a ghlacadh chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta arna sainaithint tríd an measúnú riosca náisiúnta a mhaolú, chomh maith leis an measúnú riosca náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta.

Bainfeair é sin amach leis na bearta seo a leanas:

- glacadh nó athbhreithniú straitéisí maoirseachta agus nósanna imeachta maoirseachta ag Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Airgeadais na Gníomhaireachta Stáit um Shlándaíl Náisiúnta, Bhanc Náisiúnta na Bulgáire, an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Ioncaim;
- Treoir a ghlacadh maidir leis an gcur chuige i leith daoine atá faoi riteacht pholaitiúil;
- plean gníomhaíochta a ghlacadh ag Comhairle na nAí chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a sainaithníodh tríd an measúnú riosca náisiúnta a mhaolú;
- nuashonrú a ghlacadh ar an measúnú riosca náisiúnta ar an tuarascáil maidir le sciúradh airgid agus maoiníú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear maidir leis na rioscaí a bhaineann le scéimeanna infheistíochta saoránachta, agus measúnuithe riosca earnálacha ar an earnáil neamhbhrabúis agus ar shócmhainní fíorúla a ghlacadh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.



### Athchóiriú 9 (C10.R9): Feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis reachtaigh

Is é is aidhm don athchóiriú seo feabhas a chur ar cháilíocht agus intuarthacht an phróisis reachtaigh laistigh den Tionól Náisiúnta.

Bainfear é sin amach le forálacha sna Rialacha maidir le hEagrú agus Gníomhaíocht an Tionóil Náisiúnta lena n-áiritheofar an méid seo a leanas:

- tá réasúnú agus réamh-mheasúnú tionchair ag gabháil leis an dréachtreachtaíocht uile a mholann Feisirí na Parlaiminte;
- tá tuairim achomair ar thuairimí na ngeallsealbhóirí agus tuairim achomair an choiste san áireamh i dtuarascálacha an choiste pharlaimintigh ar dhréachtdlíthe; agus
- na tograí le haghaidh leasuithe agus forlíontaí ar dhréachtghníomh reachtach a glacadh ag an gcéad vótáil, ní fhéadfaidh siad tagairt a dhéanamh do ghníomhartha reachtacha, nach ionann iad agus na gníomhartha reachtacha ar moladh a leasú nó a bhforlíonadh sa dréachtghníomh reachtach a tíolacadh ar dtús, ach amháin faoi imthosca sonracha.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

### Athchóiriú 10 (C10.R10): An próiseas soláthair phoiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo trédhearcacht a fheabhsú agus iomaíocht sa phróiseas soláthair phoiblí a mhéadú.

Maidir le húsáid nósanna imeachta soláthair phoiblí idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré agus conraitheoireacht le tairiscintí aonair, áiritheofar le leasuithe reachtacha tuairisciú rialta, rialuithe méadaithe ag gníomhaireachtaí ábhartha, agus smachtbhannaí éifeachtacha agus athchomhairleacha i gcás sárúithe ar na rialacha. Ina theannta sin, méadófar seiceálacha ex-ante ar sholáthar poiblí i ndáil le cistí de chuid an Aontais agus tabharfar isteach ríomhghoirmeacha caighdeánacha nua le haghaidh soláthar poiblí.

Mar thoradh air sin, laghdófar sciar na nósanna imeachta soláthair phoiblí arna gcaibidlíú gan foilsiú roimh ré le haghaidh conarthaí lena ngabhann tacaíocht ón Aontas. Laghdófar sciar na gconarthaí le tairgeoir aonair i gcás conarthaí le tacaíocht ón Aontas agus conarthaí arna maoiniú le hacmhainní náisiúnta.

Ina theannta sin, beidh sé d'aidhm ag leasuithe reachtacha nósanna imeachta soláthair 'intí' a laghdú trí thoirmeasc a thabhairt isteach maidir le cúraimí a athshannadh d'fhoichonraitheoirí, ceanglais trédhearcachta agus smachtbhannaí éifeachtacha agus athchomhairleacha i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas sin.

Ina theannta sin, tabharfar isteach bearta atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí in údaráis chonarthaacha a fheabhsú. Thairis sin, tabharfar isteach oibleagáid reachtach chun pleananna soláthair phoiblí tascacha bliantúla a fhoilsiú d'údaráis chonarthaacha agus foilseofar tuarascáil ina ndéanfar anailís ar roghanna maidir le tuilleadh lárnaíthe i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

### Athchóiriú 11 (C10.R11): Fiontraíocht na Bulgáire

Is é is cuspóir don athchóiriú seo forbairt na hearnála ardteicneolaíochta sa tír a chothú trí rochtain ar chaipiteal agus ar thallann a fheabhsú, trí thimpeallacht an riaracháin gnó a fheabhsú agus tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an athchóirithe:

- nós imeachta agus ceanglais a thabhairt isteach chun víosa a eisiúint d'fhiontraithe nuathionscanta;
- dlí féimheachta pearsanta a ghlacadh;
- cineál cuideachta tráchtála níos solúbtha a thabhairt isteach sa Dlí Tráchtála;
- creat a ghlacadh chun leachtú luathaithe eintiteas dlítheanach a cheadú;
- níos mó solúbthachta a chur ar fáil sna coinníollacha rialála maidir le cianobair.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

### Athchóiriú 12 (C10.R12): An Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch

Is é cuspóir an athchóirithe an dúshraith a leagan síos do phróiseas chun saineolas eacnamaíoch acadúil domhain a sholáthar de réir a chéile agus go hinbhuanaithe do rialtas na Bulgáire, próiseas a mheastar a bheidh ina thúsphointe chun cinnteoireacht eacnamaíoch straitéiseach agus fhadtéarmach a fheabhsú.

Leis an athchóiriú, bunófar Comhairle um Anailís Eacnamaíoch mar chomhlacht comhairleach, a dtacóidh rúnaíocht léi. Tuarascáil bhliantúil ar staid gheilleagar na Bulgáire a bheidh i bpríomh-aschur na Comhairle um Anailís Eacnamaíoch.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

### Infheistíocht 1 (C10.I1): Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna a neartú, a fhorbairt tuilleadh agus cur leis

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin an digitiú sa chóras ceartais a mhéadú trí chur le Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna.

Déanfar Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna a uasghrádú chun:

- foráil a dhéanamh maidir le modúil nua chun cásanna ordaithe íocaíochta a leithdháileadh go leictreonach agus a dhigitiú agus chun nósanna imeachta idirghabhála a riar;
- feabhas a chur ar chumas teicniúil na gcúirteanna oibriú go hiomlán ar líne trí 3000 ríomhaire pearsanta deisce le monatóirí agus 2200 ríomhaire glúine a choimisiúnú agus a sheachadadh chuig na cúirteanna; agus
- Lárionaid sonraí bhreise a bhunú.

Meastar go dtacóidh an infheistíocht le cur chun feidhme athchóiriú 1 maidir le ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuatha.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Nollaig 2025.

### Infheistíocht 2 (C10.I2): Príomhphróisis dlíthíochta sa cheartas riaracháin a dhigitiú

Is é is cuspóir don infheistíocht sin an digitiú i gcúirteanna riaracháin a mhéadú tríd an gCóras Faisnéise Aonair um Bainistiú Cásanna a uasghrádú.

Leis an uasghrádú beifear in ann próiseas seirbheála na toghairme leictreonaí, cianrochtain ar dhoiciméid leictreonacha agus tíolacadh doiciméad leictreonach do shaoránaigh a imscaradh agus a uathoibriú, agus cumas éisteachtaí cúirte cianda sna 28 gcúirt riaracháin. Tacófar leis trí theacht i bhfeidhm crua-earraí stórála sonraí i lárionad sonraí.

Meastar go dtacóidh an infheistíocht le cur chun feidhme athchóiriú 1 maidir le ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuartha.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

### Infheistíocht 3 (C10.I3): Claochlú an bhonneagair faisnéise agus cumarsáide ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí

Is é is cuspóir don infheistíocht sin digitiú agus slándáil an mhalartaithe faisnéise laistigh d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí a mhéadú tríd an mbonneagar inmheánach faisnéise agus cumarsáide a uasghrádú.

Is éard a bheidh san uasghrádú:

- malartú feabhsaithe sonraí inmheánacha i bhfoirm leictreonach;
- cianrochtain shlán agus sainaithe leictreonach;
- uathmhalartú sonraí leictreonacha le húdaráis forfheidhmithe dlí eile sa Bhulgáir;
- an bonneagar inmheánach faisnéise agus cumarsáide a chomhtháthú leis an Tairseach Aonair don r-Cheartas; agus
- cibearshlándáil a fheabhsú agus comhlíonadh cosanta sonraí a éascú.

Meastar go dtacóidh an infheistíocht le cur chun feidhme athchóiriú 2 maidir leis an bhfrithéilliú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 30 Meitheamh 2025.

### Infheistíocht 4 (C10.I4): Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú

Is é is cuspóir don infheistíocht sin cáilíocht agus éifeachtacht na mbeartas frithéillithe agus slándála a fheabhsú trí thacú lena gclaochlú glas agus digiteach.

Maidir leis an infheistíocht sin:

- córas cliste slándála náisiúnta a bhunú trí na córais atá ann cheana san Aireacht Gnóthaí Baile a nuachóiriú agus a fhorbairt;
- córais físfhaireachais a bhunú agus a chomhtháthú le feidhmiúlacht aitheanta uimhreacha feithicle ar roinnt suíomhanna;
- 300 feithicil phóilíneachta a fháil.

Meastar go dtacóidh an infheistíocht le cur chun feidhme athchóiriú 2 maidir leis an bhfrithéilliú.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 6 (C10.I6): Tacú le céim phíolótach chun Samhaltú Faisnéise Foirgneamh a thabhairt isteach

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo cur le hacmhainneacht an phobail um Shamhaltú Faisnéise Foirgníochta sa Bhulgáir.

Áireofar san infheistíocht oiliúint speisialaithe do shaineolaithe sa riarachán stáit, suíomh gréasáin a chruthú ina mbeidh cúrsaí agus ábhair ar líne do shaineolaithe ón earnáil phríobháideach, modúl BIM a chruthú a bheidh comhtháite sa Chóras Faisnéise Aontaithe um Pleanáil Spásúil, Dearadh Infheistíochta agus Údarú Foirgníochta agus trealamh TF (crua-earraí agus bogearraí) a sholáthar do shaineolaithe sa riarachán poiblí.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 7 (C10.I7): Córas Faisnéise Aontaithe maidir le Pleanáil Spásúil, Dearadh Infheistíochta agus Údarú Tógála

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí i ndáil le foirgníocht a laghdú trí ardán a chur ar bun chun seirbhísí leictreonacha pleanála riaracháin a sholáthar agus chun tógáil a údarú.

Meastar go ngiorróidh an tionscadal go mór an t-am chun seirbhísí a sholáthar i bpleanáil spásúil, dearadh infheistíochta agus coimisiúnú oibreacha foirgníochta críochnaithe trí ríomhsheirbhísí casta ríomhrialtais a chumasú.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 10 (C10.I10): Córas uasghrádaithe pleanála straitéisí

Is é is cuspóir don infheistíocht sin feabhas a chur ar phróisis pleanála straitéisí an rialtais láir.

Bainfear é sin amach trí chóras faisnéise faireacháin na hInstitiúide Staidrimh Náisiúnta a uasghrádú go huirlis pleanála straitéisí lena ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme na ndoiciméad straitéiseach uile ar leibhéal an rialtais láir. Chomh maith leis na páipéir straitéiseacha uile atá ann cheana a chumhdach, tacóidh an córas faisnéise freisin leis na straitéisí sin a ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht 11 (C10.I11): Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme

Is é is cuspóir don infheistíocht sin feabhas a chur ar an bhfaisnéis agus ar an acmhainneacht riaracháin chun príomhthionscadail a sheachadadh i gcomhthéacs cistiú feidhmíochtbhunaithe, agus béim á leagan ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire.

Bainfear é sin amach trí uasghráduithe breise a dhéanamh ar an gCóras Faisnéise Bainistíochta Aontaithe, lena n-áireofar soláthar agus anailís fheabhsaithe ar shonraí do ARACHNE, agus soláthar oiliúna maidir le soláthar poiblí do bhaill foirne na n-eintiteas a dhéanann nósanna imeachta soláthair phoiblí. Thairis sin, foilseofar

léarscáil riaracháin ina ndéanfar anailís ar acmhainneacht na gcomhlachtaí cur chun feidhme.

Chun creat dlíthiúil agus institiúideach a bhunú le haghaidh fheidhmiú leormhaith na gcóras rialaithe agus iniúchóireachta le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, áireofar an méid seo a leanas san athchóiriú:

- córas stórais a bhunú ag a mbeidh na feidhmiúlachtaí uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire;
- córas bainistíochta agus rialaithe a bhunú i gcomhthéacs phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire;
- anailís ar ualach oibre Stiúrthóireacht na gCistí Náisiúnta agus an Láraonaid Comhordúcháin, agus ceanglais bhreise phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire á gcur san áireamh;
- athruithe ar rialacháin struchtúracha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin ‘Iniúchadh ar Chistí AE’.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

## **J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
213	C10.R1: Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuatha	Garspríoc	Glacadh Treochláir ag Comhairle na nAiri chun breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme	Treochlár forbartha agus glactha				R3	2021	Treochlár a ghlacadh maidir le breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine ('ECtHR') a chur chun feidhme agus bearta agus spríocdhátaí nithiúla a phleanáil, chomh maith leis na hinstiúidí atá freagrach as iad a fhorfheidhmiú.
214	C10.R1: Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuatha	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ar an nGníomh um Chúnamm Dlíthiúil	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an nGníomh um Chúnamm Dlíthiúil				R4	2022	Beidh na leasuithe bunaithe ar anailís ar na cineálachacúnaimh le gal saor in aisce a leathnú, ar na cúiseanna le cúnamm dlíthiúil a dheonú agus ar na díolúintí ó tháillí cúirte do na daoine aonair ar deonaíodh cúnamm dlíthiúil dóibh. Leathnóidh siad raon feidhme an chúnaimh dlíthiúil chun ionadaíocht a chumhdach: <ul style="list-style-type: none"> <li>— os comhair cúirteanna eadrána;</li> <li>— os comhair comhlachtaí speisialta riaracháin, lena n-áirítear an Gníomhaireacht Stáit um Dhídeanaithe, an Coimisiún um Chosaint i gcoinne Idirhealaithe, an Coimisiún um Chosaint Tomhaltóirí;</li> <li>— le haghaidh réiteach díospóidí agus idirghabháil lasmuigh den chúirt.</li> </ul> Déanfaidh na leasuithe ciorcal na ndaoine atá incháilithe do chúnamm dlíthiúil a leathnú freisin chun an méid seo a leanas a áireamh:

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>— daoine faoi mhíchumas a fhaigheann liúntas míosúil i gcomhréir leis an Dlí um Lánpháirtíú Daoine faoi Mhíchumas;</p> <p>agus</p> <p>— daoine aonair ar comhdáíodh iarraidh ar shocrú faoi chaomhnóireacht ina leith.</p> <p>Déanfar foráil sna leasuithe maidir le díolúintí ó tháillí cúirte do na daoine aonair ar deonaíodh cúnamh dlíthiúil dóibh.</p>
215	C10.R1: Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuartha	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ar Chód an Nós Imeachta Riaracháin, lena leagtar síos an creat dlíthiúil don r-Cheartas i gcásanna riaracháin	Forálacha i gCód an Nós Imeachta Riaracháin lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha				R4	2025	<p>Áiríteofar leis na leasuithe reachtacha ar Chód an Nós Imeachta Riaracháin go bhféadfar an méid seo a leanas a dhéanamh:</p> <p>— gníomh breithiúnach atá le tarraingt suas mar dhoiciméad leictreonach agus atá le síniú le ríomhshíniú cáilithe, cé is moite de ghníomhartha breithiúnacha nach féidir a dhréachtú i bhformáid scríofa de bharr a gcineáil, nó i gcás ina bhforáiltear a mhalairt le foráil(i) dlí eile;</p> <p>— cearta nós imeachta a fheidhmiú agus gníomhaíochtaí nós imeachta a dhéanamh i bhfoirm leictreonach ag na páirtithe in imeachtaí dlíthiúla trí dhoiciméid riaracháin a chur isteach</p>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										i bhfoirm leictreonach trí shainaithint shlán; — éisteachtaí oscailte fíorúla cianda a reáchtáil.
217	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe nó a nochtann faisnéis go poiblí faoi shárúithe agus faoi na leasúithe ar an gcreat dlíthiúil a bhaineann le sceithireacht	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe nó a nochtann faisnéis go poiblí faoi shárúithe agus faoi na leasúithe ar an gcreat dlíthiúil a bhaineann le sceithireacht				R3	2022	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe nó a nochtann faisnéis go poiblí faoi shárúithe, lena dtrasúifear na ceanglais seo a leanas de Threoir (AE) 2019/1937, a bhaineann le bealaí rúnda inmheánacha agus seachtracha tuairiscithe a chruthú; sásraí fíorúcháin a bhunú maidir leis na comharthaí a chuirtear isteach; bearta cosanta agus tacaíochta a sholáthar do sceithirí; soláthar aiseolais agus coimeád taifead a áirithiú maidir le torthaí na gcigireachtaí a dhéantar bunaithe ar chomharthaí. Ina theannta sin, déanfar leasúithe ar an méid seo a leanas: — an Dlí maidir leis an bhFéinrialtas agus an Riarachán Áitiúil chun ceanglas a thabhairt isteach go ndéanfar torthaí ghníomhaíochta na gcoistí eitice a dhéileáil le comharthaí maidir le

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>hiompar mí-eiticiúil, coibhleachtaí leasa agus comharthaí eile maidir le hiompar éillitheach comhairleoirí bardasacha a chur ar fáil don phobal;</p> <p>— na forálacha sa Chód Coiriúil lena rialaítear cionta coiriúla maslaí agus clúmhille chun athbheithniú a dhéanamh ar na smachtbhannaí is infheidhme.</p>
218	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla lena n-athchóirítear an Coimisiún Frithéillithe agus Forghéillte Sócmhainní Neamhdhleathacha	Foráil sa ghníomh dlíthiúil/sna gníomhartha dlí lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R3	2022	<p>Leis an ngníomh dlí/na gníomhartha dlíthiúla, déanfar athchóiriú ar an gCoimisiún um Fhrithéilliú agus um Forghéilleadh Sócmhainní Neamhdhleathacha atá ann cheana trí fhoráil a dhéanamh maidir le comhlacht Frithéillithe atá neamhspleách ó thaobh na polaitíochta agus an airgeadais de a chur ar bun.</p> <p>Forálfar leis an ngníomh/na gníomhartha dlí go ndéanfaidh an comhlacht Frith-éillithe an méid seo a leanas:</p> <p>— déanfar a bhainistíocht a cheapadh faoi phróiseas trédhearcach lena n-áiríteofar neamhspleáchas polaitiúil;</p> <p>— beidh sé d'údarás aige fianaise a imscrúdú agus a bhailiú, faoi réir coimircí dlíthiúla do chearta agus saoirsí daoine aonair agus gnólachtaí;</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>— déanfaidh sé tagairt do chásanna an Chomhlachta um Fhorghéilleadh Sócmhainní Neamhdhleathacha ina bhfuil neamhréireachtaí suntasacha i sócmhainní nó i gcoinbhleacht leasa;</p> <p>— tacóidh sé le seiceálacha sláine a fhorbairt;</p> <p>— comhoibreoidh sé le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Déanfaidh Grúpa Stát Chomhairle na hEorpa i gcoinne na hÉilítheachta (GRECO) measúnú ar an dlí maidir leis an gcomhlacht Frith-éilíthe.</p>
219	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Feabhas a chur ar ról na Cigireachta laistigh den Ardchomhairle Bhreithiúnach maidir le héilliú sna breithiúna a chosc agus gníomhú ina choinne	Treoirlínte eiticíúla athbhreithnithe a dháileadh maidir le hiompar giúistísí agus achoimre ar dheachleachtas agus ar dhrochchleachtas maidir le rialacha eiticíúla a chomhlíonadh; oiliúint frith-éilíthe eagraithe; teimpléid agus nósanna imeachta				R4	2022	<p>Déanfaidh Cigireacht na hArdchomhairle Breithiúnaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte eiticíúla maidir le hiompar giúistísí, i gcomhar leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach, agus déanfaidh sé achoimre ar dheachleachtas agus ar dhrochchleachtas maidir le rialacha eiticíúla a chomhlíonadh, i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta;</li> <li>- oiliúint frith-éilíthe a eagrú agus a chur ar fáil chomh maith le hoiliúint maidir le hionracas agus coinbhleacht leasa;</li> </ul>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				a tugadh isteach chun tuairisciú agus foilsiú rialta a dhéanamh ar thorthaí maidir le cásanna a chur i gcrích						<ul style="list-style-type: none"> <li>- Teimpléad a thabhairt isteach chun tuairisciú a dhéanamh ar chur i gcrích cásanna laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear go dlíthiúil; agus</li> <li>- nós imeachta a thabhairt isteach chun tuairisciú agus foilsiú rialta a dhéanamh ar na torthaí maidir le cur i gcrích na gcásanna.</li> </ul> <p>Ní thiocfaidh méadú ar chumhachtaí araíonachta na Cigireachta mar thoradh ar na bearta atá beartaithe agus rachfar i gcomhairle leo le Coimisiún na Veinése de Chomhairle na hEorpa sula gcuirfear chun feidhme iad.</p>
220	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Comhlacht Frith-Éillithe curtha ar bun agus oibríochtúil	Comhlacht Frithéillithe atá ag feidhmiú go hiomlán				R2	2025	Cur chun feidhme na reachtaíochta a glacadh chun an comhlacht Frith-éillithe a chur i bhfeidhm go hiomlán. Cumhdófar leis an gcur chun feidhme na heilimintí uile is gá, is é sin bainistiú agus roghnú, leithdháileadh agus imscaradh iarbhir na n-acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla iomchuí a cheapadh.

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
222	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha chun éifeachtacht imeachtaí coiriúla a chosaint agus cuntasacht agus dliteanas coiriúil an Phríomh-Ionchúisitheora a fheabhsú	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha				R2	2025	<p>1. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta chun imeachtaí coiriúla éifeachtacha a áirithiú:</p> <p>1.1. Athbhreithniú breithiúnach a thabhairt isteach ar chinneadh an ionchúisitheora gan imscrúdú a oscailt agus an raon feidhme agus na coinníollacha faoina ndéanfar rialú breithiúnach den sórt sin a chinneadh. Seachnófar ualach iomarcach ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí trí raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a theorannú;</p> <p>1.2 An fhéidearthacht cásanna a roinnt i gcoinne roinnt cosantóirí ag céim na trialach a chruthú;</p> <p>1.3 Ceart an íospartaigh a thabhairt isteach (d'fhéadfadh seoltóir an chomhartha atá ag seoladh an phróisis) a iarraidh go gcuirfí dlús leis na himeachtaí coiriúla fiú sula dtugtar na cúisimh;</p> <p>1.4 Forais shoiléire agus cásanna inghlactha a thabhairt isteach chun na himeachtaí coiriúla a atosú sna cásanna faoi Airteagal 243(10) den Chód Nós Imeachta Coiriúil arna iarraidh sin don Phríomh-Ionchúisitheoir.</p> <p>2. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta chun cuntasacht an</p>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Phríomh-Ionchúisitheora agus a n-ionadaithe a fheabhsú:</p> <p>2.1 Tréimhse ama a thabhairt isteach sa nós imeachta chun éisteach leis an Ard-Ionchúisitheoir i ndáil leis na saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Oifig an Ionchúisitheora maidir le forfheidhmiú an dlí, cosc na coireachta agus cur chun feidhme an bheartais phionósaigh agus maidir le saincheisteanna a cuireadh chun cinn le linn an phlé phoiblí ar an tuarascáil;</p> <p>2.2 Forálacha reachtacha a thabhairt isteach lena gceanglaítear tuairisciú bliantúil ar na himscrúduithe agus ar na ciontuithe i gcásanna éillithe, príomhtháscairí a sholáthar, lena n-áirítear líon na gcásanna éillithe ardleibhéil a comhdaíodh, líon na gcásanna atá tugtha i gcrích, tuairiscí mionsonraithe ar na forais lena dtabhairt i gcrích ag an gcéim imscrúdaitheach agus ag céim na trialach araon, líon na gciontuithe agus na n-éigiontú agus táscairí lena sainítear na cásannale haghaidh éilliú ardleibhéil (mar shampla, seasamh an duine aonair in ordlathas na gcomhlachtaí stáit, méid an leasa dá ndéantar difear, leibhéal na tábhachta poiblí agus an</p>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>chumhdaigh i bhfearann poiblí an cháis). Léireofar sna forálacha go n-áireofar sa tuarascáil bhliantúil freisin anailís ar na torthaí, go háirithe maidir leis na spríocdhátaí chun imscrúduithe a dhéanamh, cáilíocht na ndíotálacha agus na cúiseanna le toradh sonrach an cháis.</p> <p>2.3 Athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha ionchúisimh a leathnú, tríd an gceart a dheonú chun athbhreithniú den sórt sin a iarraidh i gcásanna ina ndéantar imscrúduithe a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an comhlacht stáit a chuir an comhartha isteach chun an choir atá faoi imscrúdú a thuairisciú, chomh maith le (ii) an Coimisiún um Fhrith-Éilliú, an Coimisiún um Fhorghéilleadh Sócmhainní Fála Neamhdhleathacha, an Ghníomhaireacht um Chigireacht Airgeadais Stáit agus an Chúirt Iniúchóirí, fiú murar tháinig an t-imscrúdú óna gcomhartha.</p> <p>3. Sásra éifeachtach cuntasachta agus dliteanais choiriúil a thabhairt isteach don Ard-Ionchúisitheoir agus dá n-ionadaithe trí ráthaíochtaí a bhunú maidir le neamhspleáchas praiticiúil, institiúideach agus</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>ordlathach an imscrúdaithe ina gcoinne, lena n-áirítear na bearta seo a leanas a thabhairt isteach, gan gá a bheith le hathruithear bhunreacht na Bulgáire:</p> <p>3.1. Rialachán maidir leis an Ard-Ionchúisitheoir agus a n-ionadaithe a chur ar fionraí i gcás imeachtaí coiriúla ina gcoinne trí thromlach 13 as 25 chomhalta den Chomhairle Bhreithiúnach Uachtarach ('SJC');</p> <p>3.2 Roghnú agus ceapadh neamhspleách breithimh a áirithiú, ag a bhfuil céim mar bhreitheamh den Chúirt Achomhairc Uachtarach agus taithí ar cheartas coiriúil, arna cheapadh chuig post mar bhreitheamh sa chúirt dúiche ar a laghad. Tar éis tarchur ó aon duine nó comhlacht agus i láthair faisnéise faoi choir a rinne an tArd-Ionchúisitheoir nó a n-ionadaithe, tionscnaíonn an Chúirt Uachtarach um Achomharc an nós imeachta roghnúcháin. Déanfar é trí roghnú randamach, agus úsáid á baint as córas leictreonach um leithdháileadh randamach. Ní bheidh d'oibleagáid ar SJC ach an breitheamh a cheapadh mar ionchúisitheoir, gan a bheith in ann toradh an leithdháilte randamaigh a athrú. Beidh an córas</p>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>leictreonach faoi réir iniúchtaí neamhspleácha tréimhsiúla.</p> <p>3.3. Ráthaíochtaí a bhunú maidir le cobhsaíocht agus neamhspleáchas gairme tríd an bhféidearthacht a thabhairt isteach an breitheamh a ceapadh mar ionchúisitheoir a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar an Ard-Ionchúisitheoir nó a ionadaí mar bhreitheamh ag an bpost a bhí aige roimhe sin tar éis dheireadh a dtéarma;</p> <p>3.4. Maoirseacht Oifig an Ionchúisitheora ar ghníomhartha ionchúisimh imscrúdaithe an Ard-Ionchúisitheora nó a n-ionadaithe a theorannú trí bhreitheamh den Chúirt Uachtarach um Achomharc a cheapadh mar ionchúisitheoir a fheidhmíonn rialú ar ghníomhaíochtaí an ionchúisitheora a imscrúdaíonn an tArd-Ionchúisitheoir nó a n-ionadaithe;</p> <p>3.5. Chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha go neamhspleách agus chun aon tionchar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ag an Ard-Ionchúisitheora sheachaint, is fostaithe de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile nó na Gníomhaireachta Custaim a bheidh i mbaill na foirne imscrúdaithe.</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										4. Comhairliúchán maidir leis na dréachtleasuithe faoi phointe 3 leis an Roinn um Fhorghníomhú Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta anDuine de chuid Stiúrthóireacht Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine sula nglacfar iad. Comhairliúchán maidir leis na dréachtleasuithe faoi phointe 3 le Coimisiún na Veinése de Chomhairle na hEorpa sula nglacfar iad.
223	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm beart reachtach chun gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm beart reachtach chun gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil				R4	2025	Ullmhófar nóta coincheapa maidir le brústocaireacht a rialáil, bunaithe ar dhea-chleachtais na mBallstát eile. Glacfar bearta reachtacha chun gníomhaíochtaí brústocaireachta i bPoblacht na Bulgáire a rialáil i gcomhthéacs na cinnteoireachta poiblí.
226a	C10.R2: Frith-éilliú	Garspríoc	Uirlisí a thabhairt isteach chun an t-éilliú a chomhrac agus an tsláine a chur chun cinn	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha; Cód Eitice a glacadh; Suíomhanna sainaitheanta lena mbaineann ardriosca éillithe, a mbeadh				R2	2026	Áireofar an méid seo a leanas ar na huirlisí chun an t-éilliú a chomhrac agus chun an tsláine a fheabhsú: 1. I ndáil le fiontair faoi úinéireacht stáit: 1.1. Leasuithe reachtacha chun an oibleagáid a thabhairt isteach maidir le córais bainistíochta riosca éillithe a chur i bhfeidhm i bhfiontair faoi úinéireacht stáit. Cumhdófar leis na córais bainistíochta riosca éillithe roghnú oifigeach sinsearach, bearta

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				seiceálacha sláine ag teastáil ina leith; Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha lena dtugtar isteach na tástálacha sláine le haghaidh suíomhanna sainaitheanta a bhfuil ardriosca éillithe ag baint leo; Anailís mhionsonraithe ar an reachtaíocht ábhartha maidir le coinbhleachtaí leasa; Tuarascáil bhliantúil/tuarascálacha bliantúla le haghaidh 2022-2025 a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun an tÉilliú a Chosc agus a Chomhrac (2021-2027) agus						<p>chun coinbhleacht leasa a chosc, modheolaíocht chun rioscaí éillithe a mheasúnú agus a rialú, eitic agus oiliúint sláine oifigeach, agus ról oifigigh ionracais a thabhairt isteach.</p> <p>1.2. Cód Iompair Eiticiúil a ghlacadh.</p> <p>2. Maidir le státseirbhísigh ag a bhfuil poist lena mbaineann ardriosca éillithe sa bhainse lárnach feidhmiúcháin:</p> <p>2.1. Suíomhanna ardriosca éillithe a shainaitheint ar cheart seiceálacha sláine a dhéanamh ina leith;</p> <p>2.2. Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar Acht na Státseirbhíseach, lena dtugtar isteach an oibleagáid tástálacha sláine a dhéanamh. Foráiltear leis na leasuithe reachtacha go gcuirfead tástálacha ionracais i bhfeidhm maidir le státseirbhísigh sna himthosca seo a leanas:</p> <p>2.2.1. tráth a cheaptha;</p> <p>2.2.2. maidir le hardú céime chuig post bainistíochta níos airde;</p> <p>2.2.3. bunaithe ar thorthaí cigireachta arna déanamh ag na cigireachtaí;</p> <p>2.3. Anailís a ullmhú ar an reachtaíocht ábhartha maidir le</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				an Treochlár a ghabhann léi.						<p>coibhleanachtaí leasa, lena n-áirítear comparáid leis na caighdeáin a leagtar síos le hAirteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, chomh maith leis an bhFógra ón gCoimisiún lena soláthraítear Treoraíocht maidir le coibhleanachtaí leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoin Rialachán Airgeadais (IO C 121/9.4.2021), agus lena n-áirítear moltaí le haghaidh leasuithe reachtacha’.</p> <p>3. Tuarascáil/tuarascálacha le haghaidh 2022-2025 a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun an tÉilliú a Chosc agus a Chomhrac (2021-2027) agus an Treochlár a ghabhann léi.</p>
227	C10.R3: f Gníomhartha dlí maidir leis an gcreat idirghabhála	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí maidir leis an gcreat idirghabhála	Forálacha lena léirítear teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlí				R4	2022	<p>Forálfar leis na gníomhartha dlí go gcuirfidh an chúirt, i gcásanna sibhialta agus tráchtála áirithe, oibleagáid ar na páirtithe páirt a ghlacadh i gcruinniú faisnéise maidir leis an nós imeachta idirghabhála.</p> <p>Déanfar foráil sna gníomhartha dlí freisin maidir le himthosca nach gcuirfidh an chúirt d’oibleagáid ar</p>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlain	
										na páirtithe páirt a ghlacadh i gcruinniú faisnéise den sórt sin. Reáchtálfar an cruinniú faisnéise sna hionaid idirghabhála sna cúirteanna agus ina rannóga críochacha. Rialófar leis na gníomhartha dlí eagrú agus oibriú na lárionad idirghabhála agus stádas a bhfoirme, chomh maith leis an nós imeachta chun idirghabhálaithe a roghnú.
228	C10.R4: Nósanna imeachta dócmhainneachta a neartú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla maidir leis na nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe	Forálacha sna gníomhartha dlíthiúla, lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R3	2022	Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlíthiúla, lena ndéanfar foráil maidir leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>— uirlisí luathrabhaidh;</li> <li>— oscailt agus seoladh nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe aéascú;</li> <li>— dualgais na stiúrthóirí i gcás dóchúlacht dócmhainneachta;</li> <li>— deis a bheith ann faisnéis agus doiciméid a mhalartú go leictreonach i nósanna imeachta maidir le dócmhainneacht, athstruchtúrú agus urscaoileadh fiachais;</li> <li>— rialáil níos déine ar ghairm na geleachtóirí dócmhainneachta chun a áirithiú go bhfuil an saineolas is gá acu agus go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta, chomh maith leis an bpróiseas chun cleachtóirí a cheapadh, a bhaint</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus a éirí as oifig soiléir, trédhearcach agus cothrom.
229	C10.R4: Nósanna imeachta dócmhainneachta a neartú	Garspríoc	Bearta chun an t-athchóiriú ar an gcreat dócmhainneachta a chur chun feidhme curtha i gcrích	1. Oiliúint a chuirtear ar fáil do chleachtóirí dócmhainneachta agus do bhreithiúna; 2. Uirlisí leictreonacha a bheith oibríochtúil; 3. Treoirínte/lámhleabhair, cóid agus teimpléid a ghlacadh ag an Aireacht Dlí agus Cirt; 4. Foilsiú sonraí staidrimh				R2	2025	Cumhdófar na heilimintí seo a leanas leis an gcur chun feidhme: 1. Oiliúint maidir leis an gcreat dócmhainneachta nua a chur ar fáil do chleachtóirí dócmhainneachta agus do bhreithiúna dócmhainneachta. 2. Uirlisí leictreonacha a uasghrádú chun a áirithiú gur féidir le páirtithe modhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid le linn imeachtaí dócmhainneachta agus athstruchtúrú. 3. Glacadh na dtreoirínte/na lámhleabhar, na gcód agus na dteimpléad is gá chun a áirithiú go mbainfidh an Aireacht Dlí agus Cirt úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais. 4. Bailiú sonraí staidrimh i bhfeidhm agus an chéad tacar sonraí a fhoilsítear chun faireachán éifeachtúil ar nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a áirithiú.
230	C10.R5: Athchóiriú digiteach ar	Garspríoc	Straitéis agus treochar chun Samhaltú Faisnéise Foirgníochta	An straitéis chun Samhaltú Faisnéise Tógála				R2	2025	Leagfar amach an méid seo a leanas sa straitéis chun samhaltú faisnéise

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
	earnáil tógála na Bulgáire		(BIM) a thabhairt isteach i ndearadh, i gcur i gcrích agus i gcothabháil oibreacha foirgníochta	a chur chun feidhme agus an Treochlár dá chur chun feidhme a ghlac Comhairle na nAí						foirgneamh (BIM) a thabhairt isteach: <ul style="list-style-type: none"> <li>• cé acu de na ceithre leibhéal BIM atá ann faoi láthair atá le baint amach sa ghearrthéarma agus atá le baint amach san fhadtéarma;</li> <li>• Fís shoiléir d'fhorbairt na hearnála tógála agus do thabhairt isteach BIM;</li> <li>• cuspóirí straitéiseacha an bheartais earnála, ról ceannasach na hearnála poiblí agus forbairt beartas chun an fhís a chur chun feidhme;</li> <li>• anailís ar an gcreat rialála is gá chun reachtaíocht, caighdeán agus treoir thacaíochta na hearnála a dhigitiú i gcomhréir leis na beartais a bhaineann le BIM;</li> <li>• bearta tacaíochta do FBManna i gcomhréir le staidéar 2019 ón gCoimisiún 'Tuarascáil: Tacú le digitiú na hearnála tógála agus FBManna — lena n-áirítear Samhaltú Faisnéise Foirgneamh';</li> <li>• an leibhéal inniúlachta atá le baint amach ag an riarachán, ag an ngnó tógála agus ag an saol acadúil chun BIM a chur chun feidhme.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Aireofar an méid seo a leanas sa treochlár:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>na príomhchéimeanna agus an amlíne chun BIM a chur chun feidhme, chomh maith leis na hacmhainní is gá;</li> <li>freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu le BIM a chur chun feidhme;</li> <li>céimeanna i dtreo BIM a thabhairt isteach de réir a chéile i gceanglais an tsoláthair phoiblí le haghaidh oibreacha deartha agus tógála;</li> <li>na céimeanna chun an bonneagar TF, na bunachair sonraí agus na caighdeáin is gá a chruthú ar féidir iad a réiteach le cinn Eorpacha.</li> </ul>
231	C10.R6: Athchóiriú ar an gelárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht ríomhsheirbhísí rialtais	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí maidir le Rialachas Leictreonach	Forálacha sa Dlí Rialachais Leictreonaigh lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R3	2022	<p>Leis na leasuithe ar an Dlí maidir le Rialachas Leictreonach, tabharfar isteach an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>rialacha maidir le clár údarás riaracháin agus a gceanglais a bhunú;</li> <li>sainmhínte ar ‘clár’, ‘riarthóir lárnach sonraí’;</li> <li>sainmhíniú ar an Spás Faisnéise Comhroinnte Rialtais faoi Chosaint.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
232	C10.R6: Athchóiriú ar an gelárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht ríomhsheirbhísí rialtais	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí maidir le Clár Cadastair agus Maoine	Forálacha sa Dlí maidir le Clár Cadastair agus Maoine lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R3	2022	Bunófar leis na leasuithe ar an Dlí maidir leis an gClár Cadastair agus Maoine na ceanglais maidir le hábhar na gcuntas maoine sa chlár maoine agus an próiseas chun iad a chruthú bunaithe ar na cuntais phearsanta atá ann cheana, chomh maith le freagrachtaí na mbreithiúna clárlainne agus na Gníomhaireachta Clárlainne a shonrú agus na cuntais mhaoine á mbunú sa chlár.
233	C10.R6: Athchóiriú ar an gelárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht ríomhsheirbhísí rialtais	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí um Rialachas Leictreonach agus ar an Dlí maidir le Clárú Sibhialta	Forálacha sa Dlí Rialachais Leictreonaigh agus sa Dlí maidir le Clárú Sibhialta lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R2	2025	Leis na leasuithe ar an Dlí maidir le Rialachas Leictreonach, tabharfar isteach oibleagáid ar chomhlachtaí brainse feidhmiúcháin cláir a choinneáil, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta i bhfoirm leictreonach, i bhformáid struchtúrtha ina mbeidh ráthaíochtaí leordhóthanacha chun logaí rochtana do-athraithe agus bealaí iniúchta a chothabháil.  Leis na leasuithe ar an Dlí maidir le Clárú Sibhialta, tabharfar isteach oibleagáid ar údarais phoiblí imthosca breithe, pósta agus báis a dheimhniú tríd an gClár Leictreonach Náisiúnta de Dhoiciméid Stádais Sibhialta. Cuirfidh sé toirmeasc freisin ar údarais riaracháin faisnéis nó doiciméid a bhaineann le stádas

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										sibhialta (maidir le breith, pósadh agus bás) a éileamh ar shaoránaigh.
234	C10.R7: Feabhas a chur ar an gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit	Garspríoc	Beartas úinéireachta stáit a ghlacadh	Doiciméad glactha ag Comhairle na nAirí lena mbunaítear beartas úinéireachta stáit				R3	2022	Déanfaidh an Ghníomhaireacht um Fhiontair Phoiblí agus Rialú an beartas úinéireachta stáit a fhorbairt agus glacfaidh Comhairle na nAirí é. Beidh an réasúnú agus na cuspóirí ann maidir le rannpháirtíocht an stáit i bhfiontair faoi úinéireacht stáit, chomh maith le ról an stáit i mbainistiú cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus i gcur chun feidhme an bheartais.
235	C10.R7: Feabhas a chur ar an gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit	Garspríoc	Glacadh an Tuairiscithe Achomair bhliantúil ar Fheidhmíocht na bhFiontar atá faoi Úinéireacht an Stáit	Glacadh thuarascálacha achoimre bliantúla 2020 agus 2021 maidir le gníomhaíochtaí fiontar faoi úinéireacht stáit ag Comhairle na nAirí				R4	2022	Glacfaidh Comhairle na nAirí tuarascálacha achoimre bliantúla maidir le gníomhaíochtaí fiontar faoi úinéireacht stáit. Déanfar athbhreithniú sna tuarascálacha achoimre ar thorthaí gníomhaíocht na bhfiontar faoi úinéireacht stáit, lena n-áirítear fiontair reachtúla, chomh maith le hanailís ar fheidhmíocht na bhfiontar faoi úinéireacht stáit de réir earnála agus ar fheidhmíocht aonair na bhfiontar uile faoi

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										úinéireacht stáit arna gcatagóiriú mar fhiontair 'móra' i gcomhréir leis an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí. Déanfar measúnú sna tuarascálacha achoimre freisin ar chomhlíontacht na bhfiontar faoi úinéireacht stáit leis na caighdeáin is infheidhme maidir le rialachas corparáideach agus nochtadh.
236	C10.R7: Feabhas a chur ar an gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit	Garspríoc	Clár claochlaithe a ghlacadh le haghaidh fiontair reachtúla faoi úinéireacht stáit	Clár claochlaithe glactha ag Comhairle na nAirí				R2	2025	Glacfaidh Comhairle na nAirí clár chun fiontair reachtúla faoi úinéireacht stáit a chlaohlú i gcomhréir le Mír 2(2) d'Fhorálacha Idirthréimhseacha agus Críochnaitheacha an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí an 8 Deireadh Fómhair 2019. Beidh an clár claochlaithe bunaithe ar anailís ar chineál gníomhaíochtaí fiontar reachtúil faoi úinéireacht stáit — feidhmeanna tráchtála nó poiblí go príomha, agus déanfar foráil ann maidir leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>- fiontair reachtúla faoi úinéireacht stáit a dhéanann gníomhaíochtaí tráchtála go príomha a chlaohlú ina gcuideachtaí tráchtála, agus</li> <li>- fiontair reachtúla faoi úinéireacht stáit a bhfuil feidhmeanna poiblí acu go príomha a atheagrú ina struchtúir riaracháin nó iad a</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										áireamh sa chlár fioscach comhdhlúite, ach amháin má tá stádas difriúil fíor-riachtanach chun a gcuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach i gcomhréir le Treoirlínte ECFE maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht Stáit.
237	C10.R7: Feabhas a chur ar an gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit	Garspríoc	Comhlíontacht chomhdhéanamh bhoird na bhfiontar mór faoi úinéireacht stáit leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin a leagtar amach sa Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus sa reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar a deimhníodh	Tuarascáil arna glacadh ag an nGníomhaireacht um Fhiontair Phoiblí agus Rialú lena ndéantar measúnú agus deimhniú go gcomhlíonann boird ceanglais an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar				R2	2025	Comhlíonfaidh boird gach cuideachta faoi úinéireacht stáit na ceanglais maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin a leagtar síos sa Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus sa reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar. Déanfar measúnú agus deimhniú sa tuarascáil ar chomhlíontacht chomhdhéanamh bhoird bhainistíochta agus mhaoirseachta na bhfiontar mór faoi úinéireacht stáit leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus ceapacháin a leagtar síos leis an Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus leis an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar. Áireofar sa tuarascáil sonraí maidir le gach cuideachta faoi úinéireacht stáit mhór, lena n-áirítear líon agus comhdhéanamh a mbord agus faisnéis bhunriachtanach maidir leis an nós

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										imeachta lenar ceapadh gach comhalta neamhspleách agus gach ionadaí ón mBallstát. I gcás ceapacháin shealadacha comhaltaí ar bhoird na bhfiontar mór faoi úinéireacht stáit, deimhneofar sa tuarascáil go gcomhlíonann an ceapachán na ceanglais is infheidhme sa Dlí maidir le Fiontair Phoiblí agus sa reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar.
238	C10.R8: An creat in aghaidh sciúradh airgid a neartú	Garspríoc	Glacadh an phlean gníomhaíochta chun na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a sainaitníodh sa mheasúnú riosca náisiúnta a mhaolú	Plean gníomhaíochta a ghlac Comhairle na nAirí chun obair leantach a dhéanamh ar an measúnú riosca náisiúnta				R3	2021	Glacfaidh Comhairle na nAirí an plean gníomhaíochta agus beidh sé d'aidhm aige feabhas a chur ar chumas institiúidí inniúla na Bulgáire na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú go héifeachtach. Beidh míniú sa phlean gníomhaíochta ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa tréimhse 2019-2021 chun rioscaí a mhaolú a sainaitníodh i dTuarascáil Measúnaithe Riosca Náisiúnta 2019, lena n-áirítear gníomhaíochtaí reachtacha, institiúideacha, rialála, maoirseachta agus oibríochtúla. Leagfar amach a thuilleadh sa phlean gníomhaíochta gníomhaíochtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus na leochaileachtaí atá fós ann, atá fós ar

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>siúl, chomh maith leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo óna gcur chun feidhme, tosaíocht, spríoc-am dá gcur i bhfeidhm, céim agus údarás freagrach.</p> <p>Ullmhófar an plean gníomhaíochta i gcomhréir leis na moltaí a fuarthas faoi thionscadal SRSP 19BG17 'Feabhas a chur ar chumais údaráis na Bulgáire rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú go héifeachtach'.</p>
239	C10.R8: An creat in aghaidh sciúradh airgid a neartú	Garspríoc	Nuashonrú ar an measúnú riosca náisiúnta ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a ghlacadh	Nuashonrú ar an measúnú riosca náisiúnta glactha				R4	2022	<p>Nuashonrú a ghlacadh ar an measúnú riosca náisiúnta ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta faoi Airteagal 95(1) den Dlí maidir le Bearta in aghaidh Sciúradh Airgid, lena n-áirítear maidir leis na rioscaí a bhaineann le scéimeanna infheistíochta saoránachta, agus measúnuithe riosca eárnála a ghlacadh ar eárnáil na n-eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ar shócmhainní fíorúla, i gcomhréir leis an treoir a fuarthas faoi thionscadal SRSP 19BG17 'Feabhas a chur ar chumais údaráis na Bulgáire rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a mhaolú go héifeachtach'. Is í an mheitheal idir-rannach bhuan arna bunú le gníomh ó Chomhairle na</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										nAirí i gcomhréir le hAirteagal 96 den Dlí maidir le Bearta in aghaidh Sciúradh Airgid a dhéanfaidh an nuashonrú ar an measúnú riosca náisiúnta, agus ar na measúnuithe riosca earnála ar earnáil na neagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ar shócmhainní fíorúla.
240	C10.R8: An creat in aghaidh sciúradh airgid a neartú	Garspríoc	Feabhas a chur ar acmhainneacht agus ar chumais maoirseoirí rioscaí sciúrtha airgid a mhaolú agus cur chun feidhme an chreata frithsciúrtha airgid ag eintitis faoi oibleagáid a mhéadú	<p>1. Glacadh nó athbhreithniú doiciméad straitéiseach maoirseachta agus nós imeachta tuairiscithe feidhmíochta ag gach údarás maoirseachta;</p> <p>2. Leasuithe ar na nósanna imeachta maoirseachta nó ar na lámhleabhair mhaoirseachta a ghlacadh nó a athbhreithniú ag gach údarás maoirseachta;</p>				R2	2025	<p>Déanfaidh Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Airgeadais na Gníomhaireachta Stáit um Shlándaíl Náisiúnta, Bhanc Náisiúnta na Bulgáire, an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Ioncaim, ina gcáil mar údarás mhaoirseachta faoin Dlí maidir leis na Bearta i gcoinne Sciúradh Airgid, an <b>méid seo</b> aleanas i leith na neintiteas faoi oibleagáid <b>atá</b> faoina maoirseacht:</p> <p>— doiciméid straitéiseacha mhaoirseachta a ghlacadh nó a athbhreithniú chun spríocanna a leagan síos maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid, chun acmhainní a leithdháileadh chun maoirseacht a</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				<p>3. Treoir a ghlacadh maidir leis an geur chuige i leith daoine atá faoi riteacht pholaitiúil;</p> <p>4. Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe</p>						<p>dhéanamh ar na heintitis faoi oibleagáid i gcomhréir lena bpróifíl riosca agus chun nós imeachta tuairiscithe feidhmíochta a chur ar bun maidir lena geur chun feidhme;</p> <p>— a nósanna imeachta maoirseachta nó a lámhleabhair mhaoirseachta a ghlacadh nó a athbhreithniú chun cur chuige comhsheasmhach agus éifeachtach a áirithiú maidir le faireachán, lena n-áirítear rialacha maidir le taifid a choimeád ar na comhaid agus ar na doiciméid a scrúdaíodh le linn cigireachtaí ar an láthair agus gníomhaíochtaí leantacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh eintitis faoi oibleagáid a n-oibleagáidí frithsciúrtha airgid.</p> <p>Glacfaidh Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Airgeadais na Gníomhaireachta Stáit um Shlándaíl Náisiúnta treoir maidir le conas déileáil le custaiméirí ar daoine iad atá faoi riteacht pholaitiúil. Beidh an treoraíocht sin infheidhme maidir le gach eintiteas faoi oibleagáid faoi mhaoirseacht Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Airgeadais na</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Gníomhaireachta Stáit um Shlándáil Náisiúnta, an Choimisiúin um Maoirseacht Airgeadais, Bhanc Náisiúnta na Bulgáire agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Ioncaim. Glacfaidh Banc Náisiúnta na Bulgáire agus an Gníomhaireacht Náisiúnta Ioncaim treoraíocht bhreise maidir le conas déileáil le custaiméirí atá neamhchosanta go polaitiúil, is infheidhme maidir leis na heintitis faoi oibleagáid faoina maoirseacht faoi seach.</p> <p>Ina theannta sin, glacfar leasuithe reachtacha chun foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta fíorúcháin chun sciúradh airgid daoine a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla cuideachta a chosc, mar shampla cuntasóirí agus comhairleoirí cánach.</p>
241	C10.R9: Feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis reachtaigh	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm na Rialacha maidir le hEagrú agus Gníomhaíocht an Tionóil Náisiúnta	Forálacha sna Rialacha maidir le hEagrú agus Gníomhaíocht an Tionóil Náisiúnta lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2021	<p>Áiritheofar an méid seo a leanas leis na Rialacha maidir le hEagrú agus Gníomhaíocht an Tionóil Náisiúnta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>tá réasúnú agus réamh-mheasúnú tionchair ag gabháil leis an dréachtreachtaíocht uile a mholann Feisirí na Parlaiminte;</li> <li>a chuirtear faoi bhráid an Tionóil Náisiúnta, déantar dréachtghníomhartha</li> </ul>

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>reachtacha a chur isteach sa chlár poiblí maidir le dréachtdlíthe agus foilsítear gach tuairim i scríbhinn ó shaoránaigh nó ó eintitis dlíthiúla ar shuíomh gréasáin an choiste pharlaimintigh fhreagraigh;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• áirítear sa tuarascáil ón gcoiste parlaiminteach maidir leis an dréachtghníomh reachtach a choimre ar dhearcadh na ngeallsealbhóirí agus tuairim achomair ón gcoiste;</li> <li>• déantar tograí le haghaidh leasuithe a thíolactar idir an chéad vóta agus an dara vóta a phoibliú trí chlár poiblí; agus</li> <li>• na tograí le haghaidh leasuithe agus forlíontaí ar dhréachtghníomh reachtach a glacadh ag an gcéad vótáil, ní fhéadfaidh siad tagairt a dhéanamh do ghníomhartha reachtacha, nach ionann iad agus na gníomhartha reachtacha ar moladh a leasú nó a bhforlíonadh sa dréachtghníomh reachtach a tíolacadh ar dtús, cé is moite de leasuithe eagarthóireachta nó dlíthiúla-teicniúla.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
242	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an Dlí maidir le Soláthar Poiblí chun líon na gconarthaí gan glao ar thairiscintí agus tairiscintí aon ghlaó a laghdú	Forálacha sa Dlí maidir le Soláthar Poiblí lena bhforáiltear do theacht i bhfeidhm na leasuithe				R4	2022	<p>Is é is aidhm do na hathruithe reachtacha laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as soláthar idirbheartaithe (gan foilsíú roimh ré) agus as conarthaí tairisceana aonair. Áiríteoidh siad an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- bailiú tráthrialta faisnéise (uair sa bhliain ar a laghad) agus tuairisciú ar úsáid nósanna imeachta den sórt sin chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, bonn cirt leis an gcéatadán a baineadh amach gach uair agus míniú ar an gcaoi a ndearnadh dul chun cinn i dtreo an chuspóra;</li> <li>- treisiú na rialuithe agus na rialuithe ex ante agus ex post a dhéanann na gníomhaireachtaí ábhartha;</li> <li>- méadú ar raon feidhme na freagrachta riaracháin agus smachtbhannaí éifeachtacha agus athchomhairleacha i gcás sárúithe ar na rialacha maidir le nósanna imeachta den sórt sin a úsáid;</li> <li>- tuairisciú rialta ar úsáid smachtbhannaí éifeachtacha i nósanna imeachta ceartúcháin airgeadais i gcás neamhchomhlíonadh nósanna</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>imeachta soláthair phoiblí ag údarais atá freagrach as rialú agus iniúchadh chistí an Aontais.</p> <p>Thairis sin, áireofar an méid seo a leanas sna leasuithe reachtacha:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- toirmeasc ar ‘aistriú’ cúraimí ó chonarthaí ‘intí’ (mar a shainmhínítear in Airteagal 12 den Treoir maidir le Soláthar Poiblí) chuig fochoonraitheoir;</li> <li>- ceanglas dlíthiúil maidir le conarthaí soláthair ‘inmheánacha’ sínithe agus iarscríbhinní a ghabhann leo a fhoilsiú go tráthúil;</li> <li>- ceanglas dlíthiúil faisnéis a fhoilsiú maidir le híocaíocht faoi chonarthaí den sórt sin, i gcás ina bhfuil luach BGN 50000 nó níos mó ar na conarthaí sin;</li> <li>- pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha i gcás neamhchomhlíonadh na n-eilimintí thuas.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
244	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Garsprioc	Modheolaíocht rialaithe agus fíoraithe na Gníomhaireachta um Sholáthar Poiblí tugtha cothrom le dáta	Athruithe ar mhodheolaíocht na Gníomhaireachta um Sholáthar Poiblí a ghlacadh				R2	2025	<p>Maidir leis na hathruithe ar mhodheolaíocht rialaithe agus fíoraithe na Gníomhaireachta um Sholáthar Poiblí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• na seiceálacha ex-ante a dhéanann an Gníomhaireacht le haghaidh nósanna imeachta soláthair a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais a mhéadú (lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta);</li> <li>• feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí measúnaithe riosca a úsáidtear chun tionscadail a roghnú le haghaidh seiceálacha;</li> <li>• teimpléad a thabhairt isteach chun tuairisciú a dhéanamh ar thoradh na seiceálacha, lena gcumhdófar na príomhthorthaí agus na príomhshaincheisteanna nach mór do chonraitheoirí aghaidh a thabhairt orthu; agus</li> <li>• nós imeachta a shainiú agus a thabhairt isteach maidir le tuairisciú rialta agus foilsiú thorthaí na seiceálacha.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
245	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Garspríoc	Ríomhfhoirmeacha caighdeánacha nua a thabhairt isteach le haghaidh soláthar poiblí	Cuirtear ríomhfhoirmeacha caighdeánacha nua ar fáil agus tá sé éigeantach iad a úsáid				R2	2025	Déanfar ríomhfhoirmeacha caighdeánacha nua do chonraitheoirí a fhorbairt agus a thabhairt isteach sa chóras náisiúnta ríomhsholáthair. I gcás conarthaí ina bhfuil méideanna os cionn na dtairseach i dtreoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí, beidh na ríomhfhoirmeacha bunaithe ar ríomhfhoirmeacha caighdeánacha an Aontais le haghaidh soláthar poiblí.
245a	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Garspríoc	Oibleagáid pleananna soláthair poiblí a fhoilsiú, anailís le haghaidh lárú níos mó i nósanna imeachta soláthair poiblí agus bearta chun feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí in údaráis chonartha	Teacht i bhfeidhm na hoibleagáide atá ar údaráis chonartha pleananna soláthair poiblí a fhoilsiú; tuarascáil a fhoilsiú maidir le tuilleadh lárnaíthe i nósanna imeachta soláthair poiblí, treoirlínte a fhoilsiú, tuarascáil a fhoilsiú maidir le modheolaíocht nuashonraithe rialaithe agus fíoraithe na Gníomhaireachta um Sholáthar Poiblí; modúil				R2	2026	Is éard a bheidh sna bearta chun an garspríoc sin a chur chun feidhme: — Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an Dlí Soláthair Poiblí ina leagtar amach an oibleagáid pleananna soláthair poiblí táscacha bliantúla d'údaráis chonartha a fhoilsiú ar an gCóras Faisnéise Uathobrithe Lárnaíthe 'Soláthar Poiblí Leictreonach' (CAIS PPE) — Tuarascáil a fhoilsiú ó eagraíocht neamhspleách ina ndéantar anailís ar roghanna maidir le lárú níos mó i nósanna imeachta soláthair poiblí, lena n-áirítear a indéanta atá siad ó thaobh cur chun feidhme de agus roghanna le haghaidh treoirthionscadail, chomh maith le moltaí nithiúla le haghaidh gníomhaíochta.

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				oiliúna atá i bhfeidhm; oiliúint agus bearta múscailte feasachta arna gcur chun feidhme						<p>— Tuarascáil mheastóireachta a fhoilsiú ina scrúdófar éifeachtaí mhodheolaíocht nuashonraithe rialaithe agus fíoraithe na Gníomhaireachta um Sholáthar Poiblí mar a cuireadh chun feidhme faoi gharspríoc 244.</p> <p>— Treoirlínte a fhoilsiú arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht agus iomaíocht i nósanna imeachta soláthair poiblí a fheabhsú agus sciar na nósanna imeachta idirbheartaithe a laghdú gan foilsiú</p> <p>— Cúig mhodúl oiliúna téamacha nua le haghaidh soláthar poiblí a chur i bhfeidhm;</p> <p>— Cuirfear oiliúint ar 300 fostaí ó údaráis chonarhacha leis na modúil oiliúna nuafhorbartha laistigh d'Acadamh Chisté AE;</p> <p>— Bearta múscailte feasachta a chur chun feidhme lena ndírítear ar oibreoírí eacnamaíocha agus ar údaráis chonarhacha arb é is aidhm dóibh bacainní ar rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair poiblí a laghdú.</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
248	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Cuspóir sonrathach	Laghdú ar chion na gconarthaí arna ndámhachtain ar bhonn tairgeoir aonair		% (céatadán)	37	34	R2	2026	<p>Déanfar sciar na nósanna imeachta soláthair le tairgeoir aonair a thomhas mar chéatadán de na conarthaí poiblí uile arna ndámhachtain a dhúnfar in 2025, a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Laghdófar sciar na nósanna imeachta soláthair a bhfuil tairgeoir aonair acu go 34%, mar a thomhaistear i gcomhréir le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair.</p>
250	C10.R10: Glaonna ar thairiscintí	Cuspóir sonrathach	Laghdú ar sciar na nósanna imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré		% (céatadán)	7	6	R2	2026	<p>Sciar na nósanna imeachta soláthair idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré le tacaíocht ón Aontas, déanfar é a thomhas mar chéatadán de na nósanna imeachta tairisceana uile le haghaidh conarthaí poiblí a dúnadh in 2025, a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Déanfar sciar na nósanna imeachta soláthair idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré le tacaíocht ón Aontas a laghdú go 6%, mar a thomhaistear i gcomhréir le modheolaíocht Scórchlár an Mhargaidh Aonair.</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
251	C10.R11: Fiontraíocht na Bulgáire	Garspríoc	Nós imeachta agus ceanglais a thabhairt isteach chun víosa d'fhiontraithe nuathionscanta a eisiúint agus a chúlghairm	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Reachta maidir leis an nós imeachta agus na ceanglais chun víosa nuathionscanta a eisiúint agus a chúlghairm arna nglacadh ag Comhairle na nAirí				R3	2022	Glacfaidh Comhairle na nAirí reacht chun an nós imeachta agus na ceanglais a bhunú chun an víosa nuathionscanta a eisiúint agus a chúlghairm, rud a tugadh isteach le hAirteagal 24p den Dlí maidir le Saoránaigh Eachtracha. Leis an reacht, rialófar bunú comhairle saineolaithe mar chomhlacht comhairleach don Aire Geilleagair chun tuairim a thabhairt maidir le tionscadail a tíolacadh, iarratas a dhéanamh ar dheimhniú a eisiúint le haghaidh tionscadal ardteicneolaíochta agus/nó nuálach, ar a dtugtar 'víosa nuathionscanta', chomh maith leis na coinníollacha agus an nós imeachta chun an deimhniú a eisiúint, a shíneadh agus a chúlghairm.
252	C10.R11: Fiontraíocht na Bulgáire	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Fhémheacht Phearsanta	Forálacha sa Dlí Fémheachta Pearsanta lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R3	2022	Leis an Dlí um Fhémheacht Phearsanta, tabharfar isteach nósanna imeachta dócmhainneachta daoine nádúrtha, lena n-áireofar plean aisiocaíochta, réadú sócmhainní, agus nósanna imeachta dócmhainneachta in éagmais ioncaim agus maoiné daoine nádúrtha.

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
253	C10.R11: Fiontraíocht na Bulgáire	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm caibidle nua sa Dlí Tráchtála chun foirm dhlíthiúil nua de chuideachta tráchtála a thabhairt isteach	Forálacha sa Dlí Tráchtála lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R4	2022	Tabharfar isteach leis na leasuithe caibidil sa Dlí Tráchtála le haghaidh foirm dhlíthiúil nua de chuideachta tráchtála, lena bhforálfar d'ionstraimí níos solúbtha le haghaidh forbairt gnó, lena n-áirítear conarthaí éadála, comhthiomsuithe roghanna, iasachtaí in-chomhshóite, clibeanna ar feadh cearta agus cúltarraingt feadh na gceart, agus caipiteal athraitheach.
254	C10.R11: Fiontraíocht na Bulgáire	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Dlí Tráchtála chun creat dlíthiúil a chruthú chun leachtú luathaithe daoine dlítheanacha a bhaint amach	Forálacha sa Dlí Tráchtála lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R3	2023	Leis na leasuithe, déanfar athchóiriú ar chaibidil leachtaithe an Dlí Tráchtála d'fhonn leachtú na nithe seo a leanas a éascú: <ul style="list-style-type: none"> <li>- cuideachtaí gan aon ghníomhaíocht a rinneadh le déanaí;</li> <li>- cuideachtaí nach bhfuil cláraithe le haghaidh CBL;</li> <li>- cuideachtaí nach bhfuil aon fhostaí fostaithe acu.</li> </ul> Bainfear amach éascú an phróisis leachtaithe trí dhá phríomhathrú: <ul style="list-style-type: none"> <li>- teorainneacha ama na nósanna imeachta a laghdú;</li> <li>- “ionad uileghnó” a thabhairt isteach ina seolfar an chumarsáid uile chun críche leachtaithe trí Ghníomhaireacht na Clárlainne.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhlíain	
255	C10.R11: Fiontraíocht na Bulgáire	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an gCód Saothair lena bhfeabhsaítear na coinníollacha rialála maidir le cianobair sa Bhulgáir	Forálacha sa Chód Saothair lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe				R4	2023	Leis an athchóiriú, leasófar na rialacha maidir le cianobair a bhunaítear leis an gCód Saothair chun foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta, lena n-áirítear dálaí oibre sláintiúla agus sábháilte a eagrú, obair a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar am oibre.
256	C10.R12: An Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch	Garspríoc	Institiúidí na Comhairle um Anailís Eacnamaíoch	An Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch agus a Rúnaíocht bunaithe agus oibríochtúil				R3	2022	Bunófar an Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch mar chomhlacht comhairleach agus tacóidh rúnaíocht léi. Táthar ag súil go gcuirfidh sé saineolas eacnamaíoch acadúil domhain ar fáil do rialtas na Bulgáire. Is é an príomh-aschur a bheidh aige tuarascáil bhliantúil ar staid gheilleagar na Bulgáire ina sainaitheofar na dúshláin agus na rioscaí atá os a chomhair agus ina molfar réitigh orthu.
257	C10.R12: An Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch	Garspríoc	Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh maidir le staid gheilleagar na Bulgáire	An céad tuarascáil bhliantúil glactha ag an gComhairle um Anailís Eacnamaíoch				R4	2023	Glacfaidh an Chomhairle um Anailís Eacnamaíoch a céad tuarascáil bhliantúil ar staid gheilleagar na Bulgáire ina sainaitheofar na dúshláin agus na rioscaí atá os a chomhair agus ina molfar réitigh orthu.
258	C10.I1: Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna a neartú, a fhorbairt	Garspríoc	Uasghrádú ar an gCóras Faisnéise Cúirteanna Aontaithe	Córas Faisnéise Aontaithe uasghrádaithe agus oibríochtúil na gCúirteanna				R4	2025	Déanfar Córas Faisnéise na gCúirteanna Aontaithe a uasghrádú chun a chur ar chumas saoránach agus gnólachtaí cumarsáid a dhéanamh leis na breithiúna agus

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	tuilleadh agus cur leis									doiciméid leictreonacha a mhalartú leo ar líne. Áireofar an méid seo a leanas san uasghrádú ar Chóras Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna: - a modúl nua maidir le leithdháileadh leictreonach agus digitíú an ordaithe le haghaidh cásanna íocaíochta; - a modúl nua maidir le nósanna imeachta idirghabhála a riar; - an trealamh ríomhaireachta is gá a choimisiúnú agus a sheachadadh chun go bhfeidhmeoidh na cúirteanna go hiomlán ar líne — 3000 ríomhaire pearsanta deisce le monatóirí agus 2200 ríomhaire glúine; - teacht i bhfeidhm dhá lárionad bunsonraí nua agus lárionad sonraí cartlainne nua amháin. Beidh an t-uasghrádú i gcomhréir leis na príonsabail ‘digiteach mar réamhshocrú’ agus ‘aonuaire’.
259	C10.I2: Príomhphróisis dlíthíochta sa cheartas riaracháin a dhigitiú	Cuspóir sonrach	Córas leictreonach toghairme agus fógartha a thabhairt isteach		% (céatadán)	0	25	R2	2025	Tar éis modúl a a thabhairt isteach arb é is aidhm dó próiseas seirbheála na toghairme leictreonaí a imscaradh, a uathoibriú agus a fheabhsú sa Chóras Faisnéise Bainistithe Cásanna Aonair, déanfar 25 % den toghairm go léir a sheachadadh go leictreonach.

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
260	C10.I2: Príomhphróisis dlíthíochta sa cheartas riaracháin a dhigitiú	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm dhá mhodúl faisnéise lena gcumasaítear faoi seach (i) do na páirtithe agus dá n-ionadaí dlíthiúil doiciméid leictreonacha a chur isteach agus a fháil go cianda go digiteach i gcásanna cúirte agus (ii) éisteachtaí baint anuas a thionól; agus cur in úsáid crua-earraí le haghaidh éisteachtaí cianda agus le haghaidh stóráil sonraí i lárionad sonraí de chuid na hArdchomhairle Breithiúnaí.	Teacht i bhfeidhm modúl faisnéise lena gcumasaítear faoi seach doiciméid leictreonacha a chur isteach agus a fháil go cianda agus éisteachtaí bainte a thionól; agus crua-earraí le haghaidh éisteachtaí cianda a chuirtear in úsáid agus le haghaidh stóráil sonraí oibríochtúil.				R2	2025	<p>Cuirfidh na modúil faisnéise nua an méid seo a leanas ar fáil faoi seach:</p> <p>(i) cianrochtain ar ríomhsheirbhísí do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara. Ceadóidh sé do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara rochtain leictreonach a fháil ar chás-ábhair agus doiciméid a thíolacadh, lena n-áirítear doiciméid lena dtionscnaítear imeachtaí dlíthiúla, doiciméid a bhaineann le himeachtaí dlí a tionscnaíodh cheana, agus doiciméid nach bhaineann le himeachtaí dlíthiúla; agus</p> <p>(ii) an fhéidearthacht éisteachtaí cianda a sheoladh.</p> <p>Chomh maith leis sin:</p> <p>(i) Soláthrófar na crua-earraí is gá i 28 gcúirt riaracháin na tíre le haghaidh éisteachtaí cúirte cianda agus beidh comhéadan gréasán-bhunaithe le haghaidh éisteachtaí cianda tagtha i bhfeidhm; agus</p> <p>(ii) Ceannófar na crua-earraí stórála sonraí agus cuirfear i bhfeidhm iad i lárionad sonraí den Ardchomhairle Bhreithiúnach. Déanfar na</p>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										crua-earraí stórála sonraí atá ann cheana a ionadú agus a chur i mód cúltaca.
263	C10.I3: Claochlú an bhonneagair faisnéise agus cumarsáide ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí	Garspríoc	Tá an t-uasghrádú ar an mbonneagar faisnéise agus cumarsáide ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí tugtha chun críche	Uasghrádú déanta ar bhonneagar faisnéise agus cumarsáide ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí				R2	2025	Leis an uasghrádú ar an mbonneagar inmheánach faisnéise agus cumarsáide, méadófar digitíú na bpríseas agus slándáil an mhalartaithe faisnéise laistigh d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> <li>- malartú feabhsaithe sonraí inmheánacha i bhfoirm leictreonach laistigh d'oifig an Ionchúisitheora Phoiblí a cheadú;</li> <li>- cianrochtain shlán agus sainathint leictreonach a cheadú;</li> <li>- uathmhalartú sonraí leictreonacha a chur ar bun le húdaráis forfheidhmithe dlí eile sa Bhulgáir;</li> <li>- an bonneagar inmheánach faisnéise agus cumarsáide a chomhtháthú leis an Tairseach Aonair don r-Cheartas;</li> <li>- cibearshláid a fheabhsú agus comhlíonadh cosanta sonraí a éascú.</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
264	C10.I4: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Córais chliste fisfhaireachais arna suiteáil agus arna n-oibriú i láithreáin bhonneagair uirbigh		Líon	0	18	R4	2025	Córais fisfhaireachais uasghrádaithe a bhfuil feidhmiúlacht aitheanta uimhreacha feithicle comhtháite agus oibríochtúil ag 18 n-acomhal bóthair ar a laghad ar bhóthar fáinne Shóifia.
265	C10.I4: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú	Garspríoc	An Córas Slándála Cliste Náisiúnta a bhunú	Córas Slándála Cliste Náisiúnta curtha ar bun				R4	2025	Bunófar an córas slándála cliste náisiúnta tríd an gCóras Slándála Uathoibríoch Comhtháite (IASS) agus an Córas Faisnéise Geagrafaí (GIS) atá ann cheana ag an Aireacht Gnóthaí Baile a uasghrádú.  Áireofar an méid seo a leanas, inter alia, leis an uasghrádú: <ul style="list-style-type: none"> <li>- feabhsuithe ar Chóras IAS le cumais fisianailise agus anailise sonraí agus comhtháthú sonraí ó chórais faisnéise uathoibrithe;</li> <li>- feabhsuithe ar ardán GIS, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí breise agus comhpháirteanna anailiseacha (lena n-áirítear léarscáileanna 3T le hairdí foirgneamh le haghaidh anailís spásúil), agus comhtháthú sonraí fíor-ama ó</li> </ul>

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ghníomhaireachtaí agus institiúidí stáit eile.
266	C10.I4: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Gluaisteáin phóilíneachta a fháil le córais físfhaireachais chun iompar éillitheach agus cleachtais éillitheacha a chosc		Líon	0	300	R2	2026	300 feithicil póilíní patróil agus tráchta nua atá feistithe le córais físfhaireachais a cheannach agus a sheachadadh. Go sonrach, ceannófar 280 gluaisteán ar a laghad agus 20 feithicil uile-thír-raoin/lasmuigh de bhóthar, atá feistithe le físfhaireachas. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh na feithiclí nua na caighdeáin chomhshaoil atá cothrom le dáta san Aontas maidir le hastaíochtaí díobhálacha gáis.
267	C10.I4: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú	Cuspóir sonrach	Póilíní a fheistiú le ceamaraí coirp		Líon	0	1 146	R2	2025	Beidh ceamaraí cabhlach ag 1146 phóilín patróil.
270	C10.I6: Tacú le céim phiolótach chun samhaltú faisnéise foirgneamh a thabhairt isteach	Garspríoc	Cúrsaí ar línea chur ar bun, modúl BIM a chomhtháthú sa Chóras Faisnéise Aontaithe um Pleanáil Spásúil, Dearadh Infheistíochta agus Údarú Foirgníochta agus stáisiúin oibre lánfheistithe a sholáthar	Suíomh gréasáin oibríochtúil ar a bhfuil cúrsaí agus ábhair ar líne a theastaíonn ó shaineolaithe san earnáil phríobháideach chun foghlaim conas BIM a chur chun feidhme;	Líon	0	300	R2	2026	Cruthófar suíomh gréasáin ar a mbeidh cúrsaí agus ábhair ar líne le haghaidh oiliúint ar líne do shaineolaithe ón earnáil phríobháideach. Roinnfear cúrsaí ar líne in dhá chineál. Beidh cineál amháin ar fáil do chomhairleoirí agus díreofar ar a riachtanais i bpróiseas BIM. Díreofar sa dara cineál oiliúna ar na hoifigí dearthóireachta agus ar na

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			le haghaidh BIM agus oiliúna	agus an modúl 'Feidhmiú BIM' arna chomhtháthú sa Chóras Faisnéise Aontaithe um Pleanáil Spásúil, Dearadh Infheistíochta agus Údarú Foirgneamh, lenar féidir tionscadail a chur faoi bhráid shamhlacha BIM i gcomhréir leis an tSamhail Náisiúnta do BIM						<p>cuideachtaí tógála agus díreofar ar conas na bogearraí agus na feidhmchláir phraiticiúla is gá a úsáid.</p> <p>Cuirfear bonneagar TF agus bunachair sonraí le haghaidh malartú sonraí idir na soláthróirí agus na húdaráis chonarthaacha i bhfeidhm agus beidh siad oibríochtúil.</p> <p>Soláthrófar 300 stáisiún oibre san iomlán leis na crua-earraí agus na bogearraí is gá chun BIM a chur chun feidhme don riarachán bardasach, réigiúnach agus stáit tar éis tairiscint soláthair phoiblí oscailte. Cuirfear oiliúint speisialaithe ar fáil do 300 saineolaí ar a laghad sa riarachán poiblí a bhíonn ag déileáil le BIM.</p>
273	C10.I7: Córas faisnéise aontaithe maidir le pleanáil spásúlachta, dearadh infheistíochta agus ceadú tógála	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm córais faisnéise aonair maidir le pleanáil spásúlachta, dearadh infheistíochta agus údarú tógála	Córas faisnéise aonair lánoibríochtúil le haghaidh pleanáil spásúlachta, dearadh infheistíochta agus údarú tógála				R2	2026	Tiocfaidh córas faisnéise aontaithe i bhfeidhm mar ardán chun seirbhísí riaracháin leictreonacha a sholáthar le haghaidh pleanáil spásúlachta agus ceadanna tógála.
278	C10.I10: Córas uasghrádaithe pleanála straitéisí	Cuspóir sonrach	Córas uasghrádaithe pleanála straitéisí		% (céatadán) de	6	100	R4	2025	Déanfar córas Monitorstat a uasghrádú go huirlis pleanála straitéisí lena ndéanfar faireachán ar

Sraith Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
					dhoiciméid straitéiseacha náisiúnta sa chóras					chur chun feidhme na ndoiciméad straitéiseach uile ar an leibhéal lárnach. Áiritheofar leis an uasghrádú gur féidir na doiciméid straitéiseacha náisiúnta uile a uaslódáil chuig an gcóras agus go ndéanfar iad a chaighdeánú ó thaobh struchtúir, tuairiscithe agus táscairí de. Tacóidh sé freisin le straitéisí a ailíniú leis na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe.
279	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Córas stórais a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta	Tuarascáil iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí chóras an stóir lárnaigh				R2	2022	Beidh córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) i bhfeidhm agus oibríochtúil roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas: (a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach garspríocanna agus spríocanna; (C) bailiú, stóráil agus rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán (AE) 2021/241.
280	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh	Cuspóir sonrath	Nuashonrú ar fhístreoracha chun próisis ghnó uile chóras faisnéise RRP a chumhdach ina n-íomláine		Líon	0	36	R2	2022	Amharcléiriú ar shreafaí oibre a thabhairt isteach i bhfoirm treoracha fise chun obair úsáideoirí a éascú. I bhfianaise oiriúnú an Chórais Faisnéise Bainistíochta Aontaithe le haghaidh chóras ionstraimí struchtúracha an Aontais sa

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	agus athléimneachta a chur chun feidhme									Bhulgáir (UMIS 2020) chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, chomh maith le huathúlacht na hionstraime nua, déanfar na teoracha a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar an bplan téarnaimh agus athléimneachta: Tá coinne leis go dtabharfar 36 threoirleabhar fise cothrom le dáta, a bhfuil coinne leis go gcumhdófar leo ina n-iomláine na próisis ghnó uile a d'fhéadfadh a bheith ann d'úsáideoirí agus iad ag cur an RRP chun feidhme agus iad ag obair sa chóras faisnéise.
281	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena mbunaítear an córas Bainistíochta agus Rialaithe don phlean téarnaimh agus athléimneachta	Glacadh agus teacht i bhfeidhm an ghnímh (ordú ón Aire Airgeadais) ag ceadú an Chórais Bainistíochta agus Rialaithe				R2	2022	Déanfar an Córas Bainistíochta agus Rialaithe i gcomhthéacs an phlean téarnaimh agus athléimneachta a fhorghnó roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht, agus áireofar an méid seo a leanas ann: <ul style="list-style-type: none"> <li>na haireachtaí/comhlachtaí atá freagrach as rialuithe a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean (infheistíochtaí agus athchóirithe);</li> <li>sonrú na mbeart chun calaois, éilliú, cistiú dúbailte agus coinbhleacht leasa a chomhrac agus socrú chun neamhrialtachtaí</li> </ul>

Sraith Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										tromchúiseacha a thuairisciú agus a cheartú.
282	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Garspríoc	Anailís fhorhmeasta ar an ualach oibre le haghaidh Stiúrthóireacht na gCistí Náisiúnta agus an Láraonaid Comhordúcháin, teacht i bhfeidhm na leasuithe ar rialacháin struchtúracha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin 'Iniúchadh ar Chistí AE' agus cur chun feidhme na moltaí faoi seach	Anailís fhorhmeasta ar an ualach oibre le haghaidh Stiúrthóireacht na gCistí Náisiúnta agus an Láraonaid Comhordúcháin, foráil sna leasuithe ar rialacháin struchtúracha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin 'Iniúchadh ar Chistí AE' lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe, agus cuireadh na moltaí faoi seach chun feidhme				R2	2022	Déanfar anailís ar an ualach oibre don Stiúrthóireacht Cistí Náisiúnta, don Láraonaid Comhordúcháin agus don Gníomhaireacht Feidhmiúcháin 'Iniúchadh ar Chistí AE', agus an t-ualach a eascraíonn as cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus feidhmeanna agus/nó freagrachtaí leasaithe an dá chomhlacht á gcur san áireamh. Soláthrófar faisnéis leordhóthanach san anailís maidir le riachtanais acmhainneachta riaracháin agus forbrófar sraith moltaí chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht neamhleor i gcás inar gá agus na hacmhainní agus na cúraimí reatha atá ar fáil mar bhonnlíne á nglacadh. Bunaithe ar an anailís agus ar na moltaí, déanfar na cinntí maidir le leithdháileadh na n-acmhainní is gá agus maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar rialacháin don dá chomhlacht roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht.
283	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a	Cuspóir sonrach	Baill foirne ar cuireadh oiliúint orthu maidir le soláthar		Líon	0	800	R4	2022	Cuirfear an oiliúint i gcrích le deimhniú agus áireofar inti foireann ó bhardais, ó oibreoirí buiséid, agus ó chuideachtaí faoi úinéireacht nó faoi rialú stáit, go háirithe iad siúd a

Srait h Ó THU AID H	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach cloch mhíle agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme									bhfuil freagrachtaí orthu a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.
284	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Cuspóir sonrath	Nuashonrú ar fhístreoracha chun próisis ghnó uile chóras faisnéise RRP a chumhdach ina n-íomláine		Líon	0	36	R2	2025	Déanfar na treoracha fise a cruthaíodh don chóras Bainistíochta agus Rialaithe RRP a thabhairt cothrom le dáta chun feidhmiúlachtaí nua uasghrádaithe agus próisis ghnó fheabhsaithe an chórais nua sin a léiriú. Táthar ag súil go léireoidh na nuashonruithe sin na hathruithe ar phróisis ghnó agus/nó ar cheanglais feidhmíochta úsáideoirí agus cumhdóidh siad earráidí coiteanna. I ndáil leis sin, déanfar 36 nuashonrú breise ar na fis-lámhleabhair chun an córas a oibriú.
285	C10.I11: Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme	Cuspóir sonrath	Daoine atá oilte chun a chinntiú go bhfuil sé d'acmhainn acu an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme		Líon	0	350	R4	2025	Cuirfear oiliúint ar 350 duine ar a laghad maidir le bainistiú agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Eagrófar oiliúint fhoireann oiliúna Stiúrthóireacht an Chiste Náisiúnta faoin tionscadal 'Tacaíocht theicniúil ghinearálta do chur chun feidhme RRP na Bulgáire'.

## **K. COMHPHÁIRT 11: CUIMSIÚ SÓISIALTA**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire cuimsiú sóisialta a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cosaint shóisialta agus soláthar seirbhísí a fheabhsú. Cuimseofar leis sin athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta, agus forbairt uirlisí nua don Ghníomhaireacht um Chúnaimh Sóisialta agus don Ghníomhaireacht Fostaíochta;
- soláthar cúraim fhadtéarmaigh sa Bhulgáir a athchóiriú, i gcomhréir leis na Treoirínte Comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an aistriú ó chúram institiúideach go chúram pobalbhunaithe agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Ina theannta sin, tabharfar tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas buan trí fheistí cúnta a sholáthar chun a soghluaisteacht agus a maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn;
- an geilleagar sóisialta agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur chun cinn. Bainfear é sin amach trí ionaid fócais a thógáil don gheilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta lena gcuirfear uirlisí tacaíochta ar fáil d'fhiontair shóisialta, trí scéimeanna deontais a bhunú d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus trí inneachar na gcartlann a dhigitiú.

Cuimsíonn an chomhpháirt dhá athchóiriú agus seacht n-infheistíocht agus rannchuidíonn sí le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainithníodh sna moltaí tírshonracha, go háirithe na moltaí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh na scéime ioncaim íosta (moladh tírshonrach 2 2020 agus 4 2019), chomh maith le feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí comhtháite fostaíochta agus sóisialta (moladh tírshonrach 4 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 1 (C11.R1): Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta**

Is é is aidhm don athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta leordhóthanacht agus cumhdach na scéime ioncaim íosta a fheabhsú.

Cumhdófar leis an athchóiriú teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Chúnaimh Sóisialta agus ar reachtaíocht thánaisteach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: sásra a bhunú chun nuashonrú uathoibríoch bliantúil a dhéanamh ar an scéim ioncaim íosta bunaithe ar thairseach riosca na bochtaineachta agus chun critéir incháilitheachta na scéime ioncaim íosta a mhodhnú. Is as buiséad stáit na Bulgáire a mhaoineofar íocaíocht an ioncaim íosta.

Leis an athchóiriú, leasófar freisin an Gníomh um Chur Chun Cinn na Fostaíochta, lena dtugtar isteach an sainmhíniú ar 'neamhghníomhach go heacnamaíoch' agus sraith gníomhaíochtaí lena ndírítear ar dhaoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch a ghníomhachtú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### **Athchóiriú 2 (C11.R2): Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta**

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear cúram fadtéarmach, sa Bhulgáir, i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhchoiteanna Eorpacha maidir leis an aistriú ó chúram institiúideach go cúram pobalbhunaithe, Straitéis Eorpach na nDaoine faoi Mhíchumas 2021-2030, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go háirithe prionsabail na saoirse rogha agus na maireachtála neamhspleáiche.

Cuimseofar san athchóiriú Léarscáil Náisiúnta de Sheirbhísí Sóisialta a ghlacadh, a fhorbrófar ar bhonn anailise ar thairiscint agus riachtanais na seirbhísí sóisialta ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach.

Cuimseofar ann freisin Reacht nua maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta, a fhorbrófar i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus lena gcumhdófar an méid seo a leanas: íoschaighdeáin cháilíochta na saoráidí a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta; na híoscheanglais chun nuachóiriú a dhéanamh ar shaoráidí a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta; na ceanglais maidir le cáilíochtaí an phearsanra a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta; chomh maith le táscairí chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar cháilíocht sholáthar na seirbhísí sóisialta. Cinnfidh sé freisin uaslíon na n-úsáideoirí in aghaidh na saoráide a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

#### Infheistíocht 1 (C11.I1): An cúram fadtéarmach a nuachóiriú

Comhlánaíonn an infheistíocht athchóiriú 2 ‘Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta’ agus is é is cuspóir di athchóiriú a dhéanamh ar stoc foirgneamh na mbunaíochtaí ina soláthraítear seirbhísí sóisialta do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta.

Beidh na gníomhaíochtaí tógála agus athchóirithe faoin infheistíocht seo bunaithe ar thorthaí na hanailise ar an tairiscint seirbhísí sóisialta agus ar na riachtanais ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Reacht maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta. Áireofar an méid seo a leanas san infheistíocht:

- bunaíochtaí nua a thógáil a sholáthraíonn cúram cónaithe, mar aon le bunaíochtaí nua a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhairleoireachta, teiripe agus athshlánaithe do dhaoine faoi mhíchumas. Gach bunaíocht a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain, tógfar í i ngaireacht do bhunaíochtaí a sholáthraíonn cúram cónaithe. Soláthróidh na bunaíochtaí a sholáthraíonn cúram cónaithe 2500 áit nua ar a laghad;
- athchóiriú a dhéanamh ar bhunaíochtaí atá ann cheana a sholáthraíonn cúram cónaithe do dhaoine scothaosta chun caighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh, de réir an Reachta maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta;

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 2 (C11.I2): Feistí cúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan

Is é cuspóir na hinfeistíochta feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas buan trí shoghluaisteacht phearsanta agus inrochtaineacht a chur chun cinn.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht feistí cúnta, lena n-áirítear cláir bhogearraí, a sholáthar bunaithe ar riachtanais shonracha na dtairbhíthe. Cuirfear oiliúint ar

thairbhithe freisin chun foghlaim conas na feistí cúnata a imscaradh. Sroichfidh an infheistíocht sin 2040 ar a laghad daoine faoi mhíchumas buan.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 3 (C11.I3): Forbairt an gheilleagair shóisialta

Is é is cuspóir don infheistíocht sin an geilleagar sóisialta a chur chun cinn trí chúnadh a chur ar fáil chun fiontair agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus dlúthpháirtíochta a fhorbairt.

Cuimseofar leis an infheistíocht tógáil lárionad fócais don gheilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta, a thacóidh le fiontair agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus dlúthpháirtíochta trí ghníomhaíochtaí comhairleoireachta agus cúnadh teicniúil a sholáthar, lena n-áirítear trí chúnadh a thabhairt próisis ghnó na bhfiontar sin a dhigitiú. Áiríteofar le suíomh na lárionad fócais go bhfreastalóidh aon lárionad fócais amháin ar gach réigiún, mar a shainnítear le leibhéal a dó d'ainmníocht na n-aonad críche maidir le haicmiú staidrimh.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht 4 (C11.I4): Nuachóiriú na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta

Is é is cuspóir don infheistíocht seo feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta trína saoráidí a athchóiriú.

Cuimseofar leis an infheistíocht athchóirithe i saoráidí na Gníomhaireachta agus timpeallacht inrochtana a thógáil do dhaoine faoi mhíchumas trí ghléasanna dreaptha staighre a shuiteáil.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht 5 (C11.I5): Nuachóiriú na Gníomhaireachta Fostaíochta

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo éifeachtúlacht agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn an Gníomhaireacht Fostaíochta a mhéadú trí ardáin agus córais leictreonacha nua a fhorbairt agus/nó a fheabhsú. Rannchuideoidh an infheistíocht freisin le comhtháthú breise na gcórais leictreonach le haghaidh fostaíochta agus seirbhísí eile, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta.

Leis na huirlisí nua agus nuashonraithe, cothófar meaitseáil níos éifeachtúla idir cuardaitheoirí poist agus folúntais, lena n-áirítear trí bhogearraí a uasghrádú chun suirbhéanna a dhéanamh agus trí chórais stórála sonraí fheabhsaithe.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 6 (C11.I6): Forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta

Is é cuspóir na hinfeistíochta tacú le forbairt agus cur chun cinn earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta sa Bhulgáir.

Cuimseofar an méid seo a leanas san infheistíocht:

- athchóiriú ar an gCiste Náisiúnta don Chultúr lena ndírítear ar phleanáil, comhordú agus faireachán trédhearcach ar a ghníomhaíochtaí;
- scéimeanna deontais atá dírithe ar chur chun cinn idirnáisiúnta táirgí cultúrtha Bulgáracha, beartais chultúrtha i mbardais mhóra agus bheaga, forbairt lucht féachana agus rochtana ar chultúr.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht 7 (C11.I7): Bailiúcháin na gcartlann a dhigitiú

Is é cuspóir na hinfeistíochta ábhar na gcartlann a dhigitiú chun inrochtaineacht a fheabhsú agus caomhnú a chothú.

Cuimseofar an méid seo a leanas san infheistíocht:

- déanfaidh 5 chartlann Stáit ar a laghad, lena n-áirítear Cartlann Scannán Náisiúnta na Bulgáire, Teilifís Náisiúnta na Bulgáire, agus Raidió Náisiúnta na Bulgáire, Gníomhaireacht Nuachta na Bulgáire, agus an Ciste Náisiúnta Cartlainne, inneachar digitithe a fhoilsiú agus a chur ar fáil go poiblí ar líne ar an ríomhardán ar an oidhreacht chultúrtha
- gheobhaidh 35 institiúid ar a laghad, a chumhdaíonn 28 músaem agus 7 leabharlann ar a laghad, trealamh chun a n-inneachar a dhigitiú.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Srait h Ó THUAIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
286	C11.R1: Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar reachtaíocht thánaisteach an Achta um Chúnaimh Sóisialta	Foráil sa reachtaíocht thánaisteach lena sonraítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Chúnaimh Sóisialta				R1	2022	<p>Chun leordhóthanacht agus cumhdach na scéime ioncaim íosta a mhéadú, áireofar sna leasuithe méadú de réir a chéile ar na céatadáin a úsáidtear chun tairseach ioncaim na scéime ioncaim íosta, an tIoncam Íosta Difreáilte (DMI) a ríomh, mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- le haghaidh 2022: ag meán-chomhéifeacht 1,10 ar a laghad;</li> <li>- le haghaidh 2023: ag comhéifeacht 1365 ar a laghad;</li> <li>- le haghaidh 2024: ag a bhfuil comhéifeacht 1224 ar a laghad</li> </ul>
287	C11.R1: Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta	Garsprioc	Tuarascáil maidir leis an scéim ioncaim íosta a thabhairt chun críche	Tuarascáil chríochnaitheach arna heisiúint ag an Aireacht Saothair agus Beartas Sóisialta agus arna foilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta.				R4	2022	<p>Déanfar moltaí fianaise-bhunaithe san anailís chun cumhdach éifeachtach a leathnú, chun spriocdhírú na scéime ioncaim íosta a fheabhsú, chun glacadh fostaíochta sochraí a dhreasú, chun feabhas a chur ar bhearta gníomhachaithe nasctha trí na SPFanna agus chun an t-ualach riaracháin ar na daoine aonair agus ar an riarachán sna nósanna imeachta iarratais a laghdú go suntasach. Leis an anailís, déanfar an méid seo a leanas:</p>

										<ul style="list-style-type: none"> <li>- athbhreithniú a dhéanamh ar chritéir incháilitheachta agus oibre na scéime ioncaim íosta, lena n-áirítear critéir úinéireachta, clárú SPF agus ceanglais maidir le hobair phobail, mar aon le cur chun feidhme na mbeart gníomhachtúcháin;</li> <li>- athbhreithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí fostaíochta, lena n-áirítear sochair a laghdú d'fhaighteoirí na tacaíochta ioncaim íosta a ghlacann fostaíocht shochrach;</li> <li>- anailís a dhéanamh ar ualach riaracháin an phróisis agus é sin a chur san áireamh ina mholtaí d'fhonn laghdú suntasach a bhaint amach;</li> </ul> <p>Maidir leis na gnéithe thuas, soláthrófar san anailís tagairtí do na dúshláin arna sainnithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus d'anailís ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas ábhartha acu.</p>
288	C11.R1: Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Chúnadh Sóisialta, ar reachtaíocht thánaisteach agus ar an Acht um Chur Chun Cinn na Fostaíochta	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Chúnadh Sóisialta, ar an reachtaíocht thánaisteach agus ar an Acht um Chur Chun Cinn na Fostaíochta				R2	2025	<p>Cuimseofar na hathbhreithnithe seo a leanas ar an scéim ioncaim íosta sna leasuithe ar an Acht um Chúnadh Sóisialta agus ar an reachtaíocht thánaisteach:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- athbhreithnithe ar na critéir incháilitheachta agus ceanglais oibre, lena n-áirítear an t-am clárúcháin is gá ag na seirbhísí</li> </ul>

										<p>fostaíochta a laghdú ó 6 mhí go 3 mhí, agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun fostaíocht shochrach a ghlacadh, chun cumhdach éifeachtach a leathnú agus chun spriocdhírú a fheabhsú, tar éis mholtaí staidéar foilsithe na meithle maidir leis an scéim ioncaim íosta (garsprioic 287)</p> <p>- Nuashonruithe uathoibríocha ar thairseach ioncaim na scéime ioncaim íosta a thabhairt isteach, trí shásra innéacsaithe bliantúil an Ioncaim Íosta Dhifreáilte (DMI) leis an tairseach riosca bochtaineachta a bhunú, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.</p> <p>I gcomhréir leis na leasuithe do gach spriocghrúpa den scéim, ríomhfar DMI trí chomhéifeacht ghrúpashonrach a iolrú faoi ghné ancaireachta, a chuirfear in ionad an Ioncaim Íosta Ráthaithe (GMI), atá coiteann do gach spriocghrúpa:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>○ I gcás gach spriocghrúpa, ní bheidh an chomhéifeacht ghrúpashonrach níos ísle ná a luach in 2021;</li> <li>○ Beidh an eilimint ancaireachta cothrom le 30 % ar a laghad den tairseach AROP is déanaí;</li> <li>○ déanfar an tairseach riosca bochtaineachta a úsáidtear le haghaidh an innéacsaithe a</li> </ul>
--	--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

										<p>chomhchuibhiú le modheolaíocht EUROSTAT</p> <p>Ina theannta sin, cuimseofar an méid seo a leanas sna leasuithe ar an Acht um Chur Chun Cinn na Fostaíochta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- an sainmhíniú dlíthiúil ar ‘neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de’;</li> <li>- forálacha nua lena sonraítear an tacar gníomhaíochtaí lena ndírítear ar ghníomhachtú an ‘neamhghníomhach ó thaobh an gheilleagair de’</li> </ul>
289	C11.R1: Athchóiriú ar an scéim ioncaim fosta	Cuspóir sonrath	Tairbhithhe na tacaíochta ioncaim fosta míosúla		Líon	63 518	82 000	R2	2025	Tiocfaidh méadú ar líon na bhfaighteoirí, arna thomhas mar dhaoine aonair, den tacaíocht ioncaim fosta mhíosúil ó 63518 in 2020 go 82000 ar a laghad in 2024.
290	C11.R2: Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta	Foráil san reacht lena léirítear teacht i bhfeidhm an Reachta maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta				R2	2022	<p>Leagfar amach sa Reacht maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta na híoschaighdeáin cháilíochta le haghaidh soláthar seirbhísí sóisialta.</p> <p>Cumhdófar an méid seo a leanas leis na híoschaighdeáin cháilíochta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- riachtanais ailtireachta saoráidí nua a sholáthraíonn cúram cónaithe, lena n-áirítear maidir leis an líon uasta úsáideoirí in aghaidh na saoráide a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta agus maidir leis an líon uasta úsáideoirí in aghaidh an tseomra leapa. Ní bheidh</li> </ul>

										<p>níos mó ná beirt úsáideoirí in aghaidh an tseomra leapa;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- na seirbhísí sóisialta a sholáthraíonn na saoráidí cúraim lae a ghabhann leis na saoráidí a sholáthraíonn cúram cónaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhairleoireachta agus teiripe a sholáthraítear;</li> <li>- na ceanglais maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar shaoráidí atá ann cheana lena soláthraítear cúram cónaithe, lena n-áirítear tithe cúraim cónaithe do dhaoine scothaosta.</li> </ul> <p>Ina theannta sin, cumhdófar an méid seo a leanas leis an reacht:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- na nósanna imeachta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí sóisialta ag eintitis fhreagracha;</li> <li>- na caihdeáin maidir le cáilíochtaí agus forbairt ghairmiúil an phearsanra a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta.</li> </ul>
291	C11.R2: Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta	Garsprioc	Léarscáil Náisiúnta na Seirbhísí Sóisialta	Léarscáil Náisiúnta na Seirbhísí Sóisialta a glacadh				R2	2025	<p>Beidh an Léarscáil Náisiúnta de Sheirbhísí Sóisialta bunaithe ar anailís ar an tairiscint seirbhísí sóisialta agus ar na riachtanais le haghaidh seirbhísí sóisialta ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach.</p> <p>Bunaithe ar an anailís sin, cumhdófar an méid seo a leanas ar an léarscáil:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- pacáiste na seirbhísí sóisialta ar an leibhéal bardasach agus réigiúnach arna chistiú ó bhuiséad an stáit;</li> </ul>

										- líon uasta úsáideoirí na seirbhísí sóisialta uile dá soláthraítear cistiú ó bhuiséad an stáit.
292	C11.I1: An cúram fadtéarmach a nuachóiriú	Garsprioc	Síniú conarthaí le haghaidh tógáil agus athchóiriú saoráidí a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta	Conarthaí sínithe				R4	2025	<p>Déanfar conraitheoirí a roghnú de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí.</p> <p>Cumhdófar an méid seo a leanas sna conarthaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- oibreacha foirgníochta do 219 mbunaiocht a sholáthraíonn cúram fadtéarmach, 173 díobh sin a sholáthraíonn cúram cónaithe agus 46 díobh chun seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain a sholáthar. Déanfaidh gach bunaiocht a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain comhlánú ar sholáthar seirbhíse bunaiochta amháin a sholáthraíonn cúram cónaithe, agus dá bhrí sin tógfar i i ngaireacht di;</li> <li>- athchóiriú ar 73 theach cúraim cónaithe do dhaoine scothaosta.</li> </ul> <p>Comhlíonfaidh tógáil na mbunaiochtaí nua chomh maith le hathchóiriú na dtithe cúraim cónaithe do dhaoine scothaosta na ceanglais a leagtar amach sa Reacht maidir le Cáilíocht na Seirbhísí Sóisialta agus an anailís ar an tairiscint seirbhísí sóisialta agus ar na riachtanais le haghaidh seirbhísí sóisialta ar an leibhéal</p>

										bardasach agus réigiúnach, lena n-áirítear na suíomhanna, líon na n-úsáideoirí in aghaidh na bunáochta agus líon na n-úsáideoirí a roinneann seomra leapa (garspriocanna 290 agus 291).
293	C11.I1: An cúram fadtéarmach a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Tithe cúraim cónaithe a athchóiriú do dhaoine scothaosta		Líon	0	73	R2	2026	Tar éis conarthaí a shíniú (garsprioc 292), déanfar athchóiriú ar 73 theach cúraim cónaithe atá ann cheana do dhaoine scothaosta.
294	C11.I1: An cúram fadtéarmach a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Bunáochtaí nua a sholáthraíonn seirbhísí sóisialta do dhaoine faoi mhíchumas		Líon	0	219	R2	2026	<p>Tar éis conarthaí a shíniú (garsprioc 292), tógfar 173 bhunáocht nua a sholáthraíonn cúram cónaithe agus 46 bhunáocht nua chun seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.</p> <p>Ina theannta sin, déanfar trealamh, lena n-áirítear troscán, a sheachadadh agus a shuiteáil.</p> <p>Tá coinne leis go soláthróidh na bunáochtaí chun seirbhísí sóisialta speisialaithe agus comhairleacha tionlacain a sholáthar gníomhaíochtaí leordhóthanacha cúraim lae, comhairleoireachta, teiripe agus athshlánaithe, lena gcuirfear chun cinn sealbhú scileanna maireachtála neamhspleácha do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí sna</p>

										bunaíochtaí nuathógtha a sholáthraíonn cúram cónaithe.
296	C11.I1: An cúram fadtéarmach a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Sciar na ndaoine fásta a fhaigheann tacaíocht in institiúidí speisialaithe i gcomparáid leo siúd a fhaigheann tacaíocht i seirbhísí pobalbhunaithe nó sa bhaile		Líon	18,5	5	R2	2026	<p>Leis an táscaire, tomhaisfear an cóimheas idir líon na ndaoine fásta a fhaigheann tacaíocht in institiúidí speisialaithe, eadhon institiúidí do dhaoine fásta faoi mhíchumas agus tithe do dhaoine scothaosta, agus líon na ndaoine fásta a fhaigheann tacaíocht trí sheirbhísí pobalbhunaithe nó sa bhaile.</p> <p>Ina theannta sin, tiocfaidh laghdú ar líon na ndaoine fásta a fhaigheann tacaíocht in institiúidí speisialaithe le linn na tréimhse 2021-2026.</p>
297	C11.I2: Feistí cúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan	Garspríoc	Modheolaíocht chun daoine faoi mhíchumas buan a roghnú	Glactha ag an Aireacht Saothair agus Beartais Shóisialta				R4	2022	<p>Glacfar modheolaíocht lena gcinnefear an nós imeachta roghnúcháin chun feistí cúnta a shannadh do dhaoine faoi mhíchumas buan.</p> <p>Tógfar an mhodheolaíocht i bhfianaise riachtanais sláinte agus shonracha chomh maith le saintréithe sochdhéimeagrafacha na ndaoine faoi mhíchumas buan.</p>
298	C11.I2: Feistí cúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan	Cuspóir sonrach	Daoine faoi mhíchumas buan a bhfuil feistí cúnta faighte acu		Líon	0	2040	R2	2026	Gheobhaidh daoine faoi mhíchumas buan feistí cúnta, amhail ríomhairí braille iniompartha, cathaoireacha rothaí agus feistí dreaptha staighre. Áireofar leis sin suiteáil na bhfeistí cúnta agus soláthar oiliúna lena n-imscaradh.

										Roghnófar tairbhíthe na bhfeistí cúnaimh i gcomhréir leis an modheolaíocht chun daoine faoi mhíchumas buan a roghnú (garsprioc 297).
299	C11.I3: Forbairt an gheilleagair shóisialta	Cuspóir sonrach	6 ionad fócais réigiúnacha a thógáil agus a fheistiú		Líon	0	6	R4	2022	Tabharfar oibreacha tógála agus/nó athchóirithe chun críche i gcás 6 ionad fócais réigiúnacha. Ina theannta sin, déanfar trealamh, lena n-áirítear troscán, a sheachadadh agus a shuiteáil.
302	C11.I3: Forbairt an gheilleagair shóisialta	Garsprioc	Tuarascáil ar na gníomhaíochtaí a rinne na lárionaid fócais	Tuarascáil a fhoilsiú ina leagtar amach gníomhaíochtaí na lárionad fócais				R4	2025	Foilseofar tuarascáil ina soláthrófar anailís ar na seirbhísí a sholáthraíonn na lárionaid fócais d'fhiontair agus d'eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta agus dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear comhairliúcháin, oiliúint, chomh maith le gníomhaíochtaí cur chun cinn a chur ar fáil.  Áireofar sa tuarascáil faisnéis maidir leis na cineálacha seirbhísí, líon na seirbhísí arna soláthar do gach cineál seirbhíse agus na seirbhísí a sholáthraíonn gach lárionad fócais.
303	C11.I4: Nuachóiriú na Gníomhaireachta um Chúnamh Sóisialta	Garsprioc	Síniú conarthaí le haghaidh athchóiriú agus athchóiriú oifigí allamuigh na Gníomhaireachta um Chúnamh Sóisialta	Conarthaí sínithe				R2	2025	Déanfar conraitheoirí a roghnú de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí.  Cumhdófar an méid seo a leanas sna conarthaí: <ul style="list-style-type: none"> <li>- oibreacha athchóirithe;</li> <li>- fearais téimh a sholáthar, a sheachadadh agus a shuiteáil, bearta éifeachtúlachta fuinnimh</li> </ul>

										agus gairis dreaptha staighre a chur chun feidhme.
304	C11.I4: Nuachóiriú na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta	Cuspóir sonrath	Líon na n-aonad críochach de chuid na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta a ndearnadh athchóiriú orthu		Líon	0	181	R4	2025	<p>Tar éis conarthaí a shíniú (garsprioc 303), déanfar aonaid na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta a athchóiriú.</p> <p>Ina theannta sin, suiteálfar fearais atá tíosach ar fhuinneamh.</p> <p>Beidh aonaid na Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta, a chuir bacainní fisiciúla ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas roimh na hoibreacha athchóirithe, faoi réir seachadadh agus suiteáil gaireas dreaptha staighre do dhaoine faoi mhíchumas freisin.</p>
305	C11.I5: Nuachóiriú na Gníomhaireachta Fostaíochta	Garsprioc	Síniú conarthaí chun saoráidí TF agus ríomhsheirbhísí na Gníomhaireachta Fostaíochta a fhorbairt	Conarthaí sínithe				R4	2025	<p>Déanfar conraitheoirí a roghnú de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí.</p> <p>Cumhdófar an méid seo a leanas sna conarthaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- uasghrádú a dhéanamh ar chóras faisnéise an Bhunachair Sonraí Náisiúnta a thacaíonn le seirbhísí chun aistriú i margadh an tsaothair a éascú, lena n-áirítear oiliúint a sholáthar d'fhoireann na Gníomhaireachta Fostaíochta maidir le húsáid an chórais uasghrádaithe. Déanfar an t-ardán a chomhtháthú go hiomlán le córais dhigiteacha gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear córais dhigiteacha na</li> </ul>

										<p>Gníomhaireachta um Chúnadh Sóisialta;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- forbairt an ardáin saotharlainne meaitseála digití, a mheaitseálfaidh próifílí cuardaitheoirí poist le hoiliúint agus/nó folúntais trí algartam tiomnaithe;</li> <li>- forbairt an fheidhmchláir compáis ghairmiúil, ina liostófar oiliúintí poist agus folúntais de réir gairme agus/nó réigiúin agus a chuirfear ar fáil do dhaonra na Bulgáire;</li> <li>- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shruthanna oibre digitithe na Gníomhaireachta. Áireofar ar na sruthanna oibre sin bogearraí a fhorbairt chun torthaí suirbhé ar mhargadh an tsaothair a phróiseáil agus seirbhísí leictreonacha feabhsaithe a fhorbairt maidir le fóirdheontais fostaíochta, oiliúint agus nósanna imeachta clárúcháin do chuardaitheoirí poist.</li> </ul>
306	C11.15: Nuachóiriú na Gníomhaireachta Fostaíochta	Garsprioc	Saoráidí TF na Gníomhaireachta Fostaíochta	Ríomhardáin agus ríomhsheirbhísí forbartha agus ar fáil				R2	2026	<p>Tar éis conarthaí a shíniú (garsprioc 305), déanfar na hardáin leictreonacha agus na ríomhsheirbhísí a fhorbairt agus a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Fostaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, don phobal, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- córas faisnéise an Bhunachair Sonraí Náisiúnta;</li> <li>- an t-ardán saotharlainne meaitseála digití;</li> </ul>

										<ul style="list-style-type: none"> <li>- an feidhmchlár compáis ghairmiúil;</li> <li>- ríomhsheirbhísí a eascraíonn as tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhigitiú shruthanna oibre na Gníomhaireachta.</li> </ul>
307	C11.I6: Forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheach ta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar chreat reachtach an Chiste Náisiúnta Cultúir	Foráil sa reachtaíocht thánaisteach lena sonraítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar chreat reachtach an Chiste Náisiúnta Cultúir				R2	2025	<p>Táthar ag súil go méadóidh na leasuithe éifeachtúlacht agus trédhearcacht an chaiteachais phoiblí ar chultúr agus áireofar iontu na gnéithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- athbhreithniú ar struchtúr eagrúcháin agus bainistíochta an chiste;</li> <li>- sásra chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an chiste</li> </ul> <p>Ina theannta sin, foilseofar córas leictreonach chun próisis riaracháin an Chiste Náisiúnta Cultúir a bhainistiú.</p>
308	C11.I6: Forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheach ta	Cuspóir sonrach	Tacaíocht d' earnáil an chultúir		Líon	0	460	R4	2025	<p>Is mar seo a leanas a sholáthrófar tacaíocht deontais trí scéimeanna deontais arna n-oibriú ag an gCiste Cultúrtha Náisiúnta:</p> <p>— Scéim deontais “Tacaíocht do Chomhar Cultúrtha Eorpach” lena gcothófar rannpháirtíocht léirithe Bulgáracha i bhféilte idirnáisiúnta agus i gcomhléiriúcháin Eorpacha. Áireofar sa scéim deontais dhá ghlaos oscailte ar thograí tionscadail, a mbeidh cómhaoiniú 10 % ar a laghad ó thairbhíthe ag teastáil ina leith. Beidh méid an deontais faoin gcéad ghlaos idir BGN 100000 agus BGN 500000. Beidh méid an deontais faoin</p>

										<p>dara glao idir BGN 70000 agus BGN 142000.</p> <p>— Scéim deontais “Tacaíocht d’Fhorbairt agus do Rochtain ar Lucht Féachana” lena gcothófar dáileadh agus margú ábhair chultúrtha ar fud na críche. Seolfar dhá ghlaio ar a laghad ar thograí tionscadail, lena n-éilítear cómhaoiniú 10 % ar a laghad ó na tairbhíthe. Beidh méid an deontais faoin gcéad ghlaio idir BGN 20000 agus BGN 120000. Beidh méid an deontais faoin dara glao idir BGN 6000 agus BGN 16000.</p> <p>- Scéim deontais ‘Glúin Nua de Bheartais Chultúir Áitiúil’ lena maoiníofar bearta atá dírithe ar eanáilacha cultúrtha agus cruthaitheacha bhardais na Bulgáire. Seolfar dhá ghlaio ar thograí. Díreofar an chéad ghlaio ar bhardais ar lárionaid cheantair iad agus beidh méid an deontais idir BGN 170000 agus BGN 2000000, agus beidh cómhaoiniú 50 % ó na tairbhíthe. Díreofar an dara glao ar bhardaisnach lárionaid cheantair iad agus beidh méid an deontais idir BGN 40000 agus BGN 200000, le cómhaoiniú 25 % ó na tairbhíthe.</p> <p>Roghnófar tairbhíthe le nósanna imeachta iomaíocha bunaithe ar chritéir réamhshainithe.</p>
312	C11.I7: Bailiúcháin	Garspríoc	Lena mbunaítear modheolaíocht	Foilsíú na modheolaíochta aonfhoirmí agus na				R2	2025	Cumhdófar leis an modheolaíocht aonfhoirmeach ainmniú na

	na gcartlann a dhigitíú		aonfhoirmeach agus caighdeán aonfhoirmeacha chun ábhar a dhigitíú	gcaighdeán aonfhoirmeach maidir le digitíú ábhair						gcomhordaitheoirí náisiúnta agus na critéir chun tosaíocht a thabhairt d'ábhar chomh maith le caighdeán aonfhoirmeacha agus cothrom le dáta is infheidhme maidir leis an inneachar a dhéanfar a dhigitíú. Beidh feidhm ag na caighdeán aonfhoirmeacha maidir le digitíú inneachar na músaem, na leabharlann agus na gcartlann.
313	C11.I7: Bailiúcháin na gcartlann a dhigitíú	Garsprioc	Ríomhardán maidir leis an oidhreacht chultúrtha	Ríomhardán maidir leis an oidhreacht chultúrtha forbartha agus ar fáil go poiblí				R4	2025	Soláthróidh an t-ardán leictreonach maidir leis an oidhreacht chultúrtha rochtain ar líne ar ábhar digiteach na músaem, na leabharlann agus na Cartlainne Stáit agus déanfar é a chomhtháthú le tairseach ríomhchultúir na hAireachta Cultúir.
314	C11.I7: Bailiúcháin na gcartlann a dhigitíú	Cuspóir sonrath	Institiúidí a bhfuil ítimí digitithe acu atá ar fáil go poiblí ar an ríomhardán nó trealamh chun an t-inneachar a fhaightear a dhigitíú		Líon	0	40	R2	2026	Déanfar inneachar digitithe 5 chartlann Stáit ar a laghad, lena n-áirítear Cartlann Scannán Náisiúnta na Bulgáire, Teilifís Náisiúnta na Bulgáire, agus Raidió Náisiúnta na Bulgáire, Gníomhaireacht Nuachta na Bulgáire, agus an Ciste Náisiúnta Cartlainne, a chur ar fáil go poiblí ar líne ar an ríomhardán ar an oidhreacht chultúrtha (garsprioc 313).  Ina theannta sin, gheobhaidh 28 músaem agus 7 leabharlann ar a laghad trealamh chun a n-inneachar a dhigitíú.



## **L. COMHPHÁIRT 12: CÚRAM SLÁINTE**

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire feabhas a chur ar sholáthar agus ar infhaighteacht seirbhísí sláinte ar fud na Bulgáire. Cuimsíonn sé sé athchóiriú agus seacht n-infheistíocht.

Áirítear leis an gcomhpháirt infheistíochtaí san earnáil sláinte ar fud na críche, lena n-áirítear nuachóiriú a dhéanamh ar chuid de na hospidéal agus de na saoráidí leighis a sholáthraíonn cúram pédiatraiceach, oinceolaíoch nó síciatrach.

Áirítear sa chomhpháirt freisin aonaid cúraim othar seachtrach a thógáil, córas otharchairr aeir a bhunú, chomh maith le bearta lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais gairmithe cúraim sláinte, lena n-áirítear a ndáileadh geografach neamhchothrom.

Tacófar le feabhas a chur ar an ríomhshláinte agus ar an nuálaíocht dhigiteach i gcúram sláinte trí chur chun feidhme an Chórais Náisiúnta Faisnéise Sláinte a thabhairt chun críche agus trí ardán le haghaidh diagnóisic leighis a fhorbairt.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an gcomhpháirt straitéisí agus pleananna gníomhaíochta atá mar bhonn taca leis na hinfeistíochtaí. Clúdaíonn straitéisí agus pleananna náisiúnta ábhair inní ábhartha bhreise freisin, lena n-áirítear oideachas sláinte i scoileanna agus aosú sláintiúil.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha chun acmhainní airgeadais leordhóthanacha a shlógadh chun athléimneacht, inrochtaineacht agus acmhainneacht an chórais sláinte a neartú, agus chun dáileadh geografach cothrom na n-oibríthe sláinte a áirithiú (moladh tírshonrach 1 2020), chomh maith le feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sláinte agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais gairmithe sláinte (moladh tírshonrach 4 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú 1 (C12.R1): Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú**

Is é is cuspóir don athchóiriú athléimneacht an chórais sláinte in aghaidh suaití a mhéadú, chomh maith le rochtain an daonra ar chúram sláinte ardháilíochta agus tráthúil a mhéadú trí bhonn straitéiseach a chur ar fáil d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe amach anseo agus trí ghníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint.

Áireofar leis an athchóiriú roinnt straitéisí agus pleananna a ghlacadh, eadhon:

- straitéis Sláinte Náisiúnta 2030, a mbeidh sé d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar na dúshlán struchtúracha atá ann cheana in earnáil na sláinte, lena n-áirítear ganntanais gairmithe cúraim sláinte ar fud na críche, trí na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha thar thréimhse 10 mbliana a leagan amach;
- an Straitéis Náisiúnta um Meabhairshláinte Shaoránaigh Phoblacht na Bulgáire 2021-2030, lena soláthrófar moltaí chun comhtháthú seirbhísí síciatracha a chothú i seirbhísí pobalbhunaithe agus i seirbhísí a fhaightear sa bhaile (dí-

institiúidiú), chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na príomhfhadhbanna a bhíonn ag an gcóras cúraim shíciatraigh sa tír, lena n-áirítear trealamh agus saoráidí atá as dáta chomh maith le ganntanas foirne;

- an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Leanaí agus Ógánaigh agus um Chúram Péidiatraiceach i bPoblacht na Bulgáire 2030, lena soláthrófar moltaí spriocdhírthe chun seirbhísí cúraim sláinte do leanaí agus do dhéagóirí a neartú, ag tosú ón toircheas;
- an Straitéis Náisiúnta maidir le Cúram Geiriatrach Sláintiúil agus Aosú i bPoblacht na Bulgáire 2021-2030. Leis an straitéis, cuirfear sraith chuimsitheach moltaí chun cinn lena ndíreofar ar shláinte agus ar fholláine daoine scothaosta, agus treochtaí déimeagrafacha réigiúnacha agus infhaighteacht seirbhísí, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta, á gcur san áireamh.

Déanfar glacadh na straitéisí sin a chomhlánú le pleananna gníomhaíochta tionlacain a ghlacadh chun iad a chur chun feidhme. Cuirfidh na pleananna gníomhaíochta le moltaí na straitéisí chun bearta a leagan amach, lena n-áirítear a n-amlíne.

Áirítear leis an athchóiriú freisin an méid seo a leanas a ghlacadh:

- an Léarscáil Náisiúnta ar Riachtanais Fhadtéarmacha na hearnála cúraim sláinte sa Bhulgáir, lena soláthrófar moltaí maidir le conas dáileadh cothrom seirbhísí cúraim sláinte a chur chun cinn sa Bhulgáir, bunaithe ar anailís a chumhdaíonn saoráidí sláinte i ngach réigiún;
- an Plean Náisiúnta um Ailse a Chomhrac i bPoblacht na Bulgáire 2021-2027, ina leagfar amach bearta arb é is aidhm dóibh minicíocht agus mortlaíocht ailse a laghdú, lena ndíreofar ar ghníomhaíochtaí scagthástála chun ailse a bhrath go luath, chomh maith le teiripí cóireála ailse;

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2025.

### Athchóiriú 2 (C12.R2): Ríomhshláinte agus an Córas Náisiúnta Faisnéise Sláinte a fhorbairt

Is é is cuspóir don athchóiriú forbairt na ríomhsheirbhísí sláinte a chothú.

Áirítear leis an athchóiriú glacadh na Straitéise Náisiúnta um r-Shláinte agus um Dhigitiú an Chórais Sláinte 2021-2030, lena soláthrófar moltaí maidir le digitiú agus comhtháthú seirbhísí sláinte chun éifeachtúlacht agus cumhdach r-Shláinte sa Bhulgáir a mhéadú. Glacfar plean gníomhaíochta freisin ina leagfar amach na bearta chun moltaí na straitéise a chur chun feidhme.

Áirítear leis an athchóiriú freisin nuashonrú ar an gcreat dlíthiúil sa tír maidir le ríomhsheirbhísí sláinte, maidir leis an méid seo a leanas: teilileigheas, lena n-áirítear teileadhiagnóisic agus teileafhaireachán; na téarmaí agus na coinníollacha maidir le hoideasú agus dáileadh táirgí íocshláinte; ríomhthairfid sláinte na saoránach a bhunú agus a chothabháil; chomh maith le próisis oibre an Chórais Faisnéise Sláinte Náisiúnta (NHIS).

Ina theannta sin, leis an athchóiriú, tabharfar cur chun feidhme NHIS chun críche, agus ar an gcaoi sin bunófar timpeallacht dhigiteach aonair chun faisnéis leighis a bhailiú agus a mhalartú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C12.R3): Tarraingteacht gairmeacha cúraim sláinte a fheabhsú agus dáileadh níos cothroime gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud na críche

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar ghanntanais gairmithe cúraim sláinte agus ar a ndáileadh míchothrom ar fud na tíre.

Áireofar leis an athchóiriú forbairt, glacadh agus teacht i bhfeidhm pacáiste reachtaigh agus gníomhaíochtaí eile, lena ndéanfar an méid seo a leanas: cead a thabhairt do ghairmithe leighis, go háirithe altraí agus cnáimhseacha, a gcleachtas féin a chur ar bun; a fhoráil go n-aisíocfaidh an Córas Árachais Sláinte Náisiúnta na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe liachta, go háirithe altraí agus cnáimhseacha, ina gcleachtais; líon na n-áiteanna ollscoile do speisialtóireachtaí altranais a mhéadú; dáileadh níos cothroime oibríthe cúraim sláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar; agus feabhas a chur ar ionadaíocht gairmithe cúraim sláinte sa phróiseas caibidlíochta rialta leis an gCiste Náisiúnta Árachais Sláinte.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 4 (C12.R4): Creat straitéiseach agus plean gníomhaíochta chun infhaighteacht cúraim phríomhúil agus cúram othar seachtrach a mhéadú

Is é cuspóir an athchóirithe bunús a chur ar fáil chun soláthar an chúraim phríomhúil agus an chúraim othar seachtrach a neartú ar fud na críche trí straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta gaolmhar a ghlacadh.

Áireofar leis an athchóiriú Straitéis Náisiúnta a ghlacadh chun Inrochtaineacht agus Cumas Príomhchúraim Neamh-Ospidéil a Fheabhsú agus Dáileadh Críochach Cothrom an Chúraim Leighis agus an Chúraim Sláinte a Áirithiú i bPoblacht na Bulgáire 2021-2027 agus an plean gníomhaíochta chun é a chur chun feidhme. Leagfar amach sa straitéis moltaí chun dáileadh cothrom an chúraim phríomhúil agus an chúraim othar seachtrach sa Bhulgáir a áirithiú, agus leagfar amach sa phlean gníomhaíochta na bearta lena dtugtar aghaidh ar mholtaí na straitéise.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú 5 (C12.R5): Tacú le soláthar feabhsaithe gníomhaíochtaí scagtha coisctheacha

Is é is cuspóir don athchóiriú tacú le héifeachtacht an tsoláthair cúraim sláinte trí phlean a fhorbairt chun gníomhaíochtaí scagthástála ar riochtaí sláinte agus ar ghalair a chur chun cinn ar fud chríoch na Bulgáire.

Áireofar leis an athchóiriú Plean Náisiúnta a fhorbairt agus a ghlacadh chun Scagadh agus Scagadh Cuimsitheach Réamhbhreithe agus Nuabhreithe a Fhorbairt ar Ghalair Shoch-Suntasacha 2021-2027, a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag bunú ionad scagthástála ar fud na críche, lena n-áirítear Lárionad Idirdhisciplíneach Náisiúnta, dá bhforáiltear faoi infheistíocht 7 ‘Cúram othar seachtrach a fhorbairt’.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2023.

### Athchóiriú 6 (C12.R6): Plean d'oideachas sláinte nua-aimseartha i scoileanna

Is é is cuspóir don athchóiriú rannchuidiú le galair sláinte inchoiscthe a laghdú trí oideachas cúraim sláinte a sholáthar i scoileanna.

Is éard atá san athchóiriú Plean don Oideachas Sláinte a fhorbairt agus a ghlacadh i Scoil na Bulgáire 2021-2027. Sonrófar sa phlean bearta chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn i measc mac léinn i réimse na sláinte atáirgthe, i réimse an chothaithe agus i réimse an tomhaltais dhíobhálaigh alcóil agus substaintí sícighníomhacha eile.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

### Infheistíocht 1 (C12.I1): Nuachóiriú saoráidí ospidéil

Comhlánaíonn an infheistíocht athchóiriú 1 'Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú'. Is é is cuspóir dó feabhas a chur ar sholáthar cúraim péidiatraicigh agus oinceolaíoch.

Áireofar leis an infheistíocht soláthar trealamh d'ospidéil a sholáthraíonn cúram péidiatraiceach agus oinceolaíoch.

Cinnfear na saoráidí atá ann cheana lena soláthraítear riachtanais trealamh agus trealamh le haghaidh cúram péidiatraiceach agus/nó oinceolaíoch de chuid gach saoráide ar bhonn mholtaí na Léarscáile Náisiúnta maidir le riachtanais fhadtéarmacha na hEarnála Cúraim Sláinte, chomh maith le critéir ábhartha eile, go háirithe ceadanna eisithe chun gníomhaíochtaí áirithe a fheidhmiú, amhail radaiteiripe, i gcás inarb ábhartha.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht 2 (C12.I2): Ionaid le haghaidh diagnóis idirghabhála agus cóireáil ionshoithíoch ar ghalair cheirbrovasacha

Is é cuspóir na hinfeistíochta soláthar cúraim sláinte le haghaidh galair cheirbrovasacha a neartú.

Bunófar leis an infheistíocht ionaid speisialaithe in ospidéil. Beidh na hionaid feistithe chun diagnóis agus cóireáil idirghabhálach a dhéanamh ar ghalair cheirbrovasacha.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht 3 (C12.I3): Cúram síciatrach a nuachóiriú

Comhlánaíonn an infheistíocht athchóiriú 1 'Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú' agus go háirithe 'Straitéis Náisiúnta um Meabhairshláinte Shaoránaigh Phoblacht na Bulgáire 2021-2030' agus an plean gníomhaíochta gaolmhar. Is é is cuspóir don infheistíocht feabhas a chur ar na dálaí d'othair atá san ospidéal, feabhas a chur ar threalamh agus ar bhonneagair roinnt saoráidí a sholáthraíonn cúram síciatrach atá as dáta.

Is éard atá i gceist leis an mbeart saoráidí a athchóiriú agus a fheistiú lena soláthraítear cúram síciatrach. Cinnfear na saoráidí a ndéanfar athchóiriú orthu agus a gheobhaidh trealamh chomh maith leis na riachtanais trealamh atá ag gach ceann de na saoráidí sin ar bhonn anailise ar riachtanais na saoráidí a sholáthraíonn cúram síciatrach.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 4 (C12.I4): Córas otharchairr aeir a bhunú

Is é cuspóir na hinfeistíochta córas otharchairr aeir a bhunú. Áirítear leis sin héileacaptair a cheannach chun cúnaimh leighis éigeandála a sholáthar, i gcás ina bhfuil gá le hiompar tapa láithreach, chomh maith le láithreáin oibríochtúla ina bhfuil haingir a thógáil do na héileacaptair.

Leis an gcóras otharchairr aeir sin, déanfar foráil maidir le hiompar daoine a ndéanann cás éigeandála, pearsanra liachta agus soláthairtí leighis difear dóibh.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 5 (C12.I5): Ardán digiteach náisiúnta le haghaidh diagnóisic leighis

Is é cuspóir na hinfeistíochta diagnóisic leighis a fheabhsú.

Leis an infheistíocht, bunófar ardán digiteach le haghaidh diagnóisic leighis, lena gcothófar diagnóisic dhigiteach ar fud speisialtachtaí leighis trí phróiseáil sonraí a chumasú trí algartaim mheaisínfhoghlama bhailíochtaithe. Cuirfear an t-ardán ar fáil do shaoráidí cúraim sláinte, lena gcuimsítear ospidéal, clinicí, saotharlanna agus aonaid othar seachtrach, agus atá ag feidhmiú i réimsí na hoinceolaíochta, na raideolaíochta diagnóisic, na deirmeolaíochta agus na paiteolaíochta agus déanfar é a chomhtháthú sa Chóras Náisiúnta Faisnéise Sláinte (NHIS), rud a chomhlánóidh athchóiriú 2 ‘Ríomhshláinte agus an Córas Náisiúnta Faisnéise Sláinte a fhorbairt’.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht 7 (C12.I7): Cúram othar seachtrach a fhorbairt

Comhlánaíonn an infheistíocht Athchóiriú 3 ‘Feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha cúraim sláinte agus dáileadh níos cothroime gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud na críche’, Athchóiriú 4 ‘infhaighteacht cúraim choiscthig agus othar seachtrach a mhéadú’, agus Athchóiriú 5 ‘Feabhas a chur ar sholáthar gníomhaíochtaí scagtha coisctheacha’. Is é is cuspóir dó cúram coisctheach agus cúram othar seachtrach a chothú.

Is éard atá i gceist leis 100 aonad leighis d’othair sheachtracha ar a laghad nó coimeádáin otharlainne shoghluaiste nó iad araon a thógáil nó a athchóiriú i limistéir thearcsheirbhíse sa Bhulgáir agus Lárionad Idirdhisciplíneach Náisiúnta a bhunú. Beidh na haonaid othar seachtrach feistithe agus beidh foireann acu, chun seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar.

Roghnófar suíomhanna na n-aonad ar bhonn na Léarscáile Náisiúnta maidir le riachtanais fhadtéarmacha na hEanála Cúraim Sláinte agus critéir ábhartha eile, lena n-áirítear an gá na réimsí is tearcsheirbhíse a chumhdach, agus béim á leagan ar na réimsí nach bhfuil rochtain acu ar chúram sláinte laistigh de raon réasúnta, mar a shaináithnítear trí úsáid a bhaint as sonraí ón Daonáireamh agus ón Aireacht Sláinte.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### **L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
315	C12.R1: Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú	Garsprioc	Straitéis Náisiúnta um Meabhairshláinte Shaoránaigh Phoblacht na Bulgáire 2021-2030 agus plean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme na straitéise	Glacadh na straitéise agus an phlean gníomhaíochta ag Comhairle na nAirí				R2	2021	<p>Leagfar amach sa Straitéis Náisiúnta um Meabhairshláinte Shaoránaigh Phoblacht na Bulgáire 2021-2030 na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha thar thréimhse 10 mbliana agus soláthrófar moltaí inti lena gcumhdófar an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- cúram síciatrach a chomhtháthú i soláthar seirbhíse pobalbhunaithe agus baile (dí-institiúidiú) do dhaoine a bhfuil meabhairghalar agus neamhoird itheacháin orthu;</li> <li>- ganntanais foirne atá ag obair i réimse na meabhairshláinte;</li> <li>- riachtanais athchóirithe na saoráidí a sholáthraíonn cúram síciatrach.</li> </ul> <p>Leis an bplean gníomhaíochta, ceapfar bearta agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a n-amlíne, chun moltaí na straitéise a chur chun feidhme.</p>
316	C12.R1: Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú	Garsprioc	Léarscáil Náisiúnta de Riachtanais Fhadtéarmacha na hEarnála Cúraim Sláinte	Glactha ag Comhairle na nAirí				R3	2022	<p>Áireofar sa Léarscáil Náisiúnta de na Riachtanais Fhadtéarmacha don Earnáil Cúraim Sláinte anailís ar riachtanais an chórais cúraim sláinte ar fud chríoch na Bulgáire.</p> <p>Cumhdófar an méid seo a leanas san anailís:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- infhaighteacht cúraim ospidéil agus othar seachtrach ar fud na críche;</li> <li>- an gá atá le saoráidí nua cúraim sláinte, lena n-áirítear saoráidí cúraim othar seachtrach;</li> </ul>

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<ul style="list-style-type: none"> <li>- ganntanais gairmithe leighis;</li> <li>- riachtanais athchóirithe agus trealaimh na saoráidí cúraim sláinte, lena n-áirítear saoráidí cúraim othar seachtrach;</li> <li>- faisnéis ábhartha faoi bhardais na Bulgáire lena n-áirítear saintréithe déimeagrafacha an daonra; cumhdach árachais sláinte chomh maith le rátaí galracha agus mortlaíochta.</li> </ul> <p>Bunaithe ar an anailís sin, soláthrófar moltaí sa léarscáil freisin maidir le conas dáileadh cothrom seirbhísí sláinte a chur chun cinn sa Bhulgáir.</p>
317	C12.R1: Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú	Garsprioc	Straitéis Sláinte Náisiúnta 2030	Glacadh na straitéise				R3	2022	<p>Leagfar amach i Straitéis Sláinte Náisiúnta 2030 na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha thar thréimhse 10 mbliana agus soláthrófar moltaí inti chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán struchtúracha reatha an chórais sláinte.</p> <p>Tabharfar aghaidh sna moltaí ar an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- míchothromaíochtaí réigiúnacha maidir le soláthar seirbhísí cúraim sláinte;</li> <li>- seirbhísí a leithdháileadh idir cúram ospidéal agus cúram othar seachtrach, maidir le cosc, gníomhaíochtaí athshlánaithe, chomh maith le cúram fadtéarmach;</li> <li>- táscairí feidhmíochta a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ar bhainistiú na seirbhíse sin;</li> </ul>

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>- ganntanais agus dáileadh gairmithe sláinte ar bhonn na hanailíse sa Léarscáil Náisiúnta (garsprioc 316).</p> <p>Glacfaidh Comhairle na nAirí plean gníomhaíochta lena gcumhdófar an tréimhse 2023-2026. Ceapfaidh sé bearta agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a n-amlíne, chun moltaí na straitéise a chur chun feidhme.</p>
318	C12.R1: Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú	Garsprioc	Straitéis Náisiúnta um Shláinte Leanaí agus Ógánaigh agus um Chúram Péidiatraiceach i bPoblacht na Bulgáire 2030	Glacadh na straitéise				R4	2022	<p>Leagfar amach sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Leanaí agus Ógánaigh agus um Chúram Péidiatrach i bPoblacht na Bulgáire 2030 na spriocanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha thar thréimhse 10 mbliana agus soláthrófar moltaí inti lena gcumhdófar an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- inrochtaineacht diagnóise agus cóireálacha atá dírithe ar leanaí agus ar dhéagóirí, lena n-áirítear saintrealamh leighis péidiatraiceach i saoráidí sláinte;</li> <li>- tionscnaimh ardaithe feasachta agus tionscnaimh choisc, lena n-áirítear do thuismitheoirí agus i ndáil le toircheas;</li> <li>- cúram pátrúnachta réigiúnach agus soláthar seirbhísí sláinte comhairleoireachta.</li> </ul> <p>Glacfaidh Comhairle na nAirí plean gníomhaíochta lena gcumhdófar an tréimhse 2023-2025. Ceapfaidh sé bearta agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a n-amlíne, chun moltaí na straitéise a chur chun feidhme.</p>

Sraith Ó THU AIDH	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (i gcás garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (i gcás spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
319	C12.R1: Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú	Garspríoc	Plean Náisiúnta chun an Ailse a Chomhrac i bPoblacht na Bulgáire 2021-2027	Glactha ag Comhairle na nAirí				R4	2022	Leagfar amach sa Phlean Náisiúnta chun an Ailse a Chomhrac i bPoblacht na Bulgáire 2021-2027 bearta chun feabhas a chur ar an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>- ailse a bhrath go luath trí ghníomhaíochtaí scagthástála;</li> <li>- infhaighteacht agus cruinneas diagnóisice ailse;</li> <li>- rochtain ar chóireálacha agus éifeachtacht na gcóireálacha sin;</li> <li>- dea-bhail na n-othar ailse agus na ndaoine a tháinig slán ón ailse.</li> </ul>
